

RSA



# RIALACHA AN BHÓTHAIR

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre  
Road Safety Authority

# FEACHTAS CHUN DAOINE A SHÁBHÁIL

Earráidí an tiománaí is cúis le thart ar 90% de thimpistí bóthair.  
Sábhálfar daoine má chuirimid feabhas ar ár gcuid scileanna tiomána.



Ná bíodh moill ort go brách ag brú ar na coscáin  
ag dul timpeall coirnéil.  
Moilligh roimh an gcasadh.



Ná gearr an coirnéal riamh  
is tú ag casadh ar dheis.



Fan siar ó fheithicil eile,  
ná bí buailte ar an bhfeithicil romhat.



Ná téigh thar carr eile go brách  
ar líne bhán leanúnach.



Ná tabhair comhartha go bhfuil tú ag dul  
ag imeacht den timpeallán go dtí go mbeidh an  
bealach amach roimh do cheannsa caite agat.



Ag dul ar mhótarbhealach duit,  
ní mór duit géilleadh don trácht atá air cheana.

**D'FHEADFADH RUD AR BITH TARLÚ!**

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar [www.rulesoftheroad.ie](http://www.rulesoftheroad.ie)

RSA

# Clár na nÁbhar



Réamhfhocal		7
Réamhrá		8
<b>Cuid 1:</b>	<b>Ceadúnais tiomána agus catagóirí feithiclí</b>	<b>11</b>
	Catagóirí feithiclí agus aois íosta don chéad chead foghlaimeora	11
	Coinníollacha a bhaineann le catagóirí	14
	Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (CPC Tiománaí)	15
	Cead foghlaimeora	17
	Má théann do chead foghlaimeora in éag	21
	‘An riail sé mhí’	21
	Ceadúnas tiomána iomlán	22
	Ceadúnas tiomána a iompar	24
	An tástáil náisiúnta carranna	26
<b>Cuid 2:</b>	<b>An tiománaí faoi oiliúint</b>	<b>29</b>
	Coinníollacha do shealbhóirí cead foghlaimeora	29
	Má théann do chead foghlaimeora in éag	32
<b>Cuid 3:</b>	<b>An tástáil tiomána</b>	<b>34</b>
	Conas iarratas a dhéanamh ar do thástáil tiomána	34

<b>Cuid 4:</b>	<b>Sábháilteacht feithiclí</b>	<b>40</b>
	Boinn	41
	Soilse agus frithchaiteoirí	42
	Gaothscáthanna	44
	Scátháin	44
	Criosanna sábhála	45
	Córais srianta sábháilteachta do leanaí	46
	Racaí dín agus boscaí dín	49
	Plátaí clárúcháin feithiclí	49
	Freagrachtaí sábháilteachta eile	49
<b>Cuid 5:</b>	<b>Cleachtas maith tiomána</b>	<b>51</b>
	Ag bogadh leat	51
	Do shuíomh ar an mbóthar	52
	Ag athrú lánaí tráchta	55
	Scoitheadh	56
	Cúlú	58
	U-chasadh	58
	Ag moilliú anuas nó ag stopadh ar thaobh an bhóthair	59
	Ag tarraingt	60
	Ag tiomáint san oíche	62
	An bonnán a úsáid	65
<b>Cuid 6:</b>	<b>Comharthaí tráchta agus marcanna bóthair</b>	<b>66</b>
	Comharthaí Rialála	66
	Comharthaí Stop agus Géill Slí	69
	Comharthaí rialaithe lánaí tráchta	69
	Sráideanna Aontreo	71
	Marcanna Bóthair	72
	Comharthaí Rabhaidh	75
	Comharthaí eolais	78

	Comharthaí maidir le moilliú tráchta	82
	Comharthaí speisialta agus marcanna do bhusanna, tramanna, iarnród agus iarnród éadrom	83
	Comharthaí bus	83
	Comharthaí tramanna agus iarnróid éadrom	85
	Crosairí Comhréidh Iarnróid	88
	Droichid iarnróid agus struchtúir in airde	99
	Comharthaí tolláin bóthair	102
<b>Cuid 7:</b>	<b>Soilse agus comharthaí tráchta</b>	<b>105</b>
	Comharthaí Tráchta	105
	Comharthaí ag tiománaithe agus ag rothaithe	107
	Comharthaí Láimhe	108
<b>Cuid 8:</b>	<b>Teorainneacha Luais</b>	<b>111</b>
	Ag tiomáint go sábháilte sa trácht - riail an dá soicind	112
	Teorainneacha Luais	113
	Teorainneacha luais ar bhóithre	113
	Teorainneacha luais d'fheithiclí	117
	Achar Stoptha do Charranna	118
<b>Cuid 9:</b>	<b>Acomhail agus timpealláin</b>	<b>123</b>
	Acomhail	123
	Acomhail bosca bhuí	129
	Acomhail agus débhealaí	130
	Timpealláin	132
<b>Cuid 10:</b>	<b>Páirceáil</b>	<b>136</b>
	Páirceáil	136

<b>Cuid 11:</b>	<b>Mótarbhealaí agus tolláin</b>	<b>143</b>
	Rialacha ginearálta	145
	Teorainneacha luais ar an mótarbhealach	145
	Ag dul isteach ar an mótarbhealach	146
	Ar an mótarbhealach	146
	An mótarbhealach a fhágáil	151
	Limistéir scíthe, leataoibh agus seirbhísí ar an mótarbhealach	151
	Stopadh agus páirceáil	153
	Cad ba chóir a dhéanamh má bhriseann d'fheithicil síos	154
	Tolláin	158
<b>Cuid 12:</b>	<b>Ag cuidiú leis na Gardaí</b>	<b>163</b>
	Comharthaí	163
	Treoracha	164
	Cad ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn feithicil éigeandála ag déanamh ort	166
<b>Cuid 13:</b>	<b>Fachtóirí a chuireann isteach ar thiomáint go sábháilte</b>	<b>168</b>
	Alcól	168
	Drugaí	170
	Tuirse agus traochadh tiománaí	171
	Buile bhóthair agus tiomáint ionsaitheach	173
	Bruscar	173
<b>Cuid 14:</b>	<b>Cad is cóir a dhéanamh ag suíomh taisme</b>	<b>174</b>
	Cad ba chóir do thiománaithe a dhéanamh i gcás taisme nó i gcás éigeandála	174
	Cad ba chóir a dhéanamh má thagann tú ar thaisme	176
	Taismí a mbíonn earraí contúirteacha i gceist iontu	177
<b>Cuid 15:</b>	<b>Pointí pionóis, muirir sheasta agus cosc ar thiomáint</b>	<b>179</b>
	Pointí Pionóis	180
	An Córas muirir sheasta	181
	Cosc ar thiomáint	182

<b>Cuid 16:</b>	<b>Rialacha do ghluaisrothaithe</b>	<b>183</b>
	Ceadúnas	183
	Árachas agus cáin	183
	Paisinéirí a iompar	184
	Trealamh cosanta pearsanta	186
	Gluaisrothar a thiomáint	189
	Bearta chun teacht slán mar ghluaisrothaí	191
<b>Cuid 17:</b>	<b>Rialacha do rothaithe</b>	<b>192</b>
	Do rothar a choinneáil inaistir	192
	Seicliosta maidir le rothair	193
	Éadaí agus trealamh cosanta	194
	Leantóirí Rothair	194
	Ag rothaíocht go sábháilte	195
	Rialacha ar raonta rothaíochta do lucht úsáidte bóithre	198
	Cionta rothaíochta a áirítear i gcóras na muirear seasta	200
	Rothaithe ar thimpealláin	201
<b>Cuid 18:</b>	<b>Rialacha do choisithe</b>	<b>202</b>
	Ag siúl in aice an bhóthair nó ar an mbóthar	202
	Ag transnú an bhóthair	202
	Bí airdeallach in aice le busanna agus le tramanna	203
	Áiteanna a bhfuil sé sábháilte an bóthar a thrasnú	203
<b>Cuid 19:</b>	<b>Meas a bheith agat ar lucht úsáidte bóithre eile</b>	<b>207</b>
	Coisithe	207
	Rothaithe agus gluaisrothaithe	210
	Raonta rothaíochta agus páirceáil	212
	Trácht ainmhithe	212

<b>Cuid 20:</b>	<b>Úsáideoirí bóthair eile</b>	<b>213</b>
	Feithiclí na seirbhísí éigeandála	213
	Daoine agus innealra talmhaíochta in úsáid acu	213
	Daoine i bhfeighil ainmhithe	214
<b>Cuid 21:</b>	<b>Comharthaí tráchta rialála</b>	<b>216</b>
<b>Cuid 22:</b>	<b>Comharthaí tráchta rabhaidh</b>	<b>221</b>
<b>Cuid 23:</b>	<b>Comharthaí rabhaidh maidir le hoibreacha bóthair</b>	<b>225</b>
<b>Cuid 24:</b>	<b>Comharthaí eolais</b>	<b>228</b>
<b>Cuid 25:</b>	<b>Comharthaí mótarbhealaigh</b>	<b>231</b>
<b>Aguisín 1:</b>	<b>Liosta de na riachtanais don tuairisc leighis</b>	<b>233</b>
<b>Aguisín 2:</b>	<b>Dlíthe a chlúdaíonn trácht ar bhóithre agus sábháilteacht</b>	<b>235</b>
<b>Aguisín 3:</b>	<b>Láithreáin Gréasáin úsáideacha</b>	<b>245</b>
<b>Aguisín 4:</b>	<b>Pointí pionóis agus cionta lena mbaineann muirear seasta</b>	<b>247</b>
<b>Aguisín 5:</b>	<b>Feithiclí ionadaíocha don tástáil tiomána</b>	<b>253</b>
<b>Gluais</b>		<b>257</b>
<b>Innéacs</b>		<b>261</b>

# Réamhfhocal



Is é an cuspóir atá le Rialacha an Bhóthair saol daoine a shábháil agus cosc a chur ar ghortuithe ar na bóithre. Baineann na rialacha le gach duine a úsáideann an bóthar: tiománaithe, coisithe, gluaisrothaithe, marcaigh capall, rothaithe agus daoine a bhíonn i bhfeighil ainmhithe.

Iarrann na rialacha orainn freagracht phearsanta a ghlacadh as an tslí a úsáidimid an bóthar, agus trí sin a dhéanamh a bheith inár n-úsáideoirí bóithre níos fearr, níos sábháilte agus níos freagraí go sóisialta.

Tá Rialacha an Bhóthair leagtha amach ar bhealach atá éasca le léamh agus scríofa i nGaeilge atá sothuigte. Is tusa atá freagrach as na rialacha a léamh agus iad a bheith ar eolas agat. Tá gluais de na téarmaí a úsáidimid ar leathanach 256. Cuideoidh na téarmaí leat. Tá na rialacha foilsithe i mBéarla freisin.

Cloíonn na rialacha leis an Dlí um Thrácht ar Bhóithre amhail an 1 Meitheamh 2019 agus léirítear an dlí sin iontu. Tá trácht curtha isteach againn sna codanna cuí, áit ar bith a bhfuil a fhios againn go bhfuil athruithe tagtha ar an dlí, chun go mbeidh tú ar an eolas faoi na hathruithe sin. **Tá sé tábhachtach** féachaint ar an gcuid iomchuí de láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) chun eolas nuashonraithe a fháil.

Is féidir linn saol daoine a shábháil agus cosc a chur ar ghortuithe ach ár n-iompar féin a athrú. Trí na rialacha seo a léamh agus iad a chur i bhfeidhm, cuideoidh tú linne an sprioc sin a bhaint amach.

Is fúinne atá sé a bheith freagrach.

Tá an rogha againn.

# Réamhrá

Baineann rialacha an bhóthair le gach duine a úsáideann an bóthar - tiománaithe, coisithe, gluaisrothaithe, marcaigh capall, rothaithe agus daoine a bhíonn i bfeighil ainmhithe – mar shampla, daoine a bhíonn ag siúl le madraí. **Ní foláir** duit eolas maith a bheith agat ar na rialacha seo chun ceadúnas tiomána a fháil. Ní stophtar den fhoghlaim maidir le sábháilteacht ar bhóithre nuair a phasáiltear an tástáil tiomána. Maireann sé ar feadh do shaoil.

Is é aidhm foriomlán an leabhair seo sábháilteacht a chur chun cinn, dea-chleachtas tiomána agus cúirtéis a chleachtadh agus tú ar an mbóthar agus sin a dhéanamh de réir an dlí. Is léirmhíniú ar an dlí atá ann ó thaobh sábháilteacht ar bhóithre de; ní ionann é agus an dlí. Má bhíonn aon cheist agat ba chóir duit féachaint ar an reachtaíocht bhunaidh nó ceist a chur ar Gharda.

Ní mór duit cur le do chuid scileanna agus leis an eolas atá agat go leanúnach agus a bheith ar an eolas faoi athruithe a dhéanfar ar dhlíthe trácht ar bhóithre. Sin é an fáth ba chóir duit tuiscint a bheith agat ar na rialacha seo agus cloí leo cibé an ag foghlaim atá tú nó gurbh amhlaidh go bhfuil tú ag tiomáint le blianta fada.

Baintear leas sa leabhar seo as an gcur chuige ‘conas rud éigin a dhéanamh’ agus clúdaítear ann go leor de na nithe atá aitheanta mar fhachtóirí i dtionóiscí bóthair. Baintear leas as trí mhodh chun a léiriú go soiléir agus go beacht mar a fheidhmíonn an dlí maidir le gach duine a úsáideann an bóthar.

- Úsáidtear **ní foláir** agus **níor chóir** chun aird a tharraingt ar iompar a éilíonn an dlí go soiléir agus na nithe sin a bhfuil cosc orthu leis.
- Úsáidtear téarmaí amhail **ba cheart** agus **níor cheart** lena chur in iúl duit mar is ceart duit a dhéanamh i gcás nach bhfuil aon riail i bfeidhm ina leith sa dlí.
- Léirítear agus déantar cur síos ar na soilse tráchta, marcanna bóthair agus na comharthaí a úsáidtear chun trácht a rialú.

Tá ról ríthábhachtach agatsa i dtaobh tuairt a chosc. Beidh éifeacht níos mó ag baint le polasaithe sábháilteachta ar bhóithre má tá na rialacha bóthair ar eolas agat, má chleachtann tú scileanna tiomána maithe agus má thugann tú aire ar an mbóthar.

Á éifeachtaí atá na polasaithe is ea is mó tionchar dearfach a bheidh ann duitse agus do do theaghlach, chomh maith le do shaol gach uile duine eile.

Mar shampla, d’fhéadfadh difríocht de 5km san uair i do chuid luais difríocht a dhéanamh idir bás agus beatha úsáideora bóithre leochailigh amhail coisí. Léiríonn taighde:

- dá mbuailfeadh carr coisí ag luas 60km san uair, mharófaí 9 gcoisí as 10;
- dá mbuailfeadh carr coisí ag luas 50km san uair, mharófaí 5 as 10 gcoisí;
- dá mbuailfeadh carr coisí ag luas 30km san uair, mharófaí 1 as 10 gcoisí.

Foinse: RoSPA UK agus NRH Ireland

Tá roinnt scileanna ann a ghlactar leis ba chóir a bheith ag úsáideoirí bóithre, go háirithe tiománaithe: Táthar ag súil go bhfuil tiománaithe:

- in ann gníomhú go freagrach;
- in ann faire amach do ghuaiseacha agus
- freagairt mar is cóir dóibh; dianmhachnamh maith agus
- leibhéal maith de shaineolas agus rialú tiomána acu.

Ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre, ní mór duit a bheith ar an eolas faoin tábhacht atá le heolas maith a bheith agat ar an leabhar seo agus an t-eolas sin a chur i ngníomh mar is ceart.

Clúdaítear leis an leabhar seo na dlíthe tráchta ar bhóithre atá i bhfeidhm, ach déanfar é a thabhairt cothrom le dáta go rialta sa todhchaí chun aon dlíthe nua a chur san áireamh.

Ní gá go ndéanfaí tú a ionchúiseamh sa chás nach ndéanann tú de réir Rialacha an Bhóthair. Ach sa chás go mbeidh baint agat le cás cúirte sibhialta nó coiriúil, féadfar féachaint ar do mhainneachtain déanamh de réir na rialacha lena chinntiú cibé an bhfuil nó nach bhfuil tú freagrach.

Tá an dlí ar úsáid an bhóthair athraithe go mór le himeacht na mblianta, agus sin mar a leanfaidh sé. Is ionann an chiall is bunúsaí atá leis an dlí ar úsáid an bhóthair agus cosaint a thabhairt d'úsáideoirí bóithre, agus déantar sin le trí riail bunúsacha.

## Riail a hAon

Ba chóir go mbeadh tú ábalta stoptha i gcónaí in achar a bhfuil feiceáil maith agat. Ba chóir go mbeadh tú in ann an carr nó aon fheithicil eile a smachtú chun go mbeidh tú ábalta stoptha gan cur as d'aon duine eile atá ar mbóthar.

Ciallaíonn an riail seo nach mór duitse a bheith ar an airdeall i gcónaí agus a bheith cúramach agus aird mar is cúí a chleachtadh de shíor.

## Riail a Dó

Ba chóir duit aird mar is cúí a thabhairt ar na coinníollacha bóthair atá ann agus tú ag tiomáint. Is ionann sin agus a rá a bheith ciallmhar agus aird a bheith agat ar na factóirí a mbeadh tionchar acu ar do chumas tiomáint go slán sábháilte ar an mbóthar. Mar shampla, an aimsir, an cineál bóthair atá ann, an bhail atá ar an mbóthar, an t-am den lá, an méid solais atá agat.

## Riail a Trí

Bíodh aird mar is cuí agat i gcónaí agus tú ag tiomáint ar na húsáideoirí bóithre eile. Bí ar an airdeall faoi na nithe uile atá in ann athrú agus tú ar thuras. Mar shampla, an méid tráchta agus luas an tráchta. An bhfuil coisithe, rothaithe nó ainmhithe ann? Cad atá ar bun acu? Ní féidir leat a thuar nó glacadh leis gur agatsa atá an tosaíocht; ní mór duit gach duine eile atá ar an mbóthar a chur san áireamh. Is fút féin atá sé má roghnaíonn tú neamhaird a thabhairt ar na rialacha bunúsacha ach is ar do phriacal féin a bheidh sé.

D'fhéadfadh roinnt úsáideoirí bóithre an cinneadh a dhéanamh neamhaird a thabhairt ar na bunrialacha, ach déanann tú é sin ar do phriacal féin. Má thugann tú neamhaird ar na rialacha d'fhéadfá staid chontúirteach a chruthú ina mbeadh tú féin agus do phaisinéirí agus úsáideoirí bóithre eile i mbaol. Seans go mbeadh mar thoradh air sin go mbeifeá ag briseadh an dlí coiriúil agus d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh. Dá mbeifeá páirteach in éileamh sibhialta féadfaidh breitheamh a mhaíomh gur tusa a bhí freagrach.

Ar mhaithe leat féin ba chóir duit cloí leis na prionsabail bunúsacha agus tú ar an mbóthar.

Má chloíonn tú leis na trí riail bhunúsacha seo cuideoidh sin chun tusa, do mhuintir, do chairde agus na húsáideoirí bóithre eile a choinneáil slán sábháilte.

Mura ndéanann tú de réir an dlí tráchta ar bhóithre, d'fhéadfaí fineáil a ghearradh ort, pointí pionóis a fháil agus tú a chiontú sa chúirt.

Féadfar tú a dícháiliú ó thiomáint agus i roinnt cásanna téarma próisúin a ghearradh ort.

Oibreoidh na polasaithe agus na dlíthe maidir le sábháilteacht ar bhóithre sa tír ach tacaíocht a bheith acu ó gach úsáideoir bóithre.

### CUIMHNIGH

**Is scil saoil é tiomáint a éilíonn d'aird iomlán agus caithfear a bheith ag foghlaim ar feadh an tsaoil le cabhrú leat a bheith sábháilte.**

Féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) chun eolas cothrom le dáta a fháil.

Cuid 1:

## Ceadúnais tiomána agus catagóirí feithiclí




Ní **mór duit** ceadúnas tiomána reatha nó cead foghlaimeora a bheith agat sula dtiomáineann tú mótارفهithicil in áit phoiblí. Níl sé de chead agat ach an cineál feithicle a bhfuil ceadúnas nó cead foghlaimeora agat ina leith a thiomáint. Agus ní mór duit do cheadúnas tiomána nó do chead foghlaimeora a bheith ar iompar agat i gcónaí agus tú ag tiomáint.

Déantar cur síos sa chuid seo maidir le cathain agus conas iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nó do cheadúnas tiomána a athnuachan. Déantar cur síos ann leis ar na catagóirí éagsúla feithiclí lena mbaineann na ceadúnais.

## Catagóirí feithiclí agus aois íosta don chéad chead foghlaimeora

Sa tábla a leanas, léirítear na cineálacha feithiclí is féidir leat a thiomáint faoi gach catagóir ceadúnais nó cead foghlaimeora agus an aois **nach mór** duit a bheith sula ndéanann tú iarratas ar an gcéad chead foghlaimeora sa chatagóir iomchuí.

### Catagóirí Feithiclí/Aois Íosta Tiománaí/Srianta

Catagóir Ceadúnais	Tuairisc ar an gcatagóir ón 19 Eanáir 2013	Aois íosta
 AM	Móipéidí.	16 mbliana
 A1	Gluaisrothair nach sáraíonn a gcumas innill 125 ceintiméadar ciúbach, agus nach sáraíonn a ráta cumhachta 11 kW agus nach sáraíonn a gcóimheas meáchain 0.1 kW/kg. Mótar trírothach nach sáraíonn a ráta cumhachta 15 kW.	16 mbliana
 A2	Gluaisrothair nach sáraíonn a ráta cumhachta 35 kW, agus nach sáraíonn a gcóimheas cumhachta agus meáchain 0.2 kW/kg agus nach dtagann ó fheithicil níos mó ná dhá oiread a cumhachta.	18 mbliana

	Catagóir Ceadúnais	Tuairisc ar an gcatagóir ón 19 Eanáir 2013	Aois Íosta
	A	Gluaisrothair Mótar trírothach	24 mbliana nó 20 agus rochtain fhorchéimnitheach (féach leathanach 38). Níl daoine faoi 21 incháilithe chun mótar trírothach a thiomáint.
	B	Feithiclí (seachas gluaisrothair, móipéidí, feithiclí oibre nó tarracóirí talún) nach sáraíonn a nUasmhais Údaraithe (MAM) 3,500 kg, agus nach féidir níos mó ná 8 nduine a iompar anuas ar an tiománaí agus nuair nach sáraíonn meáchan MAM an leantóra 750kg, agus nuair nach sáraíonn ollmheáchan ceaptha feithicle na feithicle tarraingthe agus an leantóra i gcomhar 3,500kg. Tá cuadrothair (seachas na cinn a chlúdaítear faoi chatagóir AM) clúdaithe faoin gcatagóir seo freisin.	17 mbliana
	BE	Feithiclí tarraingthe i gcatagóir B i gcomhar leis an leantóir nach sáraíonn MAM an leantóra 3,500 kg.	17 mbliana
	W	Feithiclí oibre agus tarracóirí talún.	16 mbliana
	C	Feithiclí seachas na cinn i gcatagóirí D1 nó D, nó feithiclí oibre nó tarracóirí talún, a sáraíonn a MAM 3,500kg agus atá deartha agus tógtha chun líon nach mó ná 8 nduine a iompar, anuas ar an tiománaí; is féidir mótarfeithiclí sa chatagóir seo a cheangal le leantóir lena bhfuil MAM nach sáraíonn 750kg	21 mbhliain nó 18 le Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC)

Catagóir Ceadúnais	Tuairisc ar an gcatagóir ón 19 Eanáir 2013	Aois Íosta
	CE Feithiclí tarraingthe i gcatagóir C i gcomhar leis an leantóir nach sáraíonn MAM an leantóra 750 kg.	21 mbliana nó 18 le CPC
	C1 Feithiclí seachas na cinn i gcatagóirí D1 nó D, nó feithiclí oibre nó tarracóirí talún, a sáraíonn a MAM 3,500kg ach nach sáraíonn 7,500kg agus atá deartha le líon nach mó ná 8 nduine a iompar, anuas ar an tiománaí; is féidir mótarfeithiclí sa chatagóir seo a cheangal le leantóir lena bhfuil MAM nach sáraíonn 750kg.	18 mbliana
	C1E Feithiclí tarraingthe i gcatagóir C1 i gcomhar leis an leantóir a bhfuil MAM an leantóra níos mó ná 750 kg agus nach sáraíonn MAM na feithiclé tarraingthe agus an leantóra le chéile 12,000 kg. Feithiclí tarraingthe i gcatagóir B i gcomhar leis an leantóir a bhfuil MAM an leantóra níos mó ná 3,500 kg agus nach sáraíonn MAM na feithiclé tarraingthe agus an leantóra le chéile 12,000 kg.	18 mbliana
	D Feithiclí nach féidir níos mó ná 8 nduine a iompar agus nach sáraíonn MAM an leantóra 750 kg.	24 mbliana nó 21 mbliana le CPC
	DE Feithiclí tarraingthe i gcatagóir D i gcomhar leis an leantóir nuair a sháraíonn MAM an leantóra 750 kg.	24 mbliana nó 21 mbliana le CPC
	D1 Feithiclí i gcatagóir D atá deartha agus tógtha chun líon nach mó ná 16 dhuine a iompar, anuas ar an tiománaí agus uas-fhad nach sáraíonn 8 méadar; is féidir feithiclí sa chatagóir seo a cheangal le leantóir nach sáraíonn a MAM 750 kg.	21 mbliana
	D1E Feithiclí tarraingthe i gcatagóir D1 i gcomhar leis an leantóir nuair a sháraíonn MAM an leantóra 750 kg.	21 mbliana

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le CPC, féach ar leathanach 15 le do thoil.

## Má tá tú faoi 16 bliana d'aois níor chóir duit aon fheithicil a thiomáint in áit phoiblí.

Is Ollmheáchan Ceaptha Feithicle (DGVV) an téarma a úsáideann déantúsóirí chun cur síos ar dhéanamh ar mheáchan na feithicle chomh maith leis an uas-ualach atáthar ceaptha a iompar (lena n-áirítear paisinéirí, breosla, lastas agus nithe ceangailte). Léirítear ollmheáchan ceaptha feithicle de ghnáth ar phláta miotail a ghreamaíonn an déantúsóir don fheithicil. Tagraítear don DGVV freisin mar an Uasmhais Údaraithe (MAM).

**Ní mór** duit tuiscint a bheith agat ar chumas iompair d'fheithicle nó beidh tú i mbaol tromchúiseach taisme nó d'fhéadfá dochar a dhéanamh. Má chuirtear ró-ualach san fheithicil laghdaítear do chumas an fheithicil a smachtú agus is cion atá ann.

## Coinníollacha a bhaineann leis na catagóirí

### Gluaisrothair

Tá sealbhóirí cheadúnas tiomána do Chatagóir A i dteideal gluaisrothair a thiomáint lena mbaineann aschur innill beag beann ar mhéid.

Tá sealbhóirí cheadúnas tiomána do Chatagóir 'A2' i dteideal gluaisrothar a thiomáint lena mbaineann aschur innill 35kW nó níos lú, agus cóimheas cumhachta/meáchain nach sáraíonn 0.02kW an kg agus nach dtagann ó ghluaisrothar atá dhá oiread a mheáchain.

### Leantóirí

#### Carranna agus leantóirí

Má tá ceadúnas lomlán catagóir B i do sheilbh, féadfaidh tú leantóir a tharraingt sna cásanna seo a leanas agus sin amháin:

- go bhfuil uasmhais údaraithe (MAM) iomlán an leantóra 750kg nó níos lú; nó
- nach mó ná 3,500kg MAM na feithicle agus an leantóra i gcomhar.

Má úsáideann tú carr chun leantóir níos troime a tharraingt **ní mór** duit ceadúnas BE a bheith agat. Féadfaidh tiománaí le ceadúnas do charr, veain bheag nó 4x4 agus leantóir catagóir BE leantóir a tharraingt sa chás go sáraíonn MAM na feithicle agus an leantóra i gcomhar 3,500kg ach nach sáraíonn siad 7,000kg.

#### Feithiclí agus leantóirí níos troime

**Ní mór** duit Ceadúnas i gCatagóir CE, C1E, DE nó D1E a bheith agat chun leantóir níos troime a tharraingt. Is ionann iad sin agus na ceadúnais a thugann teidlíocht duit an meascán feithiclí tarraingthe agus leantóirí a thiomáint (féach leathanach 12). Is ionann ceadúnais ar chombhrí agus EC, EC1, ED nó ED1.



## Feithiclí earraí troma agus busanna

**Ní mór** duit cloí leis an dlí maidir le tacagraif. Féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) chun an t-eolas ar fad a fháil

## Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (CPC Tiomána)

### Cad is CPC Tiománaí ann?

Is ionann CPC Tiománaí agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí do thiománaithe bus gairmiúla (catagóirí D1, D1E, D agus DE) agus do thiománaithe trucaile gairmiúla (catagóirí C1, C1E, C agus CE).

Is iad na ceadúnais chomhionanna ná D1, ED1, D, ED, C1, EC1, C agus EC.

Cuireadh CPC Tiománaí i bhfeidhm fud fad an AE in 2008 do thiománaithe bus gairmiúla agus cuireadh i bhfeidhm é maidir le tiománaithe trucaile gairmiúla in 2009. Is iad seo a leanas na trí phríomhaidhm atá leo:

- A chinntiú go mbeidh caighdeán mhaithe tiomána agus sábháilteachta ag gach tiománaí gairmiúil agus go gcoimeádtar na caighdeáin sin le linn a saol gairmiúil;
- caighdeán comónta a chruthú maidir le hoiliúint agus tástáil tiománaithe ar fud an AE; agus
- an líon daoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar Bhóithre na hÉireann agus na hEorpa a laghdú.

## CPC Tiománaí agus tusa

### Tiománaí Gairmiúil Nua

Chun a bheith i do thiománaí bus nó trucaile gairmiúla ón 30 Meán Fómhair 2014 beidh ort cloí leis na cúig chéim seo a leanas:

- **Céim 1:** Tástáil teoirice tiománaí a phasáil agus deimhniú tástála teoirice tiomána a fháil do Chatagóir C nó D, nó an dá cheann, mar is cúig;
- **Céim 2:** Cead foghlaimeora a fháil sa chatagóir iomchuí;
- **Céim 3:** Tástáil teoirice ilroghnach 2 uair an chloig a phasáil (tabhair ar aird nach mór Céim 2 a dhéanamh roimh Céim 3 má tá tú faoi 21 an tráth a ndéanann tú iarratas ar cheadúnas C nó CE, nó faoi 24 an tráth a ndéanann tú iarratas ar cheadúnas D nó DE);
- **Céim 4:** Tástáil tiomána praiticiúil 90 nóiméad a phasáil, lena n-áirítear ceisteanna agus taispeántais faoin tslí a ndéanfa sraith seiceálacha; agus
- **Céim 5:** Tástáil praiticiúil 30 nóiméad a phasáil.

Nuair a bheidh na céimeanna sin go léir comhlánaithe agat, ní mór duit foirm iarratais a chomhlánú (ar fáil ón RSA) chun iarratas a dhéanamh ar do chárta cáilíochta CPC tiománaí. Déantar an tástáil tiomána (Céim 3) agus na tástálacha praiticiúla CPC (Céim 4) ag ionaid tástála tiomána an RSA agus déantar iad de ghnáth díreach as a chéile.

Tá tuilleadh eolais faoin gclár CPC Tiománaí ar fáil ar láithreán gréasáin an RSA, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie). Tá eolas faoi na Tástálacha Teoirice CPC Tiománaí ar fáil ar an láithreán gréasáin seo a leanas: [www.theorytest.ie](http://www.theorytest.ie).

### Más Tiománaí Gairmiúil tú cheana féin

Más tiománaí bus gairmiúil nó sealbhóir tú ar cheadúnas i gcatagóir D cheana féin an 10 Meán Fómhair 2008 nó más tiománaí trucaile gairmiúla nó sealbhóir ar cheadúnas i gCatagóir C

tú cheana féin an 10 Meán Fómhair 2009, tá tú i dteideal CPC Tiománaí go huathoibríoch. Tugtar ‘cearta sealbhaithe’ air sin.

Le go gcoinneoidh tiománaithe gairmiúla a gcearta, ní mór dóibh 35 uair an chloig d’oiliúint athnuaite thréimhsiúil a dhéanamh gach cúig bliana.

Sa chás go ndéanann tiománaí gairmiúil iarracht cearta ar bhusanna agus trucaill a thiomáint go gairmiúil a choinneáil, ní mór dóibh 42 uair an chloig d’oiliúint athnuaite thréimhsiúil a dhéanamh gach cúig bliana. **Caithfidh 7 n-uair an chloig oiliúna ar a laghad in aon lá amháin gach bliain a bheith i gceist le hoiliúint thréimhsiúil.**

Tá tiománaithe na bhfeithiclí seo a leanas díolmhaithe, is é sin, ní chaithfidh an tiománaí CPC a bheith aige/aici nó a iompar:

- Feithiclí nach gceadaítear dul thar 45 ciliméadar san uair;
- Feithiclí a úsáideann nó a rialaíonn na fórsaí armtha, cosaint shibhialta, sa tseirbhís dóiteáin, sa tseirbhís príosún agus fórsaí atá freagrach as ord poiblí a choimeád;
- Feithiclí atá ag déanamh tástálacha bóthair d'fhorbairt theicniúil, deisiúchán nó cothabháil, nó feithiclí nua nó atógtha nach bhfuil curtha i mbun seirbhíse;
- Feithiclí a úsáidtear i gcásanna éigeandála nó do mhisin tarrthála;
- Feithiclí a úsáidtear do cheachtanna tiomána d'aon duine atá ag iarraidh ceadúnas tiomána nó CPC a fháil;
- Feithiclí a úsáidtear chun paisinéirí nó earraí d'úsáid phearsanta a iompar agus ní ar mhaithe le gnó;
- Feithiclí a iompraíonn ábhair nó trealamh a úsáideann an tiománaí mar chuid dá chuid/cuid oibre, fad agus nach é príomhghníomhaíocht an tiománaí é a bheith ag tiomáint; agus
- Feithiclí a úsáidtear chun críocha neamhthráchtála ar nós a bheith ag tiomáint i d'oibrí deonach gan íoc.

## Cead foghlaim

Eisítear cead foghlaim chun go bhféadfaidh duine foghlaim conas tiomáint. Sular féidir leat iarratas a dhéanamh ar chead foghlaim **ní mór** duit tástáil teoirice tiomána a phasáil ar dtús (féach leathanaigh 17–18). Ar mhaithe le do shábháilteacht féin agus sábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre eile **ní mór** duit cloí le coinníollacha áirithe atá ceangailte leis an gcead foghlaim agus tú ag tiomáint. Féach Cuid 2 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

**Ní mór** duit cead foghlaim reatha a bheith agat chun a bheith ábalta foghlaim conas tiomáint agus chun do thástáil tiomána a dhéanamh. Beidh ar an gceadúnas a bheith don chatagóir chéanna feithicle agus an ceann a bheidh in úsáid agat don tástáil.

## Tástáil teoirice tiomána

Ní mór d'aon duine atá ag déanamh iarratais ar a gcéad chead foghlaim i gcatagóir ar bith an tástáil teoirice tiomána a dhéanamh. Tabhair ar aird go mbreathnófar air mar an chéad chead foghlaim sa chatagóir má tá cead foghlaim a bhí ag an duine roimhe sin imithe in éag le 5 bliana nó níos faide ná sin.

Tá an tástáil leagtha amach chun an méid eolais atá agat ar ábhair mar iad seo a leanas a sheiceáil:

- Rialacha an Bhóthair
- Contúirtí a bhrath
- Éicea-tiomáint
- Feasacht ar ghuaiseacha
- Dea-iompar tiomána

Tá an tástáil leagtha amach chomh maith chun an méid eolais agus tuisceana atá agat ar na nithe go léir thuas agus ar ‘ualach sábháilte’ agus ‘slándáil feithiclí’ a sheiceáil.

Tá na tástálacha teorice CPC tiománaí do thiománaithe trucaíl agus busanna curtha le chéile le scrúdú Céim 1 den CPC Tiománaí. Beidh rogha ann freisin na tástálacha teorice trucaile agus bus a dhéanamh in éineacht.

Is éard atá i gceist leis an tástáil ceisteanna a fhreagairt ar ríomhaire in ionad tástála. Tá sí leagtha amach do dhaoine nach bhfuil mórán taithí acu - nó taithí ar bith - ar ríomhairí a úsáid, chomh maith le duine a bhfuil an taithí sin acu. An tSeirbhís Tástála Teorice Tiomána a bhíonn i bhfeighil na tástála. Féadfaidh daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu nó atá faoi mhíchumas léitheoir nó taifeadóir a iarraidh le cabhrú leo an tástáil a dhéanamh.

Tá ábhair staidéir don tástáil teorice tiomána ar CD-ROM ar fáil i siopaí leabhair maithe agus ag [www.theorytest.ie](http://www.theorytest.ie). Tá tuilleadh eolais faoi na táillí chun an tástáil teorice a dhéanamh agus faoi láithreacha na n-ionad tástála ar fáil ar an láithreán gréasáin chomh maith.

Ba chóir duit a chinntiú gurb é an t-ábhar staidéir is nuashonraithe a úsáideann tú agus tú i mbun staidéir.

---

**Bíonn gach catagóir ceadúnais faoi réir athbhreithnithe. Lena chinntiú go gcomhlíontar polasaí sábháilteachta ar bhóithre an AE agus na hÉireann, moltar duit féachaint ar an láithreán gréasáin [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) go rialta.**





---

## Ag déanamh iarratais ar a gcéad chead foghlaimeora

Agus tú ag déanamh iarratais ar do chéad chead foghlaimeora **ní mór** duit teacht i láthair go pearsanta ag ceann ar bith d’ionaid na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS) ar fud na tíre. **Ní mór** duit cead a thabhairt do ghrianghraf a thógáil chun críocha d’iarratais nuair a chuireann tú isteach ar cheadúnas san ionad NDLS. Chun iarratas a dhéanamh ar chead foghlaimeora, **ní mór** duit a bheith ábalta a chruthú gur in Éirinn a bhíonn gnáthchónaí ort. Má tá tú ag staidéar nó ag obair thar lear, is féidir a mheas gur in Éirinn a bhíonn gnáthchónaí ort, ar an gcoinníoll go bhfilléann tú anseo go rialta.

Tugtar eolas sa tábla seo a leanas faoi cad eile a theastóidh uait agus tú ag déanamh iarratais ar chead foghlaimeora. Tugtar cur síos ar na catagóirí feithicle sa tábla ar leathanaigh 11 go 13. Tá tuilleadh eolais maidir le hiarratas a dhéanamh ar chead foghlaimeora ar fáil ar láithreán gréasáin an NDLS, [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie).

## An chéad chead foghlaimeora

	Catagóir an chéad chead foghlaimeora	A bhfuil ag teastáil uait	
	AM, A1, A2, A, B, W	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foirm iarratais</li> <li>Táille chúí</li> <li>Deimhniú gur Pasáladh an Tástáil Teoirice (ní mór gur eisíodh é laistigh de 2 bhliain ó dháta an iarratais</li> <li>Fianaise aitheantais</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fianaise ar theidlíocht cónaithe, PPSN agus seoladh (le dáta laistigh de 6 mhí anuas orthu)</li> <li>Tuairisc leighis, más infheidhme (le dáta laistigh de 1 mhí amháin uirthi)</li> <li>Tuairisc ar radharc na súl (le dáta laistigh de 1 mhí amháin uirthi)</li> </ul>
	C1, C, D1 or D	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foirm iarratais</li> <li>Táille chúí</li> <li>Deimhniú gur Pasáladh an Tástáil Teoirice (Measfar an tástáil teoirice seo a bheith ina Pas chun críocha Chéim 1 den CPC Tiomána)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fianaise ar PPSN agus seoladh (má tháinig athrú air ó d'iarratas deireanach)</li> <li>Tuairisc leighis (gach iarratasóir)*</li> <li>Fianaise ar an gceadúnas iomlán d'fheithicil i gcatagóir B</li> </ul>
	BE	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foirm iarratais</li> <li>Táille chúí</li> <li>Tástáil Teoirice, más infheidhme</li> <li>Tuairisc leighis, más infheidhme</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fianaise ar PPSN agus seoladh (má tháinig athrú air ó d'iarratas deireanach)</li> <li>Fianaise ar an gceadúnas iomlán d'fheithicil i gcatagóir B</li> </ul>
	C1E, CE, D1E, DE	<ul style="list-style-type: none"> <li>Foirm iarratais</li> <li>Táille chúí</li> <li>Tuairisc leighis (gach iarratasóir)*</li> <li>Fianaise ar PPSN agus seoladh (má tháinig athrú air ó d'iarratas deireanach)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fianaise ar Dheimhniú Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (más infheidhme)</li> <li>Fianaise ar cheadúnas iomlán don fheithicil tarraingthe chúí (mar shampla catagóir C má táthar ag déanamh iarratais ar cheadúnas catagóir CE)</li> </ul>

\* Beidh ort measúnaithe leighis a dhéanamh ó am go chéile nuair a bhíonn ceadúnas iomlán agat do na catagóirí seo agus/nó nuair a bheidh tú ag déanamh athnuachana orthu.

Tabhair ar aird go mbeidh rudaí éagsúla ag teastáil le haghaidh iarratas ar an gcéad chead foghlaimeora ag brath ar d'imthosca féin. Déantar na riachtanais iarratais a thabhairt cothrom le dáta go rialta freisin. Mar sin, moltar duit cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána chun mionsonraí a fháil faoina mbeidh uait tráth d'iarratais. Féach [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie).

## Tuairisc ar radharc na súl agus tuairisc leighis

- Is féidir leat foirmeacha don tuairisc ar radharc na súl agus don tuairisc leighis a fháil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie), nó ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).
- **Ní mór** do dhochtúir cláraithe nó d'optaiméadraí an fhoirm don tuairisc ar radharc na súl a chomhlánú.
- **Ní mór** duitse an fhoirm sin a shíniú agus é/í i láthair.
- **Ní mór** do dhochtúir cláraithe an fhoirm don tuairisc leighis a chomhlánú.
- **Ní mór** duitse an fhoirm sin a shíniú agus é/í i láthair.

## Na cásanna a mbeidh ort tuairisc leighis a sholáthar

Ní gá do gach iarratasóir tuairisc leighis a sholáthar. Ach **ní mór** duit tuairisc leighis a chur ar fáil má bhaineann ceann amháin nó eile de na ráitis seo a leanas leatsa.

- Tá tú ag déanamh iarratais ar chead foghlaimeora in aon cheann de na catagóirí seo a leanas C1, C, D1, D, C1E, CE, D1E nó DE.
- Beidh tú 70 bliain d'aois nó níos mó ar an gcéad lá a mbeidh an cead foghlaimeora á cheadú.
- Tá ceann de na riochtaí leighis atá sa liosta in Aguisín 1 ag cúl an leabhair ag dul duit.
- Tá drugaí nó cógais leighis á dtógáil agat a bhfuil gach dóigh ann go mbeidh tionchar acu ar do thiomáint.

Tabhair ar aird:

1. Má tá riocht leighis tromchúiseach ag dul duit, mar shampla do chroí a bheith ag bualadh go neamhrialta nó níos tapa nó níos moille ná mar is gnáth (neamhrithimeacht) agus gur thit tú i laige riamh leis, ansin cinntigh go dtéann tú ag an dochtúir sula ndéanann tú iarratas ar chead foghlaimeora nó ar cheadúnas.
2. Níl aon chead agat cead tiomána a bheith agat má bhíonn tú ag brath ar shubstaintí a mbíonn tionchar acu ar d'inchinn nó má bhaineann tú mí-úsáid astu go rialta.

Labhair le do dhochtúir má bhíonn aon amhras ort maidir le do chumas fisiciúil nó meabhrach chun tiomáint.

Is féidir leat na mionsonraí iomlána de na coinníollacha atá ceangailte leis an gcead foghlaimeora a fháil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie).

## Má théann do chead foghlaimeora in éag

Cibé cén cineál mótarfeithicil a thiomáineann tú, ní fhéadfaidh tú an tríú chead foghlaimeora nó aon cheann eile ina dhiaidh sin a fháil ach amháin má léiríonn tú go bhfuil an tástáil tiomána déanta agat laistigh de dhá bhliain roimhe sin.

Mura bhfuil an tástáil déanta agat, **ní mór** duit ceann acu seo a leanas a thabhairt ar láimh:

- Fianaise go bhfuil iarratas déanta agat do thástáil tiomána a dhéanamh don chatagóir feithicil sin nó
- An NDLS a shásamh gur de bharr tinnis (mar a deimhníodh ag cleachtóir leighis cláraithe), nach raibh tú in ann tástáil tiomána a dhéanamh.

## ‘An riail sé mhí’

Más é seo an chéad chead foghlaimeora atá agat maidir leis na catagóirí A, A2, A1, B, AM nó W, is é sin le rá nach raibh chead foghlaimeora agat roimhe seo (nó go bhfuil do chead tiomána imithe in éag le breis agus 5 bliana) maidir leis an gcatagóir, ní cheadófar duit tástáil tiomána a dhéanamh ar feadh tréimhse sé mhí i ndiaidh dáta tosaigh an cheada. Déantar sin chun deis a thabhairt duit taithí tiomána a fháil. Léiríonn taighde dá fhaide a bhíonn foghlaimeoir faoi mhaoirsiú agus iad ag tiomáint, is lú an dóigh go mbeidh siad páirteach i dtaisme.

Níl feidhm ag ‘an riail sé mhí’ maidir le:

- feithiclí i gcatagóir BE;
- sealbhóir cheadúnas iomlán i gcatagóir A1 nó A2 ar mian leo gluaiseacht go céimnitheach ón gcatagóir níos ísle gluaisrothair go dtí an chéad chatagóir eile níos airde tríd an gcatagóir níos ísle a bheith acu ar feadh 2 bhliain ar laghad;
- duine as tír eile a bhfuil ceadúnas tiomána iomlán reatha sa chatagóir chéanna acu le níos mó ná 6 mhí, ar an gcoinníoll go gcuireann an sealbhóir sin ceadúnas tiomána bunaidh reatha agus litir teidlíochta, ón údarás ceadúnaithe aitheanta sa tír sin, ar aghaidh chuig an RSA.

Má tá aon cheist agat faoi chead foghlaimeora a fháil, féach ar [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie) nó déan teagmháil leis an NDLS trí ríomhphost ag [info@ndls.ie](mailto:info@ndls.ie) nó trí Sheirbhísí do Chustaiméirí ag 076 1087 880.



Féadfaidh tú tuilleadh eolais faoi iarratas a dhéanamh ar do cheadúnas iomlán a fháil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS), [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie).

## Tiománaí Nuacheadúnaithe

Cuimhnigh na rialacha maidir le pláta ‘N’ do thiománaithe nuacheadúnaithe a thaispeáint a sheiceáil lena fháil amach an mbaianeann siad leatsa. Má tá ceadúnas iomlán agat den chéad uair, measfar gur ‘tiománaí nuacheadúnaithe’ tú ar feadh 2 bhliain ón dáta a bhfuair tú do chéad cheadúnas iomlán.

**Ní mór** plátaí ‘N’ a thaispeáint ar fheithicil ar bith a bhfaigheann tú ceadúnas a thiomáint ina leith laistigh den tréimhse 2 bhliain sin.

Níl feidhm ag an tréimhse nuacheadúnaithe sin ach uair amháin. Mar shampla, má tá ceadúnas tiomána agat do chatagóir feithicle agus má bhíonn tú i dteideal catagóir feithicle eile a thiomáint ina dhiaidh sin, ní ‘tiománaí nuacheadúnaithe’ tú sa chatagóir nua.

Ní chaithfidh tiománaithe nuacheadúnaithe tiománaí tionlacain a bheith leo (ach cuimhnigh go gcaithfidh tiománaithe is foghlaimoírí fós). Mar sin féin, **níor chóir** do thiománaí nuacheadúnaithe feidhmiú mar thiománaí tionlacain do dhuine a bhfuil cead foghlaimoira acu. Má bheirtear ar thiománaí faoi oiliúint

ag tiomáint gan tiománaí cuícháilithe in éineacht leo (is é sin, duine a bhfuil ceadúnas tiomána iomlán sa chatagóir chéanna acu ar feadh tréimhse leanúnach 2 bhliain), beidh cion déanta ag an tiománaí faoi oiliúint agus beifear in ann fíneáil muirir sheasta nó pointí pionóis, nó an dá rud, a ghearradh ar an duine sin.

Féadfaidh tú tuilleadh eolais faoi na riachtanais a bhaineann le N-phlátaí a fháil ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## Do cheadúnas a athnuachan

Bíonn ceadúnas tiomána bailí ar feadh 10 mbliana de ghnáth, maidir le cairr agus gluaisrothair, nó ar feadh 5 bliana maidir le trucaíl agus busanna; ba cheart duit do cheadúnas a athnuachan sula mbeidh an tréimhse ama sin caite. Chun do cheadúnas a athnuachan, **ní mór** duit iarratas a dhéanamh i bpearsa ag ceann d’ionaid an NDLS. Beidh ort na nithe seo a thabhairt leat:

- foirm iarratais chomhlánaithe agus táille,
- do cheadúnas iomlán reatha nó an ceann is déanaí a bhí agat, agus
- fianaise ar do PPSN agus ar do sheoladh (má athraíodh é) le dáta laistigh de 6 mhí anuas orthu.

Má tá tú ag iarraidh ceadúnas i gcatagóir C1, C1E, C, CE, D1, D1E, D nó DE a athnuachan **ní mór** duit tuairisc leighis a chur leis.

**Ba chóir** duit iarratas ar dhéanamh ar do cheadúnas a athnuachan tráth nach déanaí ná trí mhí sula rachaidh sé in éag.

Má tá ceadúnas bailí eachtrach agat ó thír san AE/LEE nó ó ‘stát aitheanta’ eile, seans go mbeidh tú ábalta do cheadúnas a mhalartú ar cheadúnas tiomána iomlán Éireannach.

Féadfaidh tú mionsonraí iomlána faoi do cheadúnas tiomána a athnuachan nó a mhalartú ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, [www.ndls.ie](http://www.ndls.ie).

## Ceadúnas tiomána a iompar

Cuimhnigh **nach mór** duit do cheadúnas tiomána nó do chead foghlaimeora a bheith ar iompar agat i gcónaí agus tú ag tiomáint.



## Ag tiomáint de réir an dlí


Sula bhféadfaidh tú aon fheithicil a thiomáint ar an mbóthar **ní mór** duit a bheith in ann freagra dearfach a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil do cheadúnas tiomána nó do chead foghlaimeora ar iompar agat?
- An bhfuil cáin ar an mótarfheithicil?
- An bhfuil an diosca mótarchánach ar an ngaothscáth?
- An bhfuil do chlúdach árachais cothrom le dáta agus bailí chun tusa a chlúdach?
- An bhfuil an diosca árachais ar an ngaothscáth?
- An bhfuil N-phláta ar aghaidh agus ar cúl d’fheithicle? (más tiománaí nuaceadúnaithe tú)

- An bhfuil an fheithicil ródacmhainneach agus an bhfuil Deimhniú don Tástáil Náisiúnta Carranna (NCT) ar an ngaothscáth? (má tá an fheithicil níos sine ná ceithre bliana d’aois ach nach tacsáí atá inti)
- An bhfuil Deimhniú Ródacmhainneachta agat ina leith? (má tá cóiste, bus, otharcharr, feithicil earraí nó leantóir earraí agat agus go bhfuil sé os cionn bliain d’aois)
- An bhfuil do chárta cáilíochta CPC ar iompar agat (mar is gá) agus cárta tacagraif dhigitigh (mar is gá)? (más tiománaí gairmiúil tú)

## TEACHTAIREACHT THÁBHACHTACH DO THIOMÁNAITHE Ó THAR LEAR

Ní mór duit tiomáint ar an taobh chlé den bhóthar in Éirinn.



## Cáin

Ní mór go mbeadh cáin íochta i leith gach mótarfheithicle sula dtéann siad ar an mbóthar.

## Árachas

Ní mór do gach tiománaí árachas a bheith acu a chlúdaíonn iad an fheithicil a thiomáint in áit phoiblí. Tá dualgas ort de réir an dlí an chuideachta árachais a chur ar an eolas maidir le gach eolas iomchuí, mar shampla athruithe móra ar d’inniúlacht liachta chun tiomána, sula dtiomáineann tú feithicil. Mura bhfuil tú

cinnte faoi aon ní **ba chóir** duit an cas a phlé leis an gcuideachta árachais. Is cion tromchúiseach é feithicil a thiomáint mura bhfuil árachas agat uirthi.

Beidh ort diosca árachais cothrom le dáta a bheith ar taispeáint. Is cion é gan diosca a bheith ar taispeáint agat.

## Feithiclí nach gá dóibh diosca árachais a thaispeáint

- Gluaisrothair (le carr cliathánach nó gan carr cliathánach)
- Tarracóirí
- Feithiclí a léiríonn ceadúnas trádála
- Feithiclí atá faoi úinéireacht nó in úsáid ag duine díolmhaithe mar atá sainmhínte sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, mar shampla baill de na seirbhísí éigeandála

**Ní mór** gach leantóir a bheith clúdaithe ag árachas tríú páirtí. Tá feidhm leis sin cibé an bhfuil an leantóir á tharraingt nó páirceáilte in áit phoiblí.

Cé nach mbíonn ar leantóir diosca árachais a chur ar taispeáint, ní mór duit clúdach árachais bailí a bheith agat.

## An tástáil náisiúnta carranna

Cinntítear leis an tástáil a dhéantar ar fheithicil go bhfuil sé sábháilte d'fheithicil a úsáid ar an mbóthar. Tá sé seo an-tábhachtach maidir le feithicil níos sine.

- **Ní mór** do charranna a iompraíonn paisinéirí atá níos sine ná 4 bliana d'aois Deimhniú NCT bailí a bheith acu agus an diosca NCT sin a bheith ar taispeáint ar an ngaothscáth.
- **Ní mór** carranna a iompraíonn paisinéirí agus atá idir 4 agus 10 mbliana d'aois a thástáil gach dhá bhliain;
- **Ní mór** carranna a iompraíonn paisinéirí agus atá níos mó ná 10 mbliana d'aois a thástáil gach bliain;
- Féadfaidh tú leas a bhaint as 'tástáil luath dheonach' lena ndéantar tástáil ar do charr níos luaithe ná 90 lá roimh an dáta a mbeidh NCT dlite

Tá tuilleadh eolais faoin NCT ar fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna, [www.ncts.ie](http://www.ncts.ie).

## Tástáil Ródacmhainneachta Feithicilí Tráchtála

Ní mór d'fheithicilí tráchtála tástáil Ródacmhainneachta Feithicilí Tráchtála (CVR) a phasáil gach bliain. Déanann an tástáil seo ródacmhainneacht feithicil tráchtála lá na tástála a mheas.

**Ní mór** d'fheithiclí earraí, leantóirí earraí ag a bhfuil ollmheáchan feithicle deartha níos mó ná 3,500kg, otharchairr, busanna (lena n-áirítear mionbhusanna) veaineanna campála agus cóistí Deimhniú Ródacmhainneachta bailí a bheith acu.

Mar úinéir feithicil tráchtála, **ní mór** duit:

- d'fheithicil a scrúdú, a chothabháil agus a dheisiú go rialta agus siúl timpeall ar d'fheithicil gach lá á seiceáil, chun feithicil tráchtála a choimeád sábháilte agus ródacmhainneach i gcaitheamh a saolré;
- taifid a choimeád de lochtanna, cothabháil agus deisiúchán;
- 'Duine Cuícháilithe' (SQP) a ainmniú le bheith freagrach as d'fheithiclí a scrúdú agus a chothabháil agus as aon deisiúchán a theastódh chun lochtanna ar d'fheithiclí nó ar do leantóirí a chur ina gceart.

Féadfaidh an SQP a bheith ina m(h)eicneoir nó duine comhionann eile a mbeidh an taithí nó na cáilíochtaí ábhartha acu le go mbeidh siad in ann ródacmhainneacht feithicle a mheas agus aon deisiúchán a mbeadh gá leis a dhéanamh.


**Ní mór** do gach úinéir/oibritheoir Feithiclí Tráchtála Troma (HCV) féindearbhu ar líne a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an RSA ag tabhairt mionsonraí mar:

- An líon feithiclí i d'fhlíit agus mionsonraí fúthu;
- Aon scrúduithe sábháilteachta agus rialuithe cothabhála;
- Ainm an duine ábhartha atá freagrach as cothabháil feithiclí.

Féadfaidh tú tuilleadh eolais faoin Deimhniú Ródacmhainneachta agus faoi na riachtanais tástála a fháil ar láithreán gréasáin na tástála Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála, [www.cvrt.ie](http://www.cvrt.ie).

## Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil

**Ní mór** do thiománaithe gairmiúla bus agus trucaile cárta cáilíochta CPC Tiománaí a bheith ar iompar acu.



1. Sloinne/Surname	9. Earnáil/ Category	10. Cód Comhphobail / Community code & expiry date
2. Céadainm(neacha)/First name(s)	C1	
3. Dáta agus áit bhreithe/Date & place of birth	C	
4a. Dáta eisithe/Date of issue	D1	
4b. Dáta éaga riaracháin/Administrative expiry date	D	
4c. Údarás eisithe/Issued by	EC1	
5a. Uimhir cheadúnais/Licence number	EC	
5b. Sraithuimhir/Serial number	ED1	
6. Grianghraf /Photograph	ED	
7. Siniú an uinéara /Signature of holder		
9. Earnáil/Category		
10. Cód Comhphobail/Community code		

Cuid 2:

## An tiománaí faoi oiliúint

Tá sraith lámhleabhar curtha ar fáil ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun cuidiú le foghlaimeoirí agus iad ag foghlaim conas carr, trucail, bus nó gluaisrothar a thiomáint.

## Coinníollacha do shealbhóirí cead foghlaimeora

Agus tú i do thiománaí faoi oiliúint **ní mór** duit cloí leis na coinníollacha seo a leanas sa bhreis ar a bheith in ann freagra dearfach a thabhairt ar na ceistanna atá ar leathanaigh 24-25:

### 1) Tiománaí cáilithe a bheith i do chomhlúadar agus tú ag tiomáint

- **Ní mór** do thiománaí cáilithe a bheith i gcuideachta shealbhóir cead foghlaim-eora maidir leis na catagóirí B, BE, C, C1, C1E, CE, D, D1, D1E agus DE i **gcónaí agus iad a mhaoirsiú**. Is ionann tiománaí cáilithe agus duine a bhfuil ceadúnas tiomána iomlán aige/aici sa chatagóir chéanna ar feadh tréimhse leanúnach 2 bhliain. Gearrfaí fíneáil €80 agus dhá phointe pionóis ar thiománaí faoi oiliúint a aimsítear ag tiomáint gan duine cáilithe á thionlacan má íoctar laistigh de 28 lá é, fíneáil €120 agus dhá phointe pionóis má íoctar laistigh den chéad 28 lá eile í agus fíneáil €120 agus ceithre phointe pionóis má chiontaítear tú sa chúirt.
- Níl sé de dhualgas ar thiománaí a bhfuil cead foghlaimeora maidir le catagóirí AM, A1, A2 agus A aige duine eile a bheith in éineacht leis. Mar sin féin, níl cead agat feithicil sa chatagóir seo a thiomáint gan maoirseacht ag do theagascóir Bunoiliúna Tosaigh (IBT) go dtí go mbeidh an IBT don chatagóir agus cineál ábhartha gluaisrothair déanta agat.
- Féadann na Gardaí feithicil atá á tiomáint ag tiománaí faoi oiliúint gan duine cáilithe á thionlacan a ghabháil.
- Gabhfaidh na Gardaí feithicil ar úinéir ar bith a ligfidh don tiománaí faoi oiliúint a fheithicil a thiomáint gan duine cáilithe eile á thionlacan agus d'fhéadfaí fíneáil suas go €1,000 a ghearradh air chomh maith.
- Beidh feidhm ag tairseach níos ísle pointí pionóis as a dtiocfaidh dícháiliú maidir le haon tiománaí dá ndeónófar a chéad chead foghlaimeora an 1 Lúnasa 2014 nó ina dhiaidh sin, le linn na tréimhse ina dtiomáineann an duine faoi chead foghlaimeora agus le linn an chéad dá bhliain don duine a bheith ag tiomáint faoin gcéad cheadúnas tiomána iomlán.

### 2) Plátaí 'L'

- **Ní foláir** do shealbhóirí chead foghlaimeora maidir le gach catagóir (seachas W) plátaí 'L' a bheith ar taispeáint agus iad ag tiomáint. Is cion é do thiománaí faoi oiliúint tiomáint gan plátaí 'L' a bheith ar taispeáint. Muirear seasta agus suas le 4 phointe pionóis an pionós a ghearrtar as an gcion seo.
- **Ní mór** do shealbhóirí cead foghlaimeora do chatagóirí A, A1, A2 agus AM plátaí 'L' a thaispeáint ar phlátaí ar thabard fluaraiseach buí atá thar a bheith soiléir ar chliabhrach agus ar chúl cholainn an tiománaí.



### 3) Oiliúint Tiomána Riachtanach agus Bunoiúint Thosaigh

**Tá sé in aghaidh an dlí teagasc tiomána ar mhaithe le hÍocaíocht nó luach saothair a thabhairt do thiománaithe atá faoi oiliúint mura bhfuil tú cláraithe leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá liosta de gach Teagascóir Tiomána Ceadaithe (ADI) le fáil ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).**

### 4) Oiliúint Tiomána Carranna

**Ní mór** do gach sealbhóir dá gcéad chead foghlaimeora arna eisiúint ón 4 Aibreán 2011 tabhairt faoi Oiliúint Tiomána Riachtanach (EDT) le Teagascóir Tiomána atá Ceadaithe (ADI). [Féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) chun liosta cothrom le dáta de na ADIanna a fháil.]

Is cúrsa oiliúna atá i gceist le EDT ina múintear scileanna tiomána bunúsacha d'fhoghlaimoirí chun carr a thiomáint. Tá an cúrsa comhdhéanta de 12 ceacht aon uair an chloig an ceann.

Ag gach ceacht EDT, seiceálfadh do ADI do chead foghlaimeora, agus má bhíonn do charr féin in úsáid agat, seiceálfar lena chinntiú go bhfuil gach rud in ord ó thaobh do chuid árachais, mótarachánach, NCT agus go bhfuil an fheithicil ródacmhainneach. Ina theannta sin, ba chóir duit do logleabhar oifigiúil EDT a iarraidh ar do ADI. Is tusa a bheidh freagrach as sin agus beidh ort an logleabhar sin a thabhairt leat ag gach ceacht. Ní mór go mbeadh an logleabhar comhlánaithe agus go mbeadh stampa oifigiúil air agus síniú an teagascóra.

Is féidir leat na seisiúin chomhlánaithe EDT a sheiceáil ar [www.rsa.ie/myedt](http://www.rsa.ie/myedt).

Is éard is Urraitheoir ann ná tiománaí cáilithe a dhéanann maoirsiú ar aon tiomáint eile a dhéantar lasmuigh de na ceachtanna foirmeálta agus a dhéanann na seisiúin cleachtadh sin a rianú i do logleabhar.

Beidh go leor cleachtadh agus ceachtanna tiomána breise de dhíth in éineacht leis an ADI le go mbeidh tú i do thiománaí sábháilte agus freagrach.

**Cinntigh go ndeimhníonn tú le do ADI cén cineál ceachta atá á chur in áirithe agat don chéad cheacht eile. Ní ionann gach ceacht agus EDT!**

## 5) Clár Oiliúna Laghdaithe Tiomána Riachtanaí (EDT)

Is clár oiliúna tiomána éigeantach é an clár Laghdaithe EDT do thiománaithe arb as lasmuigh d'Éirinn iad agus a bhfuil ceadúnas iomlán bailí i gcatagóir B acu, ach go bhfuair siad an ceadúnas sin i dtír nach bhfuil comhaontú malairte ceadúnais acu le hÉirinn.

Beidh ar thiománaithe, a bhfuil a gcuid incháilitheachta faighte acu tríd an NDLS, ar mian leo leas a bhaint as an gclár Laghdaithe EDT seisiúin EDT 1,5,6,7 agus 10 a chur i gcrích sula dtabharfaidh siad faoi thástáil tiomána na hÉireann.

Ní bheidh ar thiománaithe atá incháilithe don chlár laghdaithe EDT fanacht 6 mhí sula ndéanann siad tástáil tiomána na hÉireann.

## 6) Gluaisrothair agus Bunoiúint Thosaigh

**Ní mór** do gach sealbhóir cead a foghlaimeora céaduaire maidir le gluaisrothair tabhairt faoi Bhunoiúint Thosaigh (IBT) le teagascóir IBT atá ceadaithe, sula bhféadfaidh siad gluaisrothar a thiomáint gan mhaoirseacht.

Is ionann IBT agus cúrsa oiliúna ina múintear na bunscileanna tiomána do ghluaisrothaithe faoi oiliúint. Is cúrsa 16 uair an chloig é cúrsa bunúsach an IBT atá briste síos i 4 mhodúl agus ina ndírítear ar theoiric agus ar scileanna praiticiúla, agus caithfear iad sin a dhéanamh as a chéile.

Nuair a bheidh gach Modúl IBT i do chúrsa IBT déanta agat, taifeadfaidh do theagascóir mionsonraí do chuid oiliúna i do logleabhar. Nuair a bheidh gach modúl críochnaithe agat, eiseoidh do ADI Deimhniú ar Chríochnú Sásúil duit.

**Ní mór** duit do dheimhniú a choimeád in éineacht le do chead foghlaimeora agus é sin a bheith ar iompar agat cibé uair a bhíonn tú ag tiomáint mar go bhféadfadh duine den Gharda Síochána sin a iarraidh ort.

Nuair a bheidh do dheimhniú faighte agat, beidh tú in ann iarraitas a dhéanamh ar do thástáil tiomána praiticiúil.

[Sa chás go dteastaíonn uait do ghluaisrothar a uasghrádú b'fhéidir go mbeadh ort 'modúl forchéimnitheach' a chomhlíonadh. Féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) chun tuilleadh eolais a fháil.]

---

**Ní mór do ghluaisrothaithe a ndeimhniú IBT a bheith ar iompar acu agus iad ar ghluaisrothair gan oiliúnaí IBT ina dteannta go dtí go mbeidh a gceadúnas iomlán acu.**

---

## 7) Mótarbhealaigh

Mar shealbhóir cead a foghlaimeora **níor chóir** duit tiomáint ar an mótarbhealach. Is cion é sin a dhéanamh.

## 8) Leantóirí

**Níor chóir** do shealbhóirí cead a foghlaimeora a bhíonn ag tiomáint feithiclí i gCatagóirí B, C, C1, D nó D1 (carranna, busanna nó trucaílí) leantóir a tharraingt.

## 9) Paisinéirí a Iompar

- **Níor chóir** do dhuine a bhfuil cead foghlaimeora aige/aici d'aon chatagóir paisinéir a iompar ar mhaithe le híocaíocht ná luach saothair.
- **Níor chóir** d'aon duine a bhfuil cead foghlaimeora ina sheilbh/seilbh do chatagóir W (mar shampla, feithicil oibre nó tarracóir talún) paisinéir a iompar mura bhfuil an fheithicil tógtha nó oiriúnaithe chun paisinéir a iompar agus gur tiománaí cáilithe an paisinéir sin.
- **Níor chóir** do dhuine a bhfuil cead foghlaimeora aige/aici do chatagóirí A1, A2, A nó AM (gluaisrothar nó móipéid) paisinéir a iompar.

## 10) Gluaisrothair

Tá sealbhóirí cead a foghlaimeora A2 i dteideal gluaisrothair lena mbaineann na nithe seo a leanas, a thiomáint:

- Aschur cumhachta innill de 35kW nó níos lú, nó
- Cóimheas cumhacht le meáchan de 0.2kW/kg nó níos lú.

Is tusa atá freagrach as cumhacht an ghluaisrothair a sheiceáil. Mura bhfuil tú cinnte, labhair leis an díoltóir nó an déantúsóir.

## Má théann do chead foghlaimeora in éag

Cibé cén cineál mótarfeithicil a thiomáineann tú, ní fhéadfaidh tú an tríú cead foghlaimeora nó aon cheann eile ina dhiaidh sin a fháil ach amháin má léiríonn tú go bhfuil an tástáil tiomána déanta agat laistigh de dhá bhliain roimhe sin.

Mura bhfuil an tástáil déanta agat, **ní mór** duit ceann acu seo a leanas a thabhairt ar láimh:

- fianaise go bhfuil iarratas déanta agat ar thástáil tiomána a dhéanamh i gcatagóir na feithicle sin; nó
- an NDLS a shásamh gur de bharr tinnis (arna dheimhniú ag cleachtóir liachta cláraithe), nach raibh tú in ann tástáil tiomána a dhéanamh.

Más é seo an chéad chead foghlaimeora atá agat maidir leis na catagóirí A, A2, A1, AM, B nó W, is é sin le rá nach raibh cead foghlaimeora agat sa chatagóir sin roimhe seo, nó go bhfuil cead foghlaimeora a bhí agat roimhe seo imithe in éag le breis agus 5 bliana, ní cheadófar duit tástáil tiomána a dhéanamh ar feadh tréimhse sé mhí ar a laghad

i ndiaidh dáta tosaigh an cheada. Tá an soláthar sin déanta chun deis a thabhairt duit taithí tiomána a fháil. Léiríonn taighde dá fhaide a bhíonn foghlaimoír faoi mhaoirsiú agus iad ag tiomáint, is lú an dóigh go mbainfidh taiseime dóibh.

Níl feidhm ag an riaiil seo maidir le:

- feithiclí i gcatagóir BE;
- catagóir ghluaisrothair níos airde sa chás go bhfuil Bunoiúint Thosaigh (IBT) pasáilte agat agus tástáil tiomána pasáilte ar chatagóir ghluaisrothair níos ísle agus go raibh an chatagóir agat ar feadh ar a laghad 2 bhliain;
- duine as tír eile a bhfuil ceadúnas tiomána iomlán reatha sa chatagóir chéanna acu le níos mó ná 6 mhí, ar an gcoinníoll go gcuireann an sealbhóir sin ceadúnas tiomána bunaidh iomlán reatha agus litir teidilíochta, ón údarás ceadúnaithe aitheanta sa tír sin, ar aghaidh chuig an RSA.

### CUIMHNIGH

**Is ionann an teorainn tiomána dí do thiománaithe faoi oiliúint, do thiománaithe nua-cháilithe (ar feadh tréimhse dhá bhliain i ndiaidh duit an tástáil tiomána a phasáil) agus do thiománaithe gairmiúla mar thiománaithe bus, feithiclí earraí agus seirbhíse poiblí (PSV) agus 20 milleagram (mg) alcóil in aghaidh gach 100 milleagram fola.**

**Ná bí ag ól agus ag tiomáint.**

Cuid 3:

## An tástáil tiomána



### Conas iarratas a dhéanamh ar do thástáil tiomána

Nuair a bheidh a fhios agat conas tiomáint go sábháilte agus nuair a bheidh do chuid oiliúna éigeantaí déanta agat (EDT do chatagóir B nó IBT do Chatagóir AM, A1, A2 nó A), is í an chéad chéim eile a bheidh le déanamh agat ná iarratas a dhéanamh ar do thástáil tiomána.

Tabhair ar aird: ba chóir do thiománaithe bus agus do thiománaithe trucaile féachaint ar leathanach 15 maidir leis an Tástáil Tiomána CPC.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar do thástáil tiomána agus í a íoc ar líne ag [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie). Teastóidh cárta creidmheasa nó cárta dochair uait chomh maith le seoladh ríomhphoist bailí chun an t-iarratas ar líne a chomhlánú.

Mar rogha eile, féadfaidh tú foirm iarratais ar thástáil tiomána a íoslódáil ag [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) nó ceann a fháil ó do stáisiún Gardaí áitiúil. Seol an fhoirm chomhlánaithe, agus seic, ordú poist nó ordú airgid agus sin a bheith iníoctha leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chuig:

An Rannóg Tástála Tiománaithe

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Páirc Gnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo.

Cuimhnigh

Chun Tástáil Tiomána a dhéanamh **ní mór** duit:

- Cead Foghlaimeora a bheith i do sheilbh maidir leis an bhfeithicil a bhfuil sé i gceist agat an tástáil a dhéanamh inti;
- Feithicil oiriúnach a bheith agat lena húsáid;
- Cloígh leis an riail sé mhí, is é sin le rá, ní mór go mbeadh Cead Foghlaimeora bailí agat ar feadh 6 mhí ar a laghad ar lá na tástála (tá feidhm leis sin ó thaobh carranna, gluaisrothair agus feithiclí oibre);
- Tá eisceachtaí áirithe i gceist leis an riail sé mhí. Mar shampla, ní bheidh ar shealbhóirí Cead Foghlaimeora i gCatagóir BE (Carr nó veain agus leantóir) fanacht 6 mhí sula ndéanann siad tástáil tiomána praiticiúil sa chatagóir sin. Féach eisceachtaí eile leis an riail sé mhí ar leathanach 32.

Chomh maith leis sin, más amhlaidh gur eisíodh do chéad chead foghlaimeora i gCatagóir B an 4 Aibreán 2011 nó ina dhiaidh sin, **ní mór** duit:

- cúrsa Oiliúna Tiomána Riachtanaí (EDT) a bheith comhlíonta agat;
- Cúrsa Bunoiliúna Tosaigh (IBT) a bheith críochnaithe agat más amhlaidh gur eisíodh do chéad chead foghlaimeora i gCatagóir A an 6 Nollaig 2010 nó ina dhiaidh sin.

## An méid atá le déanamh agat ar lá na tástála

Is achoimre ar na riachtanais an t-eolas seo a leanas. Beidh an t-eolas ábhartha agus na riachtanais go léir nach mór a chomhlíonadh ar an lá san áireamh san fhógra ar do choinne tástála.

- Bíodh an fheithicil chúí in úsáid agat don tástáil.
  - Faoi rialacháin reatha leagtar amach na híos-riachtanais i dtreoirlínte sonracha a bhreithníonn cibé an bhfuil feithicil inghlactha nó nach bhfuil lena húsáid i rith do thástáil tiomána (féach aguisín 5). Molfar na riachtanais feithicle duit ar an bhfógra a gheobhaidh tú don choinne. Mar sin féin, má bhíonn amhras ar bith ort, féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) le do thoil áit a mbeidh na mionsonraí go léir le fáil.
- Cinntigh go mbeidh na nithe seo ar taispeáint ar d'fheithicil:
  - diosca mótarchánach bailí reatha,
  - diosca bailí NCT nó CVRT, de réir mar is infheidhme le d'fheithicil (féach leathanach 26);
  - plátaí 'L' cuí chun tosaigh agus ar chúl, (seachas Catagóirí A, A1, A2, nó AM mar sa chás sin is ort féin a bhíonn na plátaí 'L'), agus
  - diosca árachais bailí reatha (mura bhfuil tástáil á dhéanamh ort maidir le feithicil i gcatagóirí A, A1, A2, AM nó W).
- Cinntigh go bhfuil d'fheithicil ródacmhainneach.
- Bí san ionad tástála 10 nóiméad ar a laghad sula bhfuil an tástáil tiomána ceaptha tosú.
- Tabhair do chhead foghlaimeora Éireannach reatha don tástálaí tiomána. Seiceálfaidh an tástálaí an cead lena dheimhniú gur leatsa é, go bhfuil sé reatha agus go mbaineann sé leis an gcatagóir cuí feithicle.
- Léigh an seicliosta ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) dar teideal 'Na Seiceálacha Deiridh don Tástáil Tiomána'.

Cuirfear do thástáil ar ceal agus caillfidh tú do tháille má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:

- má bhíonn tú mall;
- mura bhfuil na dioscaí cuí nó plátaí L ar d'fheithicil;

- mura bhfuil d'fheithicil ródacmhainneach; nó
- mura bhfuil an fheithicil chuí agat don tástáil (féach Aguisín 5).

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ach féachaint ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## An tástáil tiomána

Chun go mbeifear ábalta tástáil tiomána a dhéanamh, éilítear faoin dlí ar aon duine a thagann i láthair chun an tástáil a dhéanamh, feithicil atá ionadaíoch ar an gCatagóir Ceadúnaithe ina bhfuiltear ag iarraidh ceadúnas a fháil ina leith a bheith acu. Is é an aidhm atá leis na ceanglais sin ná a chinntiú go ndéantar an t-iarrthóir ar thástáil a thástáil i bhfeithicil a ligfidh don iarrthóir a léiriú go bhfuil sé ábalta aon fheithicil sa chatagóir ceadúnais níos leithne sin a thiomáint ar an tástáil a phasáil. Níl na ceanglais sin ag bun nó ag barr an scála maidir le méid, meáchan agus cumhacht etc., ach léiríonn gnáthfheithicil i meánréimse na Catagóire áirithe sin.

Tabhair ar aird: is ollmheáchan ceaptha feithicle atá i gceist le huasmhais údaráithe.

Breithneoidh an tástáil tiomána an bhfuil na scileanna atá de dhíth agat chun dul ar aghaidh agus láncheadúnas tiomána a bhaint amach duit féin. Áirítear leis ceisteanna ar Rialacha an Bhóthair agus mar a oibríonn d'fheithicil.

Déantar measúnú leis an tástáil ar do scileanna tiomána agus tú ag tiomáint ar choinníollacha éagsúla bóthair agus tráchta.

Déanfaidh an tástálaí tiomána meastóireacht ar do scileanna tiomána agus bainfidh úsáid as gaireas leictreonach chun nótaí a bhreacadh síos le linn do thástála.

Tabharfaidh an scrúdaitheoir toradh do thástála duit i ndiaidh na tástála tiomána. Gheobhaidh tú ríomhphost ansin faoin toradh. Ba cheart duit an toradh sin a phlé le do Theagascóir Tiomána Ceadaithe.

Déanfaidh an tástáil tiomána measúnacht ar do scileanna tiomána faoi cheanteidil éagsúla, lena n-áirítear:

- an fheithicil a shuíomh i gceart agus in am;
- breathnú ceart a dhéanamh;
- freagra tapa agus ceart a thabhairt ar ghuaiseacha;
- scátháin a úsáid i gceart, in am agus roimh chomhartha a dhéanamh;
- spás leordhóthanach a thabhairt do choisithe, rothaithe, trácht eile, agus úsáideoirí bóithre eile;
- na comharthaí cearta a thabhairt in am;
- dul chun cinn réasúnach a dhéanamh agus gan a bheith ró-stadach agus tú ag bogadh leat, ag timpealláin agus ag athrú lánaí;

- an úsáid cheart a bhaint as rialtáin feithicle;
- luas a choigeartú go cúí;
- cloí le rialtáin tráchta, mar shampla, soilse tráchta, comharthaí tráchta agus marcanna bóthair;
- ceart slí a ghéilleadh de réir mar is cúí;
- cúlú;
- casadh timpeall; agus
- páirceáil.

Sula ndéanann tú an tástáil seo **ba chóir** go mbeadh eolas agus scileanna agat a shásóidh an tástálaí go bhfuil tusa i dteideal láncheadúnas a bhaint amach.

Beidh na nithe a mbeidh ort iad a bheith ar eolas agat chun an tástáil a phasáil ag athrú de shíor. Le go mbeidh tú ar an eolas faoi aon athruithe, féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Leagann an tábla seo a leanas béim ar roinnt de na gnéithe a bhíonn i gceist leis an tástáil tiomána phraiticiúil. Bainneann roinnt riachtanas le níos mó ná aon chineál feithicle amháin.

Má tá tástáil á dhéanamh ort maidir leo seo a leanas:	Catagóir	Beidh ort na nithe seo a leanas a bheith ar eolas agat:
Carr	B	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seiceálacha teicniúla a léiriú.</li> <li>• Na rialaitheoirí tánaisteacha a oibriú.</li> <li>• An suíochán, an crios sábhála, an ceannbhad, na scátháin a chur in oiriúint.</li> <li>• A chinntiú go bhfuil na doirse dúnta.</li> </ul>
Gluaisrothar	AM, A1, A2, A	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seiceálacha teicniúla a léiriú.</li> <li>• An meaisín a bhaint den seastán agus é a chur ar ais mar a bhí.</li> <li>• D'fhearas cosanta a chur in oiriúint. (trealamh sábháilteachta pearsanta).</li> <li>• An gluaisrothar a bhogadh gan an t-inneall a úsáid.</li> <li>• Tiomáint ar bhealach a chinnteoidh sábháilteacht agus a laghdóidh ídiú breosla agus astaíochtaí fad a dhéantar ionramháilte áirithe.</li> </ul>
Leantóir	BE	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seiceálacha teicniúla a léiriú.</li> <li>• An leantóir a cheangal le d'fheithicil agus a bhaint di</li> <li>• Cúlú isteach i mbá luchtaithe.</li> <li>• Páirceáil go sábháilte le haghaidh luchtaithe/díluachtaithe.</li> </ul>

Má tá tástáil á dhéanamh ort maidir leo seo a leanas:	Catagóir	Beidh ort na nithe seo a leanas a bheith ar eolas agat:
Feithicil Throm	C, C1, CE, CE1	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seiceálacha teicniúla a léiriú.</li> <li>Na rialaitheoirí tánaisteacha a oibriú.</li> <li>Aon mhoillitheoir nó coscán sceithphíopa atá ceangailte don fheithicil a úsáid.</li> <li>Cúlú isteach i mbá luchtaithe.</li> <li>Páirceáil go sábháilte le haghaidh lódála agus dílódála ag rampa lódála, ardán nó áit mar sin.</li> </ul>
Bus	D, D1, DE, DE1	<ul style="list-style-type: none"> <li>Seiceálacha teicniúla a léiriú.</li> <li>Na rialaitheoirí tánaisteacha a oibriú.</li> <li>Aon mhoillitheoir nó coscán sceithphíopa atá ceangailte don fheithicil a úsáid.</li> <li>Aon doras atá cumhachtaithe agus atá ceangailte don fheithicil a oscailt agus a dhúnadh le lámh</li> <li>Seiceáil an phainéil ionstraimí agus an trealaimh taifeadta a thaispeáint.</li> </ul>

## Rialaitheoirí Tánaisteacha agus seiceálacha teicniúla

Beidh ort an méid seo a leanas a dhéanamh ag do thástáil:

- Bí ábalta na rialaitheoirí tánaisteacha a oibriú, mar na cuimilteoirí agus na glantóirí gaothscátha, an córas dínéalaithe, téitheoir don fhuinneog cúil, na soilse agus an córas aerchóiriúcháin, gaothráin, na lampaí ceo cúil, gaothaire air agus an córas rialaithe teochta.
- Léirigh seiceálacha teicniúla mar bhrú air agus riocht na mbonn, ola, breosla, leibhéal an leachta glantóra don ghaothscáth, fuarthán, na coscáin (coscán láimhe san áireamh), an roth stiúrtha, soilse, treohtáscairí, frithchaiteoirí agus an bonnán.

Déantar míniú mionsonrach ar an bhFoirm Tuairisce Tástála Tiomána maidir leis na seiceálacha teicniúla agus na rialaitheoirí tánaisteacha. Cuir eolas maith ar an méid atá ar an bhFoirm Tuairisce Tástála Tiomána.

---

**Déantar tuilleadh tástála maidir leis na nithe seo a leanas ar Ghluaisrothaithe: rialú luais, smacht agus duine ag úsáid na gcoscán agus bacainní a sheachaint.**

---

## Cá fhad a mhaireann an tástáil

Maireann an tástáil do na feithiclí i gcatagóirí A, A1, A2, AM, B, BE agus W thart ar 40 nóiméad agus déantar do scileanna tiomána a mheas thar achar thart ar 8 agus 10 gciliméadar.

Maireann an tástáil d'fheithiclí i gcatagóirí eile thart ar 70 nóiméad agus déantar do scileanna tiomána a mheas thar 20 ciliméadar nó mar sin.

## Cad a tharlóidh nuair a bheidh an tástáil thart?

Má éiríonn leat an tástáil a phasáil, tabharfar Deimhniú Inniúlachta tiomána duit. Ba chóir duit é a mhalartú le haghaidh do cheadúnas tiomána iomlán chomh luath agus is féidir agus **ní mór** duit sin a dhéanamh laistigh de dhá bhliain ó dháta do dheimhnithe.

Más tiománaí nuacheadúnaithe tú (is é sin, go bhfuil ceadúnas tiomána iomlán céaduaire agat), **ní mór** duit N- plátaí a thaispeáint ar d'fheithicil ar feadh tréimhse 2 bhliain. **Ní mór** do phlátaí N a bheith ar taispeáint ar fheithicil ar bith a bhfaigheann tú ceadúnas len í a thiomáint le linn na tréimhse dhá bhliain sin. Níl feidhm ag an tréimhse nuacheadúnaithe sin ach uair amháin. Mar shampla, má tá ceadúnas tiomána agat do chatagóir feithicle agus má fhaigheann tú ceadúnas chun catagóir feithicle eile a thiomáint tar éis 2 bhliain, ní bheidh tú i do 'thiománaí nuacheadúnaithe' sa chatagóir nua. Féadfaidh tú tuilleadh eolais faoi riachtanais an phláta 'N' a fháil ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Tabharfaidh do Dheimhniú Inniúlachta liosta d'aon srianta atá le cur i bhfeidhm ar do cheadúnas. Taispeánfar aon srianta ar do cheadúnas trí chód faoi leith a úsáid. Is féidir tuilleadh eolais faoi shrianta a d'fhéadfaí a chur ar cheadúnas tiomána a fháil ar láithreán gréasáin an RSA, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Mura n-éireoidh leat i do thástáil tiomána, gheobhaidh tú tuairisc mhionsonraithe ar na hearráidí a tharla le linn na tástála. Agus tú ag ullmhú don chéad tástáil eile, tabhair aird ar leith ar na hearráidí sin agus lean ar aghaidh ag díriú ar réimsí eile de do chuid tiomána freisin.

## Cad is féidir leat a dhéanamh mura bhfuil tú sásta le toradh na tástála

Mura n-éireoidh leat ach go gcreideann tú nach ndearnadh an tástáil tiomána go ceart ná go cothrom, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh ar chinneadh an tástálaí chuig an gCúirt Dúiche. Féadfaidh an Chúirt Dúiche an t-achomharc a dhiúltú nó, má bhreithnítear nach ndearnadh an tástáil mar is cuí, féadfaidh an Chúirt ordú don Údarás an Shábháilteacht ar Bhóithre tástáil eile a thabhairt duit saor in aisce.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an tástáil tiomána, léigh an bhileog eolais **Ag ullmhú don Tástáil Tiomána**. Tá teacht ar an mbileog sin ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

---

**In imthosca áirithe, d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh chuig catagóir níos airde ceadúnais tiomána do ghluaisrothair gan aon ghá duit tástáil tiomána bhreise a dhéanamh. 'Rochtain fhorchéimnitheach' a thugtar air sin.**

---

**Ag aois 24 bliana d'aois féadfaidh tiománaí leanúint ar aghaidh díreach chuig gluaisrothar neamhsrianta mór. 'Rochtain dhíreach' a thugtar air sin.**

---

#### Cuid 4:

## Sábháilteacht feithiclí



Tá caighdeáin leagtha síos sa dlí maidir le riocht d'fheithicle. **Ní mór** duit na caighdeáin sin a bheith ar eolas agat agus a chinntiú go bhfuil d'fheithicil ag comhlíonadh an dlí. Leagtar amach sa chuid seo an t-eolas bunúsach nach mór duit a bheith ar eolas agat. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le d'fheithicil a thástáil féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) le do thoil.

Mar thiománaí, **ní mór** duit a chinntiú go bhfuil d'fheithicil in ord maith oibre. **Ní mór** duit a chinntiú go ndéantar na nithe seo a leanas a sheiceáil go rialta, an roth stiúrtha, na coscáin, lampaí tosaigh agus cúl, soilse táscaire, frithchaiteoirí, scátháin chúlfhéachana, criosanna sábhála, luasmhéadar, na boinn, na cuimilteoirí gaothscátha, an bonnán agus an ciúnadóir.

Más úinéir tú ar fheithicil leictreach, cinntigh go bhfuil tú ar an eolas maidir le nós imeachta luchtaithe d'fheithicle agus ar oibriú sábháilte na bpointí luchtaithe.

Mar úinéir fheithicil tráchtála, **ní mór** duit córas a chur i bhfeidhm chun d'fheithicil a scrúdú go rialta agus chun í a chothabháil go leanúnach, chomh maith lena chinntiú go bhfuil Deimhniú Ródacmhainneachta bailí aici. Tá na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm i gceist leis sin:

- cinneadh a dhéanamh faoi chomh minic is atá d'fheithicil le scrúdú, ag cur aois, míleáiste agus riocht na feithicle san áireamh;
- a chinntiú go síultar timpeall ar an bhfeithicil gach lá, á seiceáil, sula dtiomáintear í in áit phoiblí. Beidh i gceist leis seo an taobh istigh agus an taobh amuigh den fheithicil a scrúdú, chomh maith le nithe éagsúla mar scátháin, criosanna sábhála, boinn, an sceithphíopa, etc;
- taifead a choimeád ar gach scrúdú, obair cothabhála agus deisiúchán a dhéantar ar an bhfeithicil.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoin Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (CVRT), féach [www.cvrt.ie](http://www.cvrt.ie).

Molann an RSA do thiománaithe go mbeadh sé úsáideach na nithe seo a leanas a bheith ar fáil acu ina bhfeithiclí lena n-úsáid:

- fearas garchabhrach,
- 1 veist nó seaicéad ard-infheicthe amháin ar a laghad (fluaraiseach agus frithchaiteach),
- 1 thriantán rabhaidh dearg amháin ar a laghad (riachtanach i gcás HGVanna agus busanna) agus
- tóirse.

D'fhéadfadh na nithe sin thuas a bheith úsáideach i gcás éigeandála. Féadfaidh tú nithe eile a cheapann tú féin a bheadh úsáideach a iompar freisin.

## CUIMHNIGH

**Is cion é feithicil nach bhfuil sábháilte a thiomáint ar bhóthar poiblí.**

**Ní mór** mótarfheithiclí a thástáil lena chinntiú go bhfuil siad ródacmhainneach. Leagtar amach sa chuid seo na híoschaighdeáin nach mór do d'fheithicil a bhaint amach. **Ba chóir** duit na nithe seo a leanas a sheiceáil go rialta:

## Na boinn

Doimhneacht snáithe: Ná lig do na boinn caitheamh anuas an iomarca. **Ní mór** go mbeadh íos-doimhneacht snáithe na mbonn 1.6 mm os cionn na bpríomhsnáithe. Maidir le gluaisrothair agus feithiclí seanré is ionann an íos-doimhneacht snáithe agus 1 mm. Mar sin féin, cinntigh go n-athróidh tú na boinn sula mbeidh siad chomh caite sin.

**Brú:** Seiceáil brú gach bonn go rialta, agus ná déan dearmad an bonn spártha a sheiceáil, tabhair aird ar an leibhéal brú a mholtar. Féach ar shonraíochtaí an déantúsóra chun na boinn a theannadh mar is ceart.

**Scrúdaigh le haghaidh damáiste:** Scrúdaigh do bhoinn go rialta agus cuardaigh gearrthacha, scoilteanna agus boilg mar go bhféadfadh na boinn pléascadh gan choinne ort.

**Sula bhfaigheann tú bonn pollta** Seiceáil d'fheithicil agus cinntigh go bhfuil a fhios agat conas an roth a athrú, go bhfuil roth breise agat agus go bhfuil fáil agat ar fhearas deisithe.

**Boinn a athsholáthar:** Ar mhaithe le do shábháilteacht cinntigh go bhfeistítear boinn nua a bhfuil e-mharc orthu agus ceannaigh iad ó dhíoltóir creidiúnach. Ná bíodh boinn gha-dhualacha agus boinn chrosdualacha agat in éineacht ar aon acastóir amháin. Ní mór do na boinn a bheith mar a chéile ar aon acastóir.

**Boinn spártha nó fearas deisithe le haghaidh úsáid shealadach (spás a shábháil):** Úsáid na boinn seo chun turas a chríochnú nó chun dul chomh fada le díoltóir bonn agus sin amháin. Ní bí ag taisteal le luas os cionn an luais a mholtar ar an mbonn féin.

## CUIMHNIGH

**Bíonn baol ag baint le boinn dara láimhe a úsáid mar nach bhfuil a fhios agat go cinnte mar a úsáideadh iad roimhe sin.**

## Soilse agus frithchaiteoirí

**Ní mór** do mhótarfheithiclí (seachas gluaisrothair nó feithiclí leictreacha lena mbaineann uaslus de 38km san uair) na soilse agus na frithchaiteoirí a leanas a bheith orthu:



Chun tosaigh:

- Dhá cheannsolas (bán nó buí)
- Dhá thaobhsolas bána
- Soilse treotháscaire (ómra agus sin amháin)



Ar chúl na feithicle:

- Dhá sholas dhearga (cúlsoilse a thugtar orthu seo freisin)
- Dhá sholas coscáin dhearga
- Dhá fhrithchaiteoir dhearga
- Soilsíú uimhirphláta
- Soilse treotháscaire (ómra agus sin amháin)

## CUIMHNIGH

Fanfaidh do shoilse, na frithchaiteoirí, soilse uimhirphláta agus na soilse treotháscaire éifeachtach ach iad a choinneáil glan agus ag obair mar is ceart.

Cuimhnigh:

- **Ní mór** duit soilse ceo a úsáid nuair a bhíonn ceo trom ann nó nuair a bhíonn sneachta ag titim agus sin amháin. Múch iad agus an aimsir glan nó beidh an baol ann go ndallróidh siad tiománaithe eile agus d'fhéadfadh siad meabhrán a chur ar thiománaithe eile.
- Féadfaidh tú soilse coscáin cúl a bhíonn crochta níos airde a chur suas más mian leat, ach bíonn feistiú aon soilse eile arna rialú ag an dlí.

Déileáiltear i gcodanna 16, 17 agus 20 leis na soilse riachtanacha do ghluaisrothair, rothair agus d'fheithiclí a tharraingíonn capaill.

Sula n-athraíonn tú cuma fhisiciúil d'fheithicle, mar shampla, trí spotshoilse, túsbarra cosanta nó maisiúchán a fheistiú, bí cúramach gan cur leis an mbaol atá ann d'úsáideoirí bóithre eile, go háirithe daoine níos leochailí, mar shampla, rothaithe agus coisithe.

Tá solas gealánach, seachas soilse treotháscaire, forchoimeáda do Ghardaí, d'otharcharranna agus d'fheithiclí seirbhíse ainmnithe eile. **Níor chóir** duit solas gealánach gorm ná dearg a fheistiú ar d'fheithicil. Féach [www.dttas.ie](http://www.dttas.ie) chun mionsonraí a fháil.

**Ní mór** soilse bána nó buí a bheith chun tosaigh agus soilse dearga a bheith ar chúl, chomh maith le soilse treotháscaire ómra agus soilse cúlaithe bána nó buí.

**Níor chóir** duit aon mhodhnuithe teicniúla a dhéanamh ar d'fheithicil gan comhairle ghairmiúil a fháil mar go bhféadfadh iarmhairtí dlí agus sábháilteachta a bheith ag baint leo.

**Ba chóir** duit do chuideachta árachais a chur ar an eolas maidir le haon mhodhnuithe a d'fhéadfadh do pholasaí árachais a dhéanamh neamhbháilí.

Moltar duit gan ceannsoilse maolaithe a úsáid ach amháin nuair atá tú ag tiomáint nó stoptha i dtrácht. Ná bíodh siad ar siúl má bhíonn tú stoptha ar thaobh an bhóthair. **Níor chóir** duit ceannsoilse a úsáid agus tú páirceáilte. Má theastaíonn soilse uait agus tú stoptha nó páirceáilte, úsáid 'taobhsoilse' nó 'soilse páirceála'.

Má tá d'fheithicil suiteáilte le soilse a lasann i rith an lae, tiomáin le do chuid ceannsoilse maolaithe air i rith an lae.

## CUIMHNIGH

Tabhair ar aird le do thoil **nach mór** marcanna frithchaite sonracha a bheith ar taispeáint ar HGVanna agus ar a leantóirí. Féach ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie) chun tuilleadh eolais a fháil.

## Gaothscáthanna

**An cineál gaothscátha:** **Ní mór** gloine lannaithe a úsáid do gaothscáthanna mótarfheithiclí atá cláraithe ó mhí Eanáir 1986. **Ní mór** gloine lannaithe a úsáid freisin agus gaothscáthanna damáistithe fheithiclí níos sine á n-athsholáthar.

**Na cuimilteoirí gaothscátha:** Coimeád do chuimilteoirí gaothscátha agus lanna na gcuimilteoirí i riocht oibre maith agus cinntigh go gcoinnítear an leacht glantacháin don gaothscáth líonta.

**Amharc maith:** Coinnigh do gaothscáth agus na fuinneoga glan agus saor ó bhruscar lena chinntiú go mbeidh feiceáil mhaith agat ar an mbóthar agus ar úsáideoirí bóithre eile.

## Scátháin

**Ní mór** scátháin a bheith feistithe ar d'fheithicil chun go mbeidh a fhios agat i gcónaí cad atá laistiar díot (cúlfhéachaint) agus scátháin a bheith ar an dá thaobh den charr (scátháin doirse nó sciatháin).

Má fheistítear scátháin tosaigh, ar a dtugtar scáthán Cioclóip ar fheithicil móra tá an fhéidearthacht ann go laghdófar an líon a mharaítear agus a ghortaítear go dona in imbhuailtí idir HGVanna agus rothaithe nó coisithe.

**Ní mór** do HGVanna agus do bhusanna scátháin cioclóip, scáthán dlúthghaireachta agus scáthán leathanuilleach a fheistiú chun nach mbeidh aon 'chaochspotaí' ann agus cosaint a thabhairt do choisithe agus do rothaithe a bhíonn chun tosaigh nó ag taobh na bhfeithicil seo. Tá an riachtanas seo i bhfeidhm le busanna freisin sa chás gurb é an déantúsóir bunaidh a d'fheistigh iad mar chuid de phróiseas ceadaithe an chineáil feithicle.

Tabhair ar aird:

Tá sé de dhualgas ar HGVanna a cláraíodh tar éis 2007 na scátháin seo a chuireann leis an tsábháilteacht a bheith feistithe orthu.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2012, áirítear ar thástáil ródacmhainneachta bhliantúil na HGVanna seiceáil go bhfuiltear ag cloí leis na rialacháin nua.


Tá tuilleadh eolais le fáil ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Tá tuilleadh eolais le fáil freisin ó [vehiclestandards@rsa.ie](mailto:vehiclestandards@rsa.ie) nó is féidir glaoch ar 096-25014 chun tuilleadh eolais a fháil.

Cathain ba chóir do scátháin a úsáid: **Ní mór** duit na scátháin ar d'fheithicil a úsáid sula ndéanann tú aon chomharthaíocht, agus sula mbogann tú leat, sula n-athraíonn tú lánaí, sula scoitheann tú, sula moilleann tú, sula stopann tú, sula gcasann tú nó sula n-osclaíonn tú doras.

Ina theannta sin **ba chóir** duit do chuid scáthán a sheiceáil go rialta agus tú ag tiomáint chun go mbeidh tú ar an eolas faoin méid atá ag tarlú laistiar de d'fheithicil.

Amharc maith: Ar an dóigh céanna leis na soilse agus na frithchaitheoirí, **ní mór** do chuid scáthán a choinneáil glan, i riocht maith agus sa suíomh ceart lena chinntiú go mbeidh siad éifeachtach.



## Criosanna sábhála

**Ní mór** duit crios sábhála a chaitheamh, sa chás gur ann dóibh. Seo a leanas na daoine a bhfuil eisceacht déanta dóibh:

- daoine a chaitheann crios sábhála do dhaoine faoi mhíchumas,
- daoine a bhfuil deimhniú tugtha ag a ndochtúir, ar bhonn leighis, nár chóir dóibh crios sábhála a chaitheamh,
- teagascóirí tiomána nó tástálaithe tiomána le linn ceachta nó tástála, agus
- Gardaí nó baill de na fórsaí cosanta agus iad i mbun a gcuid dualgas.

**Ní mór** do bhusanna príobháideacha agus d'fheithiclí earraí troma a cláraíodh ón 20 Deireadh Fómhair 2007 criosanna sábhála a bheith feistithe iontu.

Éilítear ar úinéirí bus cáipéisí a chur i láthair agus an tástáil ródacmhainneachta á déanamh a dheimhneoidh go bhfuil na criosanna sábhála atá feistithe sna feithiclí, ag cloí le híoschaighdeáin sábháilteachta.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2011, **ní mór** do gach bus a bhíonn rannpháirteach in iompar eagraithe leanaí suiteálacha criosanna sábhála deimhnithe a bheith feistithe iontu. Níl feidhm leis an gceanglas seo maidir le hiompar leanaí ar sheirbhísí bus a bhíonn á dtairiscint don phobal i gcoitinne (seirbhísí bus sceidealta uirbeacha nó idir-uirbeacha).

### CUIMHNIGH

**Is coir é gan crios sábhála a chaitheamh. Níl aon leithscéal gan Crios Sábhála a chaitheamh.**

**Féach Aguisín 4 chun mionsonraí a fháil ar chionta criosanna sábhála agus pointí pionóis.**

## Córais srianta sábháilteachta do leanaí

Tá criosanna sábhála deartha den chuid is mó do dhaoine fásta agus do leanaí níos sine. De réir dlíthe sábháilteachta leanaí tá sé éigeantach go n-úsáidfidh an suíochán leanaí, suíochán ardaíthe nó cúisín ardaíthe leis an srian leanaí ceart do gach leanbh agus iad sa charr. **Ní mór** leanaí faoi 150 ceintiméadar ar airde agus níos lú ná 36 cileagram meáchain a choinneáil i gcóras srianta sábháilteachta cuí do leanaí agus iad ag taisteal i gcarr do phaisinéirí nó i bhfeithicil earraí.

Is samplaí de chórais srianta chúí iad suíocháin cairr do leanaí agus suíocháin ardaíthe. **Ní mór** duit cloí leis na nithe seo a leanas:

- **Níor chóir** go mbeadh leanaí faoi 3 bliana d'aois ag taisteal i gcarr nó i bhfeithicil earraí (seachas tacsáí) mura bhfuil siad srianta sa suíochán cairr cuí dóibh.
- **Ní mór** do leanaí 3 bliana d'aois nó níos sine atá faoi 150cm in airde nó lena mbaineann meáchan níos lú ná 36 cileagram (gach leanbh nó go mbíonn siad 11/12 bliain d'aois go ginearálta) suí sa suíochán cairr cuí do leanaí nó ar chúisín ardaíthe agus iad ag taisteal i gcarranna nó i bhfeithicil earraí.
- **Níor chóir** go n-úsáidfidh suíochán cairr do leanaí aghaidh ar chúl sa suíochán tosaigh i gcarranna ina bhfuil mála aeir gníomhach iontu.
- **Ní mór** do shuíochán cairr do leanaí a bheith de réir chaighdeáin an AE nó na Náisiún Aontaithe - Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN-ECE).
- Má bhíonn criosanna sábhála ann, **ní mór** iad a chaitheamh.
- Cinntigh go mbíonn paisinéirí atá faoi 17 mbliana sa suíochán cuí, sa suíochán ardaíthe, ar an gcúisín ardaíthe cuí nó go gcaitheann siad a gcrios sábhála. **Is é/í an tiománaí atá freagrach as seo de réir an dlí.**

Beidh tú ag briseadh an dlí má theipeann ort cloí leis na rialacha thuas ina mínítear riachtanais an chórais srianta leanaí. Go sonrach, is cion é má dhéanann tiománaí:

- cead a thabhairt do phaisinéir faoi bhun 17 mbliana suí i suíochán gan crios sábhála a chaitheamh,
- cead a thabhairt do leanbh faoi bhun 3 bliana d'aois taisteal i bhfeithicil gan a bheith srianta ag srianadh leanaí iomchuí,
- cead a thabhairt do leanbh os cionn 3 bliana d'aois taisteal i bhfeithicil gan a bheith srianta ag srianadh leanaí iomchuí, nó
- cead a thabhairt do leanbh a bheith srianta ag srianadh aghaidh ar chúl do leanaí atá feistithe le suíochán atá cosanta ag mála aeir gníomhach chun tosaigh.

Muirear seasta agus suas le 5 phointe pionóis a ghearrtar ar na cionta sin.

Má chinntítear go bhfuil leanbh srianta i gceart i suíochán cairr do leanaí, is féidir gortuithe a laghdú 90-95% maidir le suíocháin aghaidh ar chúl agus 60% maidir le suíocháin dírithe chun tosaigh\*.

\*Foinse: AA Motoring Trust

## Meáigh do leanbh chun go bhfaighidh tú amach cén suíochán is fearr a oirfidh dó



Never use a rearward facing child car seat in a seat protected by an active frontal airbag.

## Na nithe nach mór duit smaoineamh orthu agus córais srianta do leanaí in úsáid agat

- Roghnaigh srian linbh a oireann d'airde agus do mheáchan do linbh.
- Úsáid an srian linbh do leanaí do gach turas, beag beann ar chomh gearr agus a bhíonn an turas sin.
- Roghnaigh suíochán:
  - a bhfuil an marc E air (is é sin le rá go gcomhlíonann an suíochán Rial-achán ECE 44.03, 44.04 nó Rialachán 129 de chuid na Náisiún Aontaithe),
  - go n-oireann an suíochán do mheáchan agus d'airde an linbh, agus
  - go n-oireann sé don chineál cairr ina mbeifear á úsáid.
- Tá an oiread sin buntáistí ag baint le suíochán cairr linbh nua as an bpíosa a cheannach, lena n-áirítear go mbeidh an cúlra a bhaineann leis an suíochán ar eolas agat agus gur féidir leat a bheith cinnte de nach bhfuil aon damáiste déanta dó ná aon chodanna de ar iarraidh.
- Feistigh an suíochán linbh i gceart, de réir threoracha an déantúsóra, agus faigh comhairle ó shaineolaí mura bhfuil tú cinnte maidir leis an gcaoi leis an suíochán a fheistiú i gceart.
- Tá sé níos sábháilte an suíochán a fheistiú i suíochán cúil an chairr.

Moltar duit suíochán cairr do leanaí a cheannach ó mhiondíoltóir a chinnteoidh go bhfuil an suíochán feistithe mar is ceart. Déan cinnte go n-oireann an suíochán do do leanbh agus gur féidir é a fheistiú go sábháilte i do charr. Téigh chuig [www.rsa.ie/childsafetyincars](http://www.rsa.ie/childsafetyincars) chun tuilleadh eolais a fháil.

Moltar freisin go ndéanann tú feistiú do shuíocháin cairr linbh a sheiceáil go rialta. Cuireann an RSA seirbhís saor in aisce maidir le suíochán cairr linbh a sheiceáil ar fáil. Féach ar [www.checkitfits.ie](http://www.checkitfits.ie) chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na dátaí a mbeidh an tseirbhís sin ag tarlú i do cheantarsa.

## Srianta do phaisinéirí faoi 17

De réir an dlí, **ní mór** do thiománaí an chairr paisinéirí nó na feithicle earraí a chinntiú go bhfuil crios sábhála á chaitheamh ag gach paisinéir faoi 17 mbliana d'aois nó go bhfuil an srian leanaí cuí orthu. Féadfar suas le 5 phointe pionóis a ghearradh ort mura mbíonn crios sábhála nó an srian cuí ar do chuid paisinéirí san aoisghrúpa seo.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil, féadfaidh tú leabhrán agus DVD dar teideal Sábháilteacht Leanai i gCarranna a fháil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Féach láithreán gréasáin an RSA le haghaidh tuilleadh sonraí, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## Racaí dín agus boscaí dín

Má úsáideann tú raca dín nó bosca dín, **ní mór**

- duit: é a fheistiú go daingean ar d'fheithicil,
- a chinntiú nach mblocálann an t-ualach d'amharc ar an mbóthar i ngach aon treo,
- ná cuir róualach go deo air,
- ná cuir an t-ualach in airde ar bhealach a bhféadfadh sé titim anuas arís, agus
- ná líon an raca ná an bosca ar bhealach a d'fhágfadh d'fheithicil díchobhsaithe.

Ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta, **moltar go láidir duit** go mbeadh an raca dín nó an bosca dín feistithe mar is ceart agus go mbeidh an t-ualach feistithe go daingean sula n-imíonn tú. Tá feidhm leis na seiceálacha sin freisin agus raca rothar ar chúl na feithicle nó ar an díon in úsáid agat.

## Plátaí clárúcháin feithiclí

**Ní mór** go mbeadh an chuma seo a leanas ar phlátaí clárúcháin de réir an dlí. Léiríonn an dá léaráid thíos an t-aon leagan amach atá ceadaithe d'fheithiclí a cláraíodh in Éirinn an 1 Eanáir 1991 nó ina dhiaidh sin.

Léaráid 1:



Léaráid 2:



**Ní mór** go mbeadh plátaí clárúcháin feithiclí coimeádta glan agus inléite. **Ní mór** go mbeadh gach uimhir agus litir i ngnáth-théacs dubh ar chúlra frithchaiteach bán. **Níor chóir** úsáid a bhaint as cló iodálach ná scáileanna. **Níor chóir** cuir isteach ar phláta clárúcháin.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait ar phlátaí feithiclí, féadfaidh tú bileog eolais a fháil ar an leathanach seo a leanas ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim: <http://www.revenue.ie/en/tax/vrt/leaflets/format-vehicle-registration-plates.html>.

## Freagrachtaí sábháilteachta eile

Mar thiománaí, tá roinnt freagrachtaí agat i leith do chuid paisinéirí.

## Leanaí i mótarfheithiclí

**Níor chóir** naíonáin ná leanaí óga a fhágáil leo féin i mótarfheithicil, fiú mura bhfuil sé i gceist agat ach a bheith imithe ar feadh achar an-ghearr. D'fhéadfadh guaiseacha éagsúla tarlú agus iad leo féin, mar iad seo a leanas:

- go dtosódh tine,
- deacrachtaí anála ar lá te (má bhíonn gach fuinneog dúnta), agus
- dul i bhfostú i bhfuinneoga leictreach, ina bhféadfadh siad gortú tromchúiseach a fháil nó fiú bás a fháil.

## Ainmhithe i mótarfheithiclí

**Ba chóir** ainmhithe a bheith coinnte go daingean le húim chuí nó iad a bheith i gcás nuair a bhíonn siad ar iompar i bhfeithicil sa chaoi is nach n-éireoidh aon ghortú don ainmhí ná do phaisinéirí eile.

**Níor chóir** ainmhithe a fhágáil leo féin i bhfeithicil riamh. Tá sé cruálach a leithéid a dhéanamh mar d'fhéadfaí an t-ainmhí a ghortú agus damáiste a dhéanamh do d'fheithicil.

## Fón póca a úsáid

**Níor chóir** duit feithicil ná gluaisrothar a thiomáint agus fón póca a choinnítear sa láimh in úsáid agat. Is cion é sin a dhéanamh, a bhféadfaí muirear seasta agus suas le 5 pointe pionóis a ghearradh ort ina leith.

**Níor chóir** duit teachtaireacht téacs ná ríomhphost a sheoladh, ná teachtaireacht téacs ná ríomhphost a léamh ó fhón póca fad a bhíonn feithicil nó gluaisrothar á tiomáint agat. Is cion é agus bíonn láithreach éigeantach sa chúirt agus fineáil arna socrú ag an mbreitheamh mar thoradh air. D'fhéadfaí téarma príosúin suas go 3 mhí a ghearradh má dhéantar níos mó ná cion amháin i dtréimhse 12 mhí.

Níl an rogha ann glacadh le pointí pionóis mar phionós níos ísle maidir leis an gcion seo.

Níl cead d'fhón póca a úsáid fad a bhíonn tú ag tiomáint ach amháin chun glaoch ar 999 nó 112, nó má tá tú ag freagairt do chineál eile d'fhíor-éigeandáil.

**Níor chóir** do rothaithe fón póca a úsáid riamh agus iad ag rothaíocht agus **ba chóir** do choisithe a bheith cúramach agus fón póca in úsáid acu.

## Córais siamsaíochta phearsanta

Mar úsáideoir bóithre, **ba chóir** duit úsáid córais siamsaíochta phearsanta trí chluasáin a sheachaint. Is féidir leis na córais sin - raidiúnna pearsanta agus seinnteoirí MP3 mar shampla, tú a chur ar seachrán, agus d'fhéadfadh sin a bheith contúirteach agus tú ag tiomáint nó an bóthar á thrasnú agat. **Ba chóir** do rothaithe ach go háirithe na córais sin a sheachaint, mar go mbíonn rothaithe ag brath ar a gcuid éisteachta agus iad ar an mbóthar.

Má úsáideann tú córas pearsanta nó córas sa charr, bíodh sé ar siúl ag airde nach gcuirfead ar seachrán tú nó nach gcuirfead cosc ort bonnán éigeandála nó bonnán cairr a chloisteáil.

## Cuid 5:

# Cleachtas maith tiomána

Déantar cur síos sa chuid seo ar conas tabhairt faoi na gluaiseachtaí tiomána is comónta go sábháilte agus le haird ar úsáideoirí bóithre eile. Dírítear orthu seo a leanas:


- mbogann tú leat,
- do shuíomh ar an mbóthar,
- lánaí tráchta a athrú,
- scoitheadh,
- cúlú,
- u-chasadh,
- ag moilliú nó ag stopadh,
- ag tarraingt,
- soilse i rith an lae,
- ag tiomáint san oíche, agus
- an bonnán a úsáid.

## Ag bogadh leat

- Sula mbogann tú leat, cinntigh go ndéanann tú na seiceálacha sábháilteachta seo a leanas:
  - cinntigh go bhfuil gach doras, an boinéad agus an búiit dúnta;
  - cinntigh go bhfuil do shuíochán agus an ceannbhac coigeartaithe i gceart;
  - cinntigh go bhfuil na scátháin chúlfhéachana glan agus socraithe i gceart, agus
  - cinntigh go bhfuil an crios sábhála dúnta ag gach duine (do cheann féin agus crios sábhála gach paisinéara sa suíochán tosaigh nó ar chúl).
- Agus tú ag bogadh leat ó cholbha an bhóthair, **ní mór** duit breathnú gach taobh timpeall ort, do chuid scáthán a sheiceáil agus comhartha a dhéanamh, seiceáil do chaochspota ar an taobh chúí díreach sula mbogann tú leat, thar do ghualainn dheas más ag bogadh leat ar dheis atá tú nó thar do ghualainn chlé más ag bogadh leat ar chlé atá tú.

- Nuair a bheidh an bealach glan, bog leat agus cuir do luas in oiriúint don ghnáth-luas oiriúnach agus sábháilte ó thaobh an tsrutha tráchta agus de réir an dlí.
- Bí ag féachaint i do scáthán i gcónaí ach cuimhnigh go mbeidh caochspotaí ann, mar sin féach thar do chuid guaillí freisin. D'fhéadfadh trácht agus coisithe a bheith ag teacht suas in aice le d'fheithicil. Agus tú ag bogadh leat ó bheith stoptha, cinntigh go seiceálann tú na caochspotaí trí a bheith ag féachaint timpeall ort.

- Nuair  
féach  
cuí  
chun  
amach



a bheidh tú ullamh chun bogadh leat, i do chuid scáthán, tabhair an comhartha go bhfuil tú gluaiseacht sa trácht.


Do

## shuíomh ar an mbóthar

Cinntigh go bhfuil tú ag tiomáint chomh gar do thaobh na láimhe clé agus is féidir chun ligean don trácht dul tharat go sábháilte nó chun ligean dóibh scoitheadh ar thaobh na láimhe deise ach ní chomh gar do thaobh na láimhe chlé go bhfuil tú ag tiomáint sa lána rothaíochta nó ag blocáil nó ag cur rothaithe nó coisithe i gcontúirt.

Cad a uait a chun do athrú

- Má bhíonn



theastaíonn dhéanamh shuíomh a


tú ag scoitheadh, ag casadh ar dheis

nó ag dul thar choisithe, rothaithe, marcaigh capall nó úsáideoirí bóithre eile nó feithiclí atá páirceáilte, cinntigh go bhfuil sé sábháilte duit sin a dhéanamh.

- Seiceáil i gcónaí i do scáthán an bhfuil aon fheithicil ag teacht ar thaobh na láimhe deise nó ag scoitheadh taobh thiar duit, agus ná déan dearmad aird a choinneáil ar na caochspotaí.
- Tabhair comhartha soiléir chun a thabhairt le fios don trácht in am maith mar atá sé i gceist agat a dhéanamh agus lean ort.

## Bí cúramach le busanna agus le coisithe

**Ba chóir** duit ligean do bhusanna, a thugann an comhartha, teacht isteach sa sruth tráchta i ndiaidh dóibh paisinéirí a bhailiú nó a scaoileadh amach. Bí fíor chúramach maidir le coisithe agus iad ag dul ar an mbus agus den bhus agus maidir le leanaí in aice le scoileanna. Bí réidh le stopadh i gcónaí in aice le scoileanna. Molann an RSA duit a bheith ag tiomáint go cosantach, bí réidh le stopadh, an bonnán a shéideadh agus na coscáin a bhrú. Bí ar an airdeall i gcónaí.



## Cúram a ghlacadh maidir le rothaithe

Má bhíonn tú ag acomhal agus má tá líne stoptha chun tosaigh ann do rothaithe, **ba chóir** duit ligean do na rothaithe imeacht leo i dtús.

Agus tú ag casadh ar chlé, ba chóir do thiománaithe, go háirithe tiománaithe feithicil earraí troma a bheith ag faire amach do rothaithe agus do ghluaisrothaithe a bhíonn ag imeacht chun cinn nó ag casadh.

Ar chasadh ar chlé duit, bí ag faire amach do rothaithe agus do mhóipéidí gar den chiumhais os do chomhair amach nó a bheidh ar thaobh do láimhe clé. Ná téigh thar rothaí agus tú ag déanamh ar acomhal má tá tú ag casadh ar chlé; d'fhéadfadh an rothaí a bheith ag dul díreach ar aghaidh.

**Ba chóir** duit spás breise a fhágáil agus tú ag gabháil thar rothaí, mar go bhféadfadh sé go mbeadh orthu dromchlaí bóthair nach bhfuil cothrom agus bacainní a sheachaint. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach ar laethanta atá fliuch nó gaofar.



Bíodh 1 méadar ar a laghad idir tú féin agus an rothaí i gcriosanna luais suas le 50km san uair. Bíodh 1.5 méadar ar a laghad idir tú féin agus an rothaí i gcriosanna luais os cionn 50km san uair. Tabhair spás don rothaí dul ag rothaíocht go sábháilte.

## Ag roinnt an bhóthair le rothaithe

Má bhítear sa suíomh ceart ar an mbóthar, beidh deis ag rothaithe taisteal go sábháilte agus go hinniúil ar an líonra bóithre.

Ba chóir go mbeadh tiománaithe ar an eolas go bhféadfadh sé **go mbeadh** orthu treo a athrú ón ngnáthshuíomh tánaisteach ar an mbóthar (ar thaobh na lámhe clé den bhóthar) chuig suíomh níos príomhúla (i lár an bhóthair) chun:

- an radharc is fearr a fháil ar an mbóthar agus ar na hacomhail amach rompu.
- léargas níos fearr ar thrácht atá ag déanamh orthu, go háirithe sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh radharc an tiománaí blocáilte.
- casadh ar chlé nó ar dheis, dul isteach i dtimpeallán, lánaí a athrú nó ag déanamh ar chasadh.


Sula ndéanfaidh an rothaí a shuíomh ar an mbóthar a athrú, ba chóir do rothaithe ‘breathnú, comhartha a thabhairt in am agus breathnú arís’ lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte sin a dhéanamh. Sa chás nach bhfuil an rothaí muiníneach faoin suíomh ‘príomhúil’, tá sé níos sábháilte teacht anuas den rothar agus an bóthar a thrasnú de shiúl na gcos.

Ba chóir do thománaithe seiceáil i gcónaí le haghaidh rothaithe agus spás breise a thabhairt dóibh, mar go bhféadfadh sé go mbeadh orthu a suíomh ar an mbóthar a athrú chun dromchlaí bóthair nach bhfuil cothrom agus bacainní a sheachaint.

## Lánaí tráchta a athrú

Ná hathraigh ó lána tráchta amháin go lána tráchta eile gan cúis mhaith a bheith agat leis.

**Ní mór** duit géilleadh don trácht atá sa lána cheana féin a bhfuil sé ar intinn agat aistriú chuige.



### CUIMHNIGH

Níl ceart slí agat díreach mar gheall gur thug tú comhartha.

## Conas lánaí a athrú go sábháilte

- Má tá cúis mhaith agat le lánaí a athrú, bain úsáid as do chuid scáthán agus seiceáil ag tabhairt dalladh ama duit féin chun a chinntiú go bhfuil an bealach glan. Chun do chaochspota a sheiceáil nuair atá tú ag taisteal ag luas, **féach le do thaobh go tapa** chun suíomh na feithicle a d'fhéadfadh a bheith imithe as amharc ort sa scáthán a sheiceáil.
- Tabhair comhartha go bhfuil sé ar intinn agat lána a athrú agus déan é sin nuair atá an bealach glan agus é sábháilte agat é a dhéanamh.
- Déan de réir aon chomharthaí bóthair nó marcanna (saighidchomharthaí de ghnáth) a léiríonn an treo **nach mór** don trácht sna lánaí sin a thógáil, agus tú i lána nó ag déanamh ar acomhal.


## Scoitheadh

Ná scoith ach amháin má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh ó do thaobh féin agus ó thaobh an tráchta eile. Bí cúramach maidir le nithe a d'fhéadfadh cur as don radharc atá agat ar an mbóthar os do chomhair, ar nós cnoic, claonadh, casadh, droichid, bóthar ag cúngú nó trasrian coisithe. Tabhair aird ar na rialacha atá ar chomharthaí nó ar mhar-canna bóthair (línte bána leanúnacha, briste, singil, dúbailte) atá clúdaithe in Alt 6.

### Conas scoitheadh go sábháilte

Cinntigh go bhfuil an bóthar os do chomhair glan ionas go mbeidh dóthain achair agat le scoitheadh agus le dul ar ais ar do thaobh féin den bhóthar gan cur faoi deara d'úsáideoirí eile bóithre bogadh as an mbealach chun tú a sheachaint.

- Ná lean d'aon fheithicil eile caol díreach atá ag scoitheadh riamh.
- Géill do thrácht ó do chúl atá ag scoitheadh cheana féin agus atá ag taisteal ag luas níos tapa.
- Seiceáil go bhfuil an bealach glan roimh scoitheadh, seiceáil i do scáthán agus sna caochspotaí chun a chinntiú nach bhfuil feithicil eile ag druim leat ó do chúl. Tabhair comhartha in am, bog amach nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh, géaraigh ar an luas agus téigh thar an fheithicil eile lena laghad moille agus is féidir.
- Nuair atá tú imithe thar an fheithicil, seiceáil sa scáthán, tabhair comhartha agus bog isteach arís de réir a chéile ag cinntiú nach bhfuil tú ag gearradh isteach os comhair na feithicle atá scoite agat.
- Bí thar a bheith cúramach agus tú ag scoitheadh feithicle a bhfuil an comhartha 'FEITHICIL FHADA' uirthi. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an fheithicil 13 méadar ar fhad ar a laghad agus beidh tuilleadh achair ag teastáil uait le scoitheadh agus le fillleadh go sábháilte ar thaobh na láimhe clé den bhóthar.
- **Níor chóir** duit an teorainn luais a shárú, fiú agus tú ag scoitheadh.



## CUIMHNIGH

De ghnáth ní mór duit scoitheadh ar an taobh deas. Féadfaidh tú, áfach, scoitheadh ar an taobh clé sna himthosca atá liostaithe thíos.

### Féadfaidh tú scoitheadh ar an taobh clé, má

- Theastaíonn uait dul díreach ar aghaidh sa chás gur bhog an tiománaí atá os do chomhair amach agus thug comhartha go bhfuil sé ar intinn aige casadh ar dheis.
- Tá comhartha tugtha agat go bhfuil sé ar intinn agat casadh ar chlé.
- Tá an trácht sa dá lána ag gluaiseacht go mall agus tá an trácht sa lána ar thaobh na lámhe clé ag gluaiseacht níos tapa ná an trácht sa lána ar thaobh na lámhe deise - mar shampla, i dtrácht atá ag gluaiseacht go mall - ag stopadh is ag tosú.

### Níor chóir duit scoitheadh nuair

- atá tú ag trasrian peileacánach, trasrian síogach nó ag comharthaí coisithe nó gar díobh.
- atá sé toirmisceithe ag comhartha tráchta nó ag marcanna bóthair.
- atá tú ag déanamh ar acomhal.
- atá tú ag déanamh ar choirnéal, casadh, titim sa bhóthar, droichead dronnach, mullach cnoic nó ar bhóthar atá cúng.
- atá tú sa lána ar thaobh na lámhe clé den débhealach nó den mhótarbhealach nuair atá an trácht ag gluaiseacht ag gnáthluas.
- a chuirfeadh sé úsáideoir eile i mbaol nó a chuirfeadh sé as d'úsáideoir eile bóithre.

### Cad atá le déanamh nuair atá duine éigin eile ag scoitheadh

- Lean ort ag an luas céanna, seachas sa chás nach bhfuil sé sábháilte sin a dhéanamh.
- Coinnigh chomh gar do thaobh na lámhe clé is atá sábháilte.
- Ná géaraigh ar an luas.
- Bí airdeallach sa chás go dtarraingeodh an fheithicil atá ag scoitheadh isteach os do chomhair gan choinne.

## Ag cúlú

### Conas cúlú go sábháilte

- Trí fhéachaint go cúramach thart timpeall ort, seiceáil le haghaidh coisithe nó trácht atá in aice láimhe, os do chomhair agus ar do chúl, agus thar an dá ghualainn thrí d’fhuinneog cúl agus i do chuid scáthán.
- Bí thar a bheith cúramach san áit a bhféadfadh leanaí a bheith bailithe, ar nós scoileanna, clóis súgartha, bóithre cónaithe, carrchlóis nó do chabhsán féin.
- Má tá tú srianta ó thaobh amhairc de, iarr cabhair le linn duit a bheith ag cúlú.
- Géill slí do thrácht nó do choisithe eile.
- Nuair atá tú ag cúlú ó phríomhbhóthar isteach ar mhionbhóthar, fan go mbeidh sé sábháilte cúlú go mall sách fada isteach sa taobh-bhóthar le deis a thabhairt duit an suíomh ceart ar thaobh na láimhe clé a ghlacadh agus tú ag dul isteach arís ar an bpríomhbhóthar.
- Bí thar a bheith cúramach sa chás go bhfuil tú ag cúlú agus é dorcha.
- Sa chás go bhfuil amhras ort tar amach as d’fheithicil agus seiceáil an áit.
- **Níor chóir** duit cúlú ó mhionbhóthar amach ar phríomhbhóthar mar go bhfuil sé contúirteach é sin a dhéanamh.
- Nuair atá tú ag páirceáil i do chabhsán féin nó i gcarrchlós, **ba chóir** duit, nuair is féidir, cúlú ‘isteach’ agus beidh tú ábalta ansin tiomáint amach go sábháilte.

## U-chasadh

**Níor chóir** duit U-chasadh a dhéanamh mura bhfuil na coinníollacha tráchta go hiomlán sábháilte le sin a dhéanamh.

- Seiceáil nach bhfuil aon chomharthaí nó marcanna bóthair ann a chuireann cosc ar U-chasadh, mar shampla líne bhán leanúnach i lár an bhóthair.
- Seiceáil nach bóthar aontreo atá ann.
- Aimsigh áit shábháilte, áit a mbeidh amharc soiléir agat i ngach treo.
- Géill slí d’úsáideoirí eile bóithre.
- Seiceáil go cúramach maidir le rothaithe agus gluaisrothaithe.

- Ná déan aon mhoill nó ná cur cosc ar choisithe trasnú go sábháilte.
- Déan cinnte go bhfuil dóthain spáis agat leis an mbeart a dhéanamh go sábháilte agus go réidh.




Níl U-chasadh Ceadaithe

(Féach Cuid 9 le haghaidh rialacha/treoirínte maidir le casadh)


## Ag moilliú anuas nó ag stopadh ar thaobh an bhóthair

- Seiceáil i do scáthán agus cinntigh go bhfuil sé ar do chumas moilliú anuas agus stopadh go sábháilte.
- Ní mór duit comhartha a thabhairt nuair atá tú ag athrú cúrsa agus ag tarraingt isteach chun stopadh.
- Chomh maith le comhartha a thabhairt go bhfuil sé ar intinn agat moilliú anuas is féidir leat na soilse coscáin a úsáid nó do lámh dheas a chur amach san fhuinneog agus comhartha a thabhairt maidir lena bhfuil ar intinn agat, (féach thíos) sa chás go gceapann tú go bhféadfadh sé nach mbeadh na soilse coscáin le feiceáil nó nach bhfuil siad ag feidhmiú. Mura bhfuil siad ag obair cuir caoi orthu chomh luath agus is féidir.





- Má tá níos mó ná 1.5 méadar idir na feithiclí, bain úsáid as feiste rabhaidh ar nós bratach bhán atá 30 ceintiméadar cearnaithe ar a laghad le haird a tharraingt ar an mbarra tarraingthe.
- Má theastaíonn uait feithicil eile a tharraingt le rópa nó le strapa -mar shampla, feithicil atá stoptha ort - níor chóir duit an fheithicil sin a tharraingt ach chomh fada leis an gcéad áit shábháilte eile is gaire len í a dheisiú.
- Má tá tú ag tarraingt feithicle le fearas stiúrtha dá cuid féin, cinntigh go bhfanann duine éigin inti le dul i mbun stiúrtha.



- Má táthar ag tarraingt feithicle **ní mór** go mbeidh ceadúnas ag an duine atá á stiúradh leis an gcatagóir chéanna feithicle a thiomáint.
- Cinntigh go bhfuil an leantóir suiteáilte le coscáin má tá Mais Údaraithe Uasta (MAM) de níos mó ná 750kg aige nó má tá sé níos mó ná leath mheáchan ualaithe na feithicle tarraingthe (cibé acu is lú). Áirítear air sin coscán láimhe agus coscán slándála. Ní mór do leantóirí níos sine nach bhfuil coscán slándála orthu cúplán tánaisteach (slabhra nó téad sreinge) a bheith orthu ina áit.
- **Ní mór** comhartha nó comharthaí ‘FEITHICIL FHADA’ a bheith ar chúl an leantóra deiridh á dtaispeáint ag cónasc feithiclí nó ag feithicil altach atá níos mó ná 13 mhéadar ar fhad.

**Ní mór** ualaí a shuiteáil go sábháilte agus a cheangal síos go daingean. **Níor chóir** duit ualaí a iompar má ghobann siad amach ar thaobh an leantóra fad a bhíonn sé á tharraingt. Is féidir le hualaí a bheith ag gobadh amach ó chúl agus ar thaobh an leantóra ar an gcoinníoll nach sáraítear na teorainneacha seo a leanas:

- **Níor chóir** d’ualaí (seachas cuailí atá beartaithe le húsáid ag seirbhísí teileafóin nó leictreachais) a bheith ag gobadh amach níos mó ná 3 mhéadar níos faide ná cúl an leantóra.
- **Ní mór** ualaí a bhíonn ag gobadh amach níos mó ná 1 mhéadar ar chúl a mharcaíl le bratach dhearg nó éadach dearg ar a laghad 300 milliméadar cearnaithe (thart ar 12 orlach cearnaithe) i rith an lae. San oíche, áfach, **ní mór** ualaí a bhíonn ag gobadh amach a fheistiú le frithchaiteoir dearg agus solas dearg.
- **Níor chóir** d’ualaí (seachas táirgí talmhaíochta nach bhfuil i mburlaí ná boscaí) a bheith ag gobadh amach níos mó ná 300 milliméadar (thart ar 12 orlach cearnaithe) os cionn thaobh an leantóra. San oíche, **ní mór** soilse a chur ar na hualaí sin - solas bán chun tosaigh agus solas dearg ar chúl. **Ní mór** na soilse sin a chur chomh gar agus is féidir don chuid is faide amach ar an ualach.
- Más féidir, **ba chóir** ualaí a shuiteáil go cothrom trasna an leantóra agus iad a shuíomh ar bhealach a choimeádann an meáchan tosaigh (is é sin, an meáchan a chuireann barra tarraingthe an leantóra ar an gcúplán) laistigh de na teorainneacha a mholtar don fheithicil tarraingthe. Léigh leabhrán an úinéara le haghaidh tuilleadh mionsonraí. Má chaitheann tú ualach a iompar nach féidir a shuiteáil go cothrom, bí cinnte go bhfuil sé srianta i gceart agus nach bhfuil ró-ualach ar acastóirí ná ar an mbarra tarraingthe. Seans go mbeidh ort an t-ualach foriomlán a laghdú chun sin a bhaint amach.
- Nuair a bhíonn leantóir á tharraingt agat, beidh an luas uasta a bheidh cead ag an bhfeithicil a dhéanamh éagsúil ón luasteorainn léirithe. Féach leathanach 114 le haghaidh tuilleadh eolais.

Tá tuilleadh eolais faoi ualaí éagsúla a tharraingt go sábháilte agus mar a ríomhtar cumas tarraingthe na feithicle ar fáil ag [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## Ag tiomáint san oíche


Cinntigh go bhfuil do chuid soilse, táscairí, frithchaiteoirí agus soilsiú uimhirphlátaí glan agus i ndea-bhail oibre ionas go mbeidh ar do chumas feiceáil go soiléir agus a bheith feicthe i gcónaí. Tá gaothscáth atá glan an-tábhachtach má tá tú ag tiomáint san oíche.

**Ní mór** duit tiomáint ag luas a thugann deis duit stopadh laistigh den achar atá clúdaithe ag do chuid soilse. Ag glacadh leis go bhfuil coinníollacha maithe tiomána ar bhóthar gan solas, tugann ceannsoilse gnáthchairs deis feiceála tuairim is 100 méadar chun cinn duit. Tabharfaidh soilse maolaithe an deis duit le feiceáil 30 méadar chun cinn agus clúdóidh carr atá ag taisteal ag thart ar 100km san uair an t-achar sin i dtuairim is soicind amháin.

Coinnigh do chuid ceannsoilse socraithe i gceart. Má tá siad as líne, ní bheidh siad chomh héifeachtach sin agus d'fhéadfadh siad trácht atá i do choinne a dhalladh, fiú agus iad maolaithe.

Fiú leis na ceannsoilse is fearr ar bith, ní bheidh ar do chumas an méid céanna a fheiceáil san oíche agus a fheiceann tú sa lá. Tá sé thar a bheith deacair coisithe agus rothair gan solas a fheiceáil sa dorchadas, go háirithe má tá ort déileáil le dalladh ó shoilse atá i do choinne.

Tá roinnt acomhal marcáilte le stodaí le dath speisialta nó le cuaille rianóra chun cabhrú le húsáideoirí bóithre an t-acomhal a fheiceáil agus iad ag déanamh air agus an dorchadas ag teannadh leo nó le linn tréimhsí drochléargais.



Cuaille rianóra acomhal



## Lasadh soilse i rith an lae

Tagraíonn lasadh soilse i rith an lae do thiomáint le ceannsoilse maolaithe i rith an lae. D'fhéadfadh úsáid ceannsoilse cabhrú le líon na mbásanna agus na ngortaithe tromchúiseacha ar na bóithre a laghdú.

Déan cinnte do chuid ceannsoilse maolaithe a lasadh nuair a thosaíonn sé ag fáil dorcha mar nach bhfuil sé sábháilte ná feiliúnach soilse lae a úsáid san oíche.

Mura bhfuil d'fheithicil suiteáilte le soilse a lasann i rith an lae, **ba chóir** duit tiomáint le do chuid ceannsoilse maolaithe air i rith an lae.

## Cathain is cóir ceannsoilse a úsáid

Má cheanglaíonn coinníollacha ort do chuid ceannsoilse a úsáid le tiomáint go sábháilte, **ní mór** duit iad a úsáid. Bain úsáid as ceannsoilse maolaithe san oíche nó ceannsoilse príomhbhíoma mar is cuí. Má tá amhras ort, cuir air iad. Cinntigh go bhfuil na soilse dearga agus soilse an uimhirphláta ar chúl na feithicle ag obair.

Bain úsáid as **ceannsoilse maolaithe**:

- díreach agus é ag éirí dorcha (breacdhorchadas) agus roimh dheireadh uaireanta soilsithe (breacadh an lae);
- chomh fada is atá siad ag teastáil le cur ar do chumas feiceáil go soiléir;
- nuair a bhíonn tú stoptha sa trácht;
- nuair a bhíonn trácht eile ag déanamh ort;
- i limistéir faoi fhoirgnimh san áit ina bhfuil soilsiú sráide go maith;
- ar bhóithre le soilse leanúnacha lasmuigh de limistéir faoi fhoirgnimh;;
- nuair atá tú ag leanúint ar chúl feithicle eile;
- sa chás go bhfuil ceo trom, sneachta ag titim nó báisteach throm ann;
- sa chás go bhfuil solas an lae ag dul in éag; agus
- go ginearálta ar mhaithe le cur isteach ar thrácht eile a sheachaint.

Is cleachtadh maith atá ann úsáid a bhaint as ceannsoilse maolaithe nó do chuid soilse a mhaolú, seachas taobhsoilse a úsáid i limistéir atá faoi fhoirgnimh san áit ina bhfuil soilsiú sráide go maith.

- Bain úsáid as na ceannsoilse príomhbhíoma, in imthosca, in áiteanna agus in amanna lasmuigh den mhéid atá liostaithe thuas.
- Bain úsáid as lampaí ceo le linn ceo trom nó nuair atá sé ag cur sneachta. **Ní mór** duit iad a chasadh ag gach am eile.
- Moltar duit, sa chás go bhfuil tú stoptha (seachas sa trácht), nach bhfágfaidh tú na ceannsoilse ar siúl agus na ‘taobhsoilse’ nó na ‘soilse páirceála’ a úsáid. **Níor chóir** duit ceannsoilse a fhágáil ar siúl agus tú páirceáilte.

## Cad ba chóir duit a dhéanamh má tá ceannsoilse feithicle do dhalladh

- Moilligh anuas agus stop más gá.
- Coinnigh súil amach i gcónaí do choisithe nó do rothaithe ar do thaobh féin den bhóthar.
- Má tá tú dallta ag trácht atá ag déanamh ort, seachain é trí fhéachaint ar an gciumhais (ar do thaobh féin den bhóthar) go mbeidh an fheithicil imithe thart. Más í an fheithicil atá ar do chúl atá do dhalladh agus má tá sé scalta i do scáthán, feidhmigh modh na hoíche ar an scáthán.

## Ag tiomáint go cúramach taobh thiar d'fheithiclí eile

Clúdaítear i gCuid 8 an tábacht a bhaineann le hachar sábháilte a choinneáil ó fheithiclí atá os do chomhair. Ná tiomáin, go háirithe, ar chúlsoilse na feithicle atá os do chomhair. Tugann sé muintín duit nach bhfuil bunús ceart leis agus d'fhéadfadh sé tú a mhealladh tiomáint ró-ghar nó ró-thapa, nó an dá cheann. Má fheiceann tú soilse dearga feithicle os do chomhair, maolaigh na ceannsoilse le dalladh tiománaí na feithicle atá os do chomhair a sheachaint.



## An bonnán a úsáid

Ná bain úsáid as an mbonnán ach amháin:

- le rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí eile bóithre maidir le dainséar atá ag teacht, nó
- le cur in iúl dóibh go bhfuil tú ansin ar mhaithe le cúiseanna sábháilteachta sa chás go bhfuil sé sin riachtanach.

Cuimhnigh, níl ceart slí agat mar gheall ar bhonnán.

Ná bain úsáid as an mbonnán i limistéir faoi fhoirgnimh idir 11.30 san oíche agus an 7 ar maidir mura bhfuil éigeandáil tráchta ann.

### CUIMHNIGH

**Ní mór** duit tiomáint agus aird chúí agat ar úsáideoirí eile bóithre.

## Cuid 6:

# Comharthaí tráchta agus marcanna bóthair



**Ní mór** go mbeadh an méid a chiallaíonn comharthaí tráchta agus marcanna bóthair ar eolas agat sula dtugann tú faoi thiomáint ar bhóthar poiblí. Díríonn an chuid seo ar na comharthaí a dtiocfaidh tusa mar thiománaí trasna orthu go minic. Clúdaíonn Codanna 21 go 25 an raon comharthaí is tábhachtaí atá á n-úsáid ar bhóithre na hÉireann i láthair na huaire.

**Ní mór** go mbeidh na comharthaí sin ar eolas agat agus go mbeidh tuiscint agat orthu agus go bhfreagrófaí i gceart agus tú ag teacht trasna orthu ar an mbóthar.

Tá na comharthaí tráchta agus na marcanna bóthair roinnte i dtrí chatagóir leathan:

- Rialáil,
- Rabhadh, agus
- Eolas.

Déantar comharthaí ó chatagóirí difriúla a úsáid in éineacht uaireanta ar mhaithe le sábháilteacht bóithre a fheabhsú.

Baintear úsáid as cineálacha difriúla comharthaí do lánáí bus agus rothar, do mhótarbhealaí agus do chrosairí iarnróid agus droichid. Tá sraith speisialta comharthaí rabhaidh d'oibreacha bóthair ann freisin. Déantar cur síos orthu sin ar fad ag deireadh na coda seo.

## Comharthaí Rialála

Léiríonn siad sin na nithe **nach mór** duit a dhéanamh faoi dhlíthe um thrácht ar bhóithre agus mar sin **ní mór** go ndéanfadh gach úsáideoir bóithre dá réir. Tá comharthaí rialála roinnte i líon grúpaí:

- Comharthaí ingearacha;
- Marcanna bóthair; agus
- Soilse tráchta.

Díríonn an chuid seo ar chomharthaí rialála ingearacha agus ar mharcanna bóthair. Clúdaíonn Cuid 7 soilse tráchta go mion.

## Comharthaí ingearacha

Cé leis is cosúil iad:

Go ginearálta, gabhann dhá fhormaid leo. D'fhéadfadh cruth ciorclach, ochtagánach, triantánach nó dronuilleogach a bheith orthu, mar a thaispeántar sna samplaí thíos:

- cúlra bán le himeall dearg agus litreacha dubha, siombailí nó uimhreacha, agus
- cúlra gorm le siombailí nó litreacha bána.



Stop



Géill slí



Géill slí



Srianadh criosach  
– níl páirceáil d'fheithiclí móra ceadaithe



Cosc ar iontráil



100km san uair



Cosc ar pháirceáil



Cosc ar iontráil d'fheithiclí




Cas ar chlé



Trambhealach ar dheis



Tús le raon rothar



Lána bus in aghaidh an tsrutha

Tabhair ar aird gur cion lena mbaineann muirear seasta €60 é gan aird a thabhairt ar an gcomhartha 'Cosc ar iontráil d'fheithiclí' a léirítear thuas.

Baineann an comhartha thíos le tiománaithe Feithiclí Earraí Troma (HGVan) agus feithiclí móra nach feithiclí paisinéirí iad. Ciallaíonn sé nach féidir le feithiclí leis an líon acastóirí atá taispeánta (nó níos mó) an bóthar a úsáid gan ceadúnas i rith na n-amanna atá taispeánta. **Ba chóir** duit an pláta eolais nó an cead a sheiceáil ar mhaithe leis na teorainneacha ama agus srianta eile is infheidhme a dheimhniú.



Cosc ar iontráil d'fheithiclí earraí (trí thagairt don líon acastóirí))



Pláta eolais

Baineann na comharthaí thíos le gach tiománaí feithiclí a d'fhéadfadh a bheith ag sárú na srianta ó thaobh meáchain, faid nó leithid ar bhóithre áirithe. **Ní mór** duit cloí le comharthaí den sórt seo. Is cion é gabháil thar chomharthaí den sórt seo má tá d'fheithicil ag sárú an meáchan, an fad nó an leithead atá i bhfeidhm. Baineann muirear seasta €60 leis an gcion seo.



leithead uasta



airde uasta



ollmheáchan ceaptha feithicle (sábháilteacht)



meáchan ualaithe acastóra uasta



## Comharthaí Stop agus Géill Slí

Mar a fheiceann tú ón léaráid, is comhartha ochtagánach le himeall bán é an comhartha ingearach **Stop**. Is é seo an t-aon chomhartha rialála ar an gcruth seo. Tá comharthaí Stop ag aomhail le príomhbhóithre. Má tá tú ag déanamh ar chomhartha Stop, **ní mór** duit stopadh go hiomlán sula dtéann tú isteach ar an bpríomhbhóthar, beag beann ar chomh ciúin is a fhéachann an trácht.



Stop

Níl sa chomhartha **Géill Slí** ingearach seo ach díreach leagan amháin den chomhartha seo. Tá leaganacha eile sa chruth agus ar an dath céanna ach d'fhéadfadh sé gur 'Géill Ceart Slí' nó 'Géill Slí' a bheadh orthu. Má fheiceann tú comhartha Géill Slí ar an mbóthar, gar d'acomhal nó do thimpeallán de ghnáth, **ní mór** duit géilleadh d'aon trácht atá ar an bpríomhbhóthar romhat agus níor chóir duit dul isteach ar an bpríomhbhóthar go mbeidh sé sábháilte é sin a dhéanamh. Déan cinnte go dtugann tú dóthain ama duit féin leis an mbeart a chur i gcrích. Is fearr a bheith sábháilte ná in aiféala.



Géill Slí

## Comharthaí rialaithe lánaí tráchta

Bíonn na comharthaí rialaithe lánaí tráchta seo ar fáil ar **bhóithre náisiúnta nó ar mhótarbhealaí**. Nuair a bhíonn na comharthaí i bhfeidhm, lasfar na soilse ómra ag bun agus barr an chomhartha ceann ar cheann.

Ciallaíonn saighead glas ag díriú síos go bhfuil an lána oscailte agus go bhfuil cead agat dul ar aghaidh tríd an lána sin.



Gabh ar aghaidh  
(lána ar oscailt)

Ciallaíonn X dearg go bhfuil an lána dúnta. **Ní mór** duit stopadh. **Níl cead** agat dul thar an gcomhartha seo. Is ionann é agus comhartha stoptha.



Stop (lána dúnta)

Ciallaíonn saighead glas ag díriú ar chlé **nach mór** duit bogadh isteach sa lána ar chlé. Fad a dhéantar seo **ní mór** duit cloí le rialacha ginearálta an bhóthair maidir le lánaí a athrú go sábháilte.



Bog isteach sa lána ar chlé

Ciallaíonn saighead glas ag díriú ar dheis **nach mór** duit bogadh isteach sa lána ar dheis. Fad a dhéantar seo **ní mór** duit cloí le rialacha ginearálta an bhóthair a bhaineann le lánaí a athrú go sábháilte.




Bog isteach sa lána ar dheis

Sa chás go dtéann tiománaí thar ceann de na comharthaí rialaithe lánaí tráchta ar bhealach nach bhfuil de réir an chomhartha, nó gan géilleadh, beifear in ann muirear seasta €60 a ghearradh air/uirthi.

## Sráideanna aontreo

Nuair atá tú ag déanamh ar shráid aontreo, d'fhéadfadh sé go bhfeicfeá ceann de dhá chomhartha rialála. Má tá tú ag an tslí isteach i sráid aontreo, feicfidh tú comhartha rialála 'Téigh Díreach ar Aghaidh'. Má tá tú ag déanamh ar an taobh 'mícheart' de shráid aontreo, feicfidh tú na marcanna rialála bóthair atá taispeánta thíos a léiríonn 'Cosc ar Iontráil' agus níor chóir duit dul thar na marcanna sin.



D'fhéadfadh sé go bhfeicfeá comhartha ingearach 'Cosc ar Iontráil' le marcanna bóthair.



Ar aghaidh díreach



Cosc ar iontráil



Cosc ar iontráil  
d'fheithiclí

## Ag tiomáint ar shráid aontreo

Cé go bhfuil an trácht go léir ar shráid aontreo ag taisteal sa treo céanna, fós **ba chóir** duit tiomáint ar thaobh na lámhe clé. Is ar an gcoinníoll go bhfuil tú ag scoitheadh nó ag casadh ar dheis níos faide ar aghaidh a bheidh ar do chumas taobh na lámhe clé a fhágáil. Féadfaidh tú tiomáint ar an dá thaobh d'oileán tráchta, ach tabhair na marcanna saighid ar an mbóthar ar aird.

Ná hathraigh lánaí ach sa chás go gcaithfidh tú sin a dhéanamh. Má chaitheann tú lánaí a athrú, seiceáil do chuid scáthán agus caochspotaí ó thaobh aon trácht a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn ó do chúl nó atá ag scoitheadh. Nuair atá an bealach glan, tabhair comhartha maidir lena bhfuil ar intinn agat a dhéanamh, bog ar aghaidh, ag tabhairt ceart slí d'aon trácht atá sa lána cheana féin.

Nuair atá tú ag casadh ar dheis amach as sráid aontreo, tiomáin chomh gar do thaobh na láimhe deise agus is féidir leat.

Cuimhnigh go bhféadfadh sé gur bóthar dhá threo a bheadh ag deireadh na sráide aontreo. D'fhéadfadh sé go bhfeicfeá an comhartha rabhaidh seo más ea.



Trácht dhá threo

## Sráideanna le haghaidh coisithe

Taispeánann an comhartha rialála thíos go bhfuil an tsráid dúnta do gach úsáideoir bóithre seachas do choisithe ar na hamanna atá taispeánta ar an bpláta eolais atá in íochtar.



Sráid do choisithe amháin

## Marcanna bóthair

Is ionann marcanna bóthair agus comhartha tráchta i bhfoirm agus i ndearadh de mharcanna ar dhromchla an bhóthair. Tá an stádas céanna acu le comharthaí ingearacha. **Ní mór** d'úsáideoirí bóithre déanamh de réir na marcanna bóthair seo.

Taispeánann na léaráidí na cineálacha is coitianta marcanna bóthair agus cad a chiallaíonn siad.

## Marcanna bóthair

## Cad is brí leo


Línte bána aonair leanúnach nó línte bána dúbailte leanúnach feadh lár an bhóthair

Roinneann siad seo an dá lána tráchta atá ag taisteal i malairt treo. **Ní mór** don trácht go léir coinneáil ar chlé den líne (seachas i gcás éigeandála nó ar mhaithe le rochtain).



Línte bána níos faide nó bearnaí níos giorra idir na línte feadh lár an bhóthair.

Roinneann siad seo an dá lána tráchta atá ag taisteal i malairt treo. Cuireann na línte rabhaidh seo tiománaithe ar an airdeall maidir le guaiseacha ar nós radharc atá srianta, déanamh ar acomhail, déanamh ar thimpeallán, cnoc, mullach cnoic, castaí, agus líne bhán leanúnach ar aghaidh. Níor chóir duit iad a thrasnú mura bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh.



Línte bána briste gearra feadh lár an bhóthair

Roinneann siad seo an dá lána tráchta atá ag taisteal i malairt treo. **Níor chóir** duit iad a thrasnú mura bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh.



Línte bána dúbailte briste feadh lár an bhóthair

Roinneann siad seo an dá lána tráchta atá ag taisteal i malairt treo. Cuireann siad tiománaithe ar an airdeall maidir le línte bána leanúnacha a bheith laistigh d'achar gearr chun cinn. Mar thiománaí, **níor chóir** duit iad a thrasnú mura bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh.



Líne bhriste bhán le líne bhán aonair feadh lár an bhóthair.

Roinneann siad seo an dá lána tráchta atá ag taisteal i malairt treo. **Ní mór** don tiománaí déanamh de réir na líne báine is gaire dó. Sa phictiúr seo, **ní mór** do thiománaí an chairr fanacht ar chlé den líne bhán.








Líne bhuí bhriste aonair feadh taobh an bhóthair

Tá gualainn chrua ar an mbóthar seo, agus de ghnáth, is do choisithe agus do rothaithe **amháin** é sin.

Má theastaíonn ón tiománaí deis a thabhairt don fheithicil ar a gcúl scoitheadh, féadfaidh siad tarraingt isteach ar an ngualainn chrua (ach ná coinnigh ort ag tiomáint sa ghualainn chrua) chomh fada is nach bhfuil aon choisithe ná rothaithe ag baint úsáid aisti cheana féin agus nach bhfuil aon acomhail ná bealaí isteach in aice láimhe.

Tá rialacha difriúla ann do ghualainn chrua ar mhótar-bhealaí. Féach Cuid 11 chun mionsonraí a fháil.



Marcanna bóthair	Cad is brí leo	
<p>Líne Géill Slí bhán bhriste ag trasnú lána na lámhe clé. D'fhéadfadh siombail Géill Slí thriantánach bán a bheith ann in éineacht leis an líne Géill Slí freisin.</p>	<p><b>Ní mór</b> don tiománaí ceart slí a thabhairt d'aon trácht atá ar phríomhbhóthar atá roimhe. De ghnáth bíonn an líne géill slí le comhartha Géill Slí ingearach.</p>	
<p>Líne bhán leanúnach Stop ag trasnú lána na lámhe clé. D'fhéadfadh an focal STOP a bheith in aice nó ag an líne Stop freisin.</p>	<p><b>Ní mór</b> don tiománaí stopadh go hiomlán roimh dhul isteach ar phríomhbhóthar. Bíonn an líne stop in éineacht le comhartha Stop ingearach uaireanta.</p>	
<p>Réamh-líne stop do rothaithe, atá os comhair líne stop do thrácht eile</p>	<p>Féadfadh rothaithe iad féin a shuíomh os comhair trácht eile ag acomhal atá rialaithe le soilse tráchta. <b>Ní mór</b> do thiománaí mótarfheithlice fanacht taobh thiar den chéad líne bhán a shroicheann siad agus níor chóir dóibh trasnú isteach sa limistéar scáthaithe. <b>Ní mór</b> don tiománaí dóthain spáis agus ama a thabhairt do rothaithe freisin le bogadh ar aghaidh nuair a théann na soilse uaine.</p>	
<p>Bosca casta a thaispeánann saighead bhán i mbosca le himeall bán, atá le fáil ag acomhail atá rialaithe le soilse tráchta</p>	<p>Taispeánann sé seo cá bhfuil an fheithicil le suíomh má theastaíonn uait casadh ar dheis. Ná téigh isteach sa bhosca nuair atá an solas dearg. Má chiallaíonn trácht i do choinne nach féidir leat casadh ar dheis ar an bpointe boise, <b>ní mór</b> duit fanacht sa bhosca go mbeidh sé ar do chumas casadh go sábháilte.</p>	

## Comharthaí Rabhaidh

Tugann na comharthaí seo rabhadh duit maidir le guaiseacha atá amach romhat, ar nós timpealláin, crosairí, cor contúirteach nó aon ní eile a chuirfeadh faoi deara duit tiomáint níos cúramaí. **Ba chóir** duit a bheith thar a bheith cúramach nuair a fheiceann tú comhartha rabhaidh. D'fhéadfá éigeandáil a chruthú mura dtugann tú aird ar na comharthaí sin.

### Cé leis is cosúil iad

Tá an fhormáid chéanna ag gabháil le gach comhartha rabhaidh. Tá siad:

- i gcruth muileata nó dronuilleogach;
- le cúlra buí le himeall dubh, agus
- tá siombail dhubh in úsáid chun taispeáint go bhfuil guais romhat.

Tá siad i gcruth ingearach freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil siad ar thaobh an bhóthair nó in airde ar bhalla seachas a bheith péinteáilte ar dhromchla an bhóthair.

Taispeánann an léaráid seo roinnt de na comharthaí rabhaidh is coitianta.



Timpeallán romhat



Sraith corra dainséaracha romhat



Scoil romhat



Coirnéal contúirteach romhat



Comhartha rabhaidh trambhealaigh do choisithe



Crosbhóithre



Bord rachtáin (athrú géar treo ar dheis)



T-acomhal

Tá níos mó samplaí de chomharthaí rabhaidh i gCuid 22.

## Comharthaí maidir le hoibreacha bóthair

Tá na comharthaí seo difriúil ó chomharthaí rabhaidh eile. **Ba chóir** duit a bheith an-chúramach agus luas a laghdú nuair a fheiceann tú na comharthaí sin.

Bíonn:

- cruth dronuilleogach nó muileata orthu; agus
- bíonn siad oráiste le himeall dubh agus siombailí nó focail dhubha.

Is samplaí iad na híomhánna thíos de na comharthaí sin.



Deireadh le  
malairt slí



Oibreacha bóthair  
romhat



Soilse tráchta  
sealadacha romhat



Fear brait romhat

Tá gluaiseacht feithiclí ag nó in aice le hoibreacha bóthair rialaithe de réir dlí.

## Rialú tráchta Stop agus Téigh ag oibreacha bóthair

Nuair atáthar i mbun oibreacha bóthair **ní mór** duit stopadh nuair a fheiceann tú an comhartha Stop (sa phictiúr thíos). Ní féidir leat bogadh ar aghaidh trí nó thar oibreacha bóthair ach amháin nuair atá an comhartha Téigh ar taispeáint. Is cion atá ann gan déanamh de réir na gcomharthaí sin.

Nuair atá gléasra nó innealra ag trasnú an bhóthair agus is cuma cén treo as a bhfuil tú ag teacht, **ní mór** duit stopadh nuair a fheiceann tú an comhartha Stop (féach thíos). **Ní mór** duit déanamh de réir na gcomharthaí bóthair sin. D'fhéadfadh na comharthaí sin a bheith á n-oibriú trí bhealaí meicniúla nó le láimh.

### Comhartha srianta tráchta láimhe ag oibreacha bóthair



Stop



Féadfar foirm de Gabh nó Téigh a úsáid



Tá níos mó comharthaí le feiceáil i gCuid 23.

## Comharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha (VMS)


Cuireann na comharthaí seo eolas ar fáil i bhformáid leictreonach agus tá siad deartha le heolas a thabhairt duit maidir le raon saincheisteanna a bhaineann le bóithre, oibreacha bóthair agus sábháilteacht ar bhóithre. Ag brath ar na himthosca, athróidh ábhar an chomhartha. **Ba chóir** duit aird ar leith a thabhairt ar na comharthaí agus ar na teachtaireachtaí seo.




Eolas maidir le teorainn luais



Leagan amach nua bóthair romhat



VMS Soghluaiste (a thaispeánann teachtaireacht téacs)



VMS Soghluaiste (a thaispeánann rachtáin)



Formáid saighid do VMS soghluaiste

## Comharthaí eolais

Mar a thugann a n-ainm le tuiscint, tugann na comharthaí seo eolas maidir le treonna agus achar ó do shuíomh reatha.

### Cé leis is cosúil iad

Tá trí fhormáid ann do chomharthaí eolais:

- comharthaí gorma le litreacha bána ar mhótarbhealaí,
- comharthaí uaine le litreacha bána, atá ar bhóithre náisiúnta, agus
- comharthaí bána le litreacha dubha, atá ar bhóithre áitiúla agus ar bhóithre réigiúnacha.

### Réamhchomharthaí treo




Mótarbhealach



Bóthar náisiúnta



Bóthar náisiúnta



Bóthar réigiúnach

## Comharthaí eolais ar Mhótarbhealaí

Tá gach comhartha mótarbhealaigh gorm. Déantar cur síos sa tábla seo a leanas ar na comharthaí is coitianta agus cad is brí leo.


Comharthaí mótarbhealaigh		Cad is brí leo
	<b>Mótarbhealach romhat</b>	Tá bealach isteach chun mótarbhealaigh romhat agus <b>níor chóir</b> don lucht úsáidte bóithre atá liostaithe ar an gcomhartha dul isteach ar an mótarbhealach.
	<b>Bealach isteach chuig mótarbhealach</b>	Tá an t-úsáideoir bóithre ag dul isteach ar an mótarbhealach anois agus <b>ní mór</b> dó déanamh de réir rialacha an mhótarbhealaigh. De ghnáth bíonn an comhartha seo in aice leis an gcomhartha ‘mótarbhealach romhat’.
	<b>Comhartha maidir le comhaireamh síos</b>	Tá an tiománaí 300 méadar ón gcéad bhealach amach eile den mótarbhealach.
	<b>Comhartha maidir le comhaireamh síos</b>	Tá an tiománaí 200 méadar ón gcéad bhealach amach eile.
	<b>Comhartha maidir le comhaireamh síos</b>	Tá an tiománaí 100 méadar ón gcéad bhealach amach eile.
	<b>Deireadh leis an Mótarbhealach 500m romhat</b>	Tá 500 méadar fanta go dtí deireadh an mhótarbhealaigh.
	<b>Deireadh le mótarbhealach</b>	Tá deireadh an mhótarbhealaigh sroichte ag an tiománaí.
	<b>Comhartha maidir le lána breise</b>	Tá lána breise ag ceangal leis an mótarbhealach.
	<b>Comhartha maidir leis an gcéad bhealach amach eile</b>	Léiríonn sé an t-achar chuig an gcéad bhealach amach eile agus na bealaí breise.
	<b>Codanna den Mótarbhealach dúnta de bharr cás éigeandála</b>	Ní mór do thiománaithe siombail ar leith a leanúint chun dul ar ais ar an mótarbhealach arís ag an gcéad acomhal eile.

Clúdaíonn Cuid 11 na príomhrialacha maidir le tiomáint ar an mótarbhealach. Is cion atá ann gan déanamh de réir na rialacha seo.


## Marcanna do chumar tráchta agus do thrácht atá ag gluaiseacht i dtreonna difriúla (marcanna greanta)

Taispeánann na léaráidí conas is féidir na marcanna a úsáid do:

- chumar tráchta – mar shampla, sa chás go ndéantar aon lána amháin de dhá lána tráchta, agus



- trácht ag gluaiseacht i dtreonna difriúla - mar shampla, sa chás go mbíonn an trácht ag casadh ar chlé ó thrácht atá ag gluaiseacht díreach ar aghaidh.




## Marcanna do thrácht atá ag scaradh (marcanna greanta)

Is féidir úsáid a bhaint as marcanna greanta freisin do thrácht atá ag scaradh agus atá ag gluaiseacht i malairt treo (ar a dtugtar oileáin lárstráice).


Má fheiceann tú na marcanna sin ar an mbóthar, **níor chóir** duit dul isteach sa limistéar a chlúdaíonn siad.

Tá bóthar 2-móide-1 comhdhéanta de dhá lána i dtreo amháin tráchtta agus aon-lána i dtreo eile. Tugann cuid an dá lána deis le scoitheadh go sábháilte agus malartaíonn leis an gcuid aon-lána thart ar gach 2 chiliméadar.



D'fhéadfadh sé go mbeadh bacainn sábháilteachta i lár an bhóthair a scarann dhá threo an tráchtta agus a chuireann cosc ar thiománaithe scoitheadh sa chuid aon-lána. Má theastaíonn ó fheithiclí casadh ar dheis, is féidir leo é sin a dhéanamh ag aomhail.

I gcásanna eile sa chás go dteastaíonn ó fheithiclí casadh ar dheis nó casadh thart féadfaidh siad casadh ar chlé ar dtús isteach i mionbhóthar agus U-chasadh a dhéanamh sa limistéar atá curtha ar fáil chun na críche sin. Is féidir leo leanúint lena n-aistear ansin mar a bhí i gceist acu ó thús.



Tá cineál de bhóthar 2-móide-1 ar roinnt príomhbhóithre náisiúnta dreapta - is ionann an stráice in éadan an chnoic agus dhá lána agus aon-lána atá sa stráice atá ag dul le fána.

## Comharthaí maidir le moilliú tráchta

Baineann bailte agus sráidbhailte úsáid as gnéithe bóthair, comharthaí agus marcanna chun trácht a mhoilliú, lena mbaineann go ginearálta, luas tráchta a mhoilliú agus gluaiseacht trácht ag acomhail a bhainistiú. Is iad na comharthaí a mbaintear úsáid astu le trácht a mhoilliú ná comharthaí rialála, rabhaidh agus eolais. Feicfidh tú comhartha eolais nuair a thagann tú chomh fada le ceann de na bailte nó de na sráidbhailte seo a d'fhéadfadh a bheith comhcheangailte le hainm an bhaile nó sráidbhaile agus le comhartha maidir le teorainn luais.

Bí ag súil leis na bearta moillithe luais seo a leanas sna bailte sin:

- oileáin tráchta,
- geataí,
- miontimpealláin,
- síntí starracha,
- siceáin,
- pointí fáiscthe, agus
- rampaí.

D'fhéadfadh sé go dtiocfá trasna ar na comharthaí seo a leanas ar bhóithre cónaithe i limistéir atá faoi fhoirgnimh. Léiríonn na comharthaí sin go n-airítear, rampaí, tulóg moillithe nó táblaí luais leis an mbóthar.



Rampaí ar an mbóthar



Miontimpeallán romhat



Moilliú tráchta



Crios mall

Tabhair ar aird gur cion lena mbaineann muirear seasta €60 móide pointe pionóis amháin é na rialacha maidir le miontimpealláin a bhriseadh, dá bhfuil comhartha eolais ina leith thuas.

## Criosanna malla uirbeacha (30km san uair) maidir le heastáit tithíochta

Bíonn criosanna malla in áiteanna leithleacha ina bhfuil bóithre áitiúla agus líon íseal tráchta, de ghnáth. Bíonn bearta maolaithe tráchta eile i gcriosanna malla de ghnáth, mar shampla uchtóga moillithe. **Ba chóir** d'úsáideoirí bóithre a bheith thar a bheith cúramach agus a bheith ag súil le heachtraí gan choinne.

## Comharthaí agus marcanna speisialta do bhusanna, tramanna, iarnróid agus iarnród éadroma

Baintear úsáid as comharthaí agus marcanna rialála speisialta le páirteanna de bhóthar atá curtha in áirithe do thrácht ar leith a thaispeáint - ar nós busanna, rothair, tramanna agus iarnród éadrom. D'fhéadfadh na comharthaí seo a bheith ina gcomharthaí rialála, rabhaidh nó eolais. Tá dearadh na gcomharthaí ag teacht le dearadh na gcomharthaí rialála, rabhaidh agus eolais.

Déantar cur síos sa chuid seo ar na comharthaí is coitianta a bheidh le feiceáil agat mar úsáideoir bóithre. **Ba chóir** duit a bheith cúramach má fheiceann tú aon chomharthaí le haghaidh busanna, rothair, tramanna, iarnród agus iarnród éadrom.

## Comharthaí bus

### Lánaí bus

Is ionann lánaí bus agus codanna den bhóthar atá curtha in áirithe do bhusanna, cibé más busanna poiblí nó príobháideacha iad. Féadfaidh tacsaithe agus rothair roinnt de na lánaí bus sin a úsáid freisin.

San áit ina bhfuil lána bus, feicfidh tú comhartha ingearach gorm agus bán ar chuaille ar thaobh an bhóthair agus beidh marcanna ina mbeidh líne bhán leanúnach ar an mbóthar agus na focail 'Lána Bus'. **Ní mór** duit déanamh de réir na marcanna agus an chomhartha bóthair. Taispeánann an pláta bán nuair is do na busanna atá taispeánta amháin an chuid sin den bhóthar. De ghnáth feidhmíonn lánaí bus ó 7am go 7pm nó i rith buaicuireanta. Féadfaidh an trácht go léir iad a úsáid lasmuigh de na hamanna sin. **Ba chóir** duit an pláta eolais a sheiceáil ar mhaithe leis na teorainneacha ama is infheidhme a dheimhniú.

Tá dhá chineál lána bus ann:

- leis an sruth, agus
- in aghaidh an tsrutha.



Lána bus leis an sruth




Lána bus in aghaidh an tsrutha

Ritheann lána bus neastaoibh leis an sruth, mar a léirítear thíos, sa treo céanna leis an trácht atá lena thaobh. Is féidir le rothair agus tacsaithe chomh maith le busanna úsáid a bhaint as agus bíonn sé in áirithe de ghnáth i rith na dtréimhsí atá taispeánta ar chomharthaí eolais ag tús an lána.



Réamh-chomhartha eolais do lána bus leis an sruth



Lána bus leis an sruth ar chlé (neastaoibh)



Réamh-chomhartha eolais do lána bus leis an sruth ar an taobh deas




Lána bus leis an sruth ar dheis (taobh deas)



Pláta eolais

## Lána bus in aghaidh an tráchta

Ritheann lána bus in aghaidh an tsrutha i malairt treo leis an trácht atá lena thaobh. Tá sé in áirithe do bhusanna amháin, rud a chiallaíonn, go ginearálta, nach féidir le haon trácht eile é a úsáid, sá lá ná san oíche, mura bhfuil comharthaí ann a thugann údarás do rothaithe é a úsáid.



Lána bus in aghaidh an tráchta

Má tá 'Géill slí' ag deireadh an lána bus, **ní mór** don bhus ceart slí a thabhairt d'fheithiclí de réir mar a théann sé ar ais sa ghnáth-thrácht.

## Sráid do bhusanna amháin

Mar a thugann a n-ainm le tuiscint, is do bhusanna amháin na sráideanna seo. Ní féidir le trácht eile iad a úsáid ach amháin le rochtain a fháil chuig foirgneamh nó ar thaobh-bhóthar.



Sráid do bhusanna amháin

Clúdaítear i gCuid 10 na rialacha a bhaineann le páirceáil i lánaí bus.

## Comharthaí tramanna agus iarnróid éadrom

**Ní mór** go mbeidh úsáideoirí bóithre ar an eolas maidir le comharthaí do thramrianta do thramanna ar an tsráid (ar nós an Luas i gCathair Bhaile Átha Cliath agus sna bruachbhailte).




## Comharthaí rialála do thrambhealaí

Taispeánann an comhartha gorm thíos go bhfuil lána tram ag rith le taobh lána tráchta romhat. Ní féidir le tiománaí dul isteach sa lána tram le dul thar fheithicil eile ach amháin má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh.



Trambhealach  
ar chlé



Trambhealach  
ar dheis

Taispeánann an comhartha dearg agus bán thíos nach féidir le coisithe siúl thar an bpointe ina bhfuil an comhartha suite.



Cosc ar iontráil do choisithe  
chuig an trambhealach

Ciallaíonn comhartha ‘Cosc ar Iontráil’ le pláta eolais ‘Ach amháin Tramanna’ gur do thramanna amháin an tsráid agus níl cead isteach ag aon trácht eile inti.



Sráid do thramanna amháin



Sráid do thramanna agus do rochtain amháin

Ciallaíonn comhartha ‘Cosc ar Iontráil’ le pláta eolais ‘Ach amháin Tramanna agus Rochtain’ gur féidir le tiománaí nó le rothaí dul isteach ar an tsráid sin má theastaíonn uathu dul isteach i bhfoirgneamh nó foirgneamh a fhágáil.

Cuimhnigh, nuair atá tú ag déanamh ar acomhail ina bhfuil trambhealach nach mór duit:

- déanamh de réir na soilse tráchta, agus
- na hacomhail bosca buí a choinneáil glan go hiomlán.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar shoilse tráchta, féach Cuid 7. Chun tuilleadh eolais a fháil ar chineálacha acomhail, féach Cuid 9.

## Comharthaí rabhaidh do thrambhealaí

**Níor chóir** do choisithe tramrianta a thrasnú ach amháin san áit ina bhfuil an comhartha thíos le feiceáil. Tá siombail tram agus na focail ‘FÉACH GACH TREO’ le pointe trasnaithe trambhealaigh a léiriú air.

Is é an téacs eile a d’fhéadfadh a bheith ar taispeáint ar an gcomhartha seo ná ‘FÉACH AR DHEIS’ nó ‘FÉACH AR CHLÉ’.



Féach gach treo



Féach ar dheis



Féach ar chlé

Moltar do choisithe agus iad cóngarach do thrambhealaí:

- stopadh, féachaint gach treo, éisteacht;
- siúil, ná rith;
- úsáid pointí trasnaithe ainmnithe i gcónaí, agus
- déanamh de réir na gcomharthaí agus éist le bonnáin rabhaidh agus clingireacht an tram.

Ní mór do rothaithe a bheith thar a bheith cúramach mar go mbíonn tramrianta sleamhain, go háirithe le linn aimsire atá fliuch nó sa chás go bhfuil sioc ann. Tá comhartha rabhaidh an Luais maidir le rothaithe taispeánta thíos.



Sleamhain do rothaithe

**Níor chóir** do rothaithe coscáin a úsáid le linn dóibh a bheith ar thramrianta. **Ba chóir** dóibh tramrianta a thrasnú i gcónaí san áit cheart nó chomh gar dó agus is féidir.

**Ba chóir** dóibh a bheith cúramach agus gan ligean cead do rothaí an rothair dul i bhfostú i gclaisín na dtramrianta.

**Ba chóir** go mbeadh úsáideoirí bóithre ar an eolas maidir leis na sreanga lastuas a bhíonn in úsáid ag tramanna. Tá sé sin fíorthábhachtach do thiománaithe atá ag iompar ualaí agus do dhaoine atá ag iompar earraí atá fada. **Ba chóir** do gach úsáideoir bóithre a bheith cúramach agus baol leictreamharú trí theagmháil, fiú go neamhdhíreach le sreanga lastuas, a sheachaint.



Cáblaí leictreachais thuas




Trasnú trambhealaigh romhat




Marcanna bóthair do lána tram

Is féidir úsáid a bhaint as comhartha marcála bóthair LÁNA TRAM le haird a tharraingt ar láithreach tramrianta. Is comhartha eolais atá anseo le tú a chur ar an eolas go bhfuil tramanna agus feithiclí ag baint úsáid as cuid den bhóthar. **Ba chóir** go mbeadh tú ar an eolas go bhfuil tramanna á rialú ag comhartha solais de chineál eile agus ní mór duit a bheith thar a bheith cúramach.



Tram ag gluaiseacht



Stad tram

**Níor chóir go leanfadh tiománaithe tram trí acomhail tráchtas solasrialaithe mura bhfuil cead é sin a dhéanamh. Téigh chuig: [www.luas.ie/-rules/](http://www.luas.ie/-rules/) chun tuilleadh eolais a fháil**

## Crosairí comhréidh iarnróid



# ALWAYS EXPECT A TRAIN!

STOP, LOOK BOTH WAYS, LISTEN

WHEN THE RAILWAY IS CLEAR,  
CROSS QUICKLY

SHUT AND FASTEN THE GATES  
AFTER YOU – IT'S THE LAW!

**REMEMBER**  
NEVER EVER STOP ON THE RAILWAY  
AND ALWAYS EXPECT A TRAIN



Iarnród Éireann  
Irish Rail



Is ionann crosaire comhréidh iarnróid agus crosbhealach áit ina dtrasnaíonn an bóthar nó an pasáiste rianta iarnróid.

**Ba chóir** go mbeadh tiománaithe agus úsáideoirí eile ar an eolas maidir leis na cineálacha difriúla crosairí agus **ba chóir** go mbeadh siad ar an eolas maidir le conas trasnú go sábháilte. **Ní mór** duit a bheith cúramach i gcónaí agus tú ag déanamh ar chrosaire comhréidh.

Leagtar amach sa chuid seo na cineálacha difriúla crosairí comhréidh atá ann agus an bealach ceart agus sábháilte chun iad a úsáid.

**Ní mór** duit déanamh de réir na gcomharthaí agus marcanna bóthair, moilligh agus bí réidh le stopadh agus tú ag déanamh ar chrosaire comhréidh iarnróid.

**Níor chóir** duit dul isteach i mbosca buí mura bhfuil air do chumas dul thairis gan stopadh. **Níor chóir** duit stopadh riamh ar rianta iarnróid.

Ag crosairí comhréidh nach bhfuil aon duine ina bhfeighil:

Bain úsáid as an **gCód Trasnaithe Iarnróid** gach uair a théann tú trasna:

- **Bí ag súil le traein i gcónaí**
- **Stop, Féach agus Éist**
  - **Stop** – ar a laghad dhá mhéadar roimh an líne iarnróid
  - **Féach** – ar dheis agus ar chlé, ag faire amach do shoilse na dtraenacha atá ag teacht
  - **Éist** – le bonnán nó fead na traenach
- **Géill Slí do Thraenacha**

Tabhair cead d’aon traein atá ag teacht gabháil thart agus ansin **féach** ar dheis agus ar chlé arís
- **Trasnaigh go tapa nuair atá an t-iarnród glan.**
- **Má tá geataí ann, dún agus daingnigh i do dhiaidh iad. Is é sin an dlí.**


### CUIMHNIGH

**Ná stop feithicil riamh ar rianta iarnróid.**

## Gníomhartha éigeandála ag crosairí comhréidh

Má chliseann d’fheithicil nó má tá ainmhí ag seachrán ar an iarnród:

- Coinnigh gach duine siar chomh fada agus is féidir ón iarnród.
- Fág an t-ainmhí nó an fheithicil san áit ina bhfuil siad.
- Cuir an rialaitheoir iarnróid ar an eolas agus úsáid á bhaint agat as an uimhir theileafóin atá ar taispeáint ag an gcrosaire.
- Luaigh ‘uimhir an chrosaire’ atá ar taispeáint ag an gcrosaire.



Tá an uimhir aitheantais seo difriúil do gach crosaire comhréidh

Sampla de phláta le ‘huimhir chrosaire’ atá ar taispeáint ag crosaire comhréidh

## Imeachtaí neamhghnácha trasna crosairí comhréidh

Ba chóir do thiománaithe feithicilí atá an-ard a thabhairt ar aird gur ionann agus 5 méadar (16tr 4or) an airde ag crosairí comhréidh le línte leictirthe lastuas, ar nós gréasán an DART.

**Ba chóir** duit teagmháil a dhéanamh leis an iarnród roimh ré agus úsáid á bhaint agat as an uimhir theileafóin atá ar taispeáint ag an gcrosaire comhréidh, nuair atáthar ag eagrú imeachtaí speisialta ar nós cluichí, sochraidí nó mórshiúlta a mbeidh úsáid chrosaire comhréidh i gceist leo.

Chomh maith leis sin, **ba chóir** duit teagmháil a dhéanamh leis an iarnród roimh ré agus úsáid á bhaint agat as an uimhir theileafóin atá ar taispeáint ag an gcrosaire comhréidh le cead a fháil sula dtrasnaítear ag crosairí comhréidh le geataí iarainn nó le leathbhacainní uathobríoch nó ar mhionbhóithre nach bhfuil de chosaint acu ach amháin soilse tráchta.


- feithicilí atá místuama – mar shampla, feithicilí atá fada, íseal, leathan, trom nó mall,
- feithicilí atá ag iompar earraí contúirteacha nó ualaí eisceachtúla, agus
- sluaite daoine nó tréad ainmhithe.

## Treoracha ginearálta maidir le húsáid shábháilte na gcineálacha difriúla crosairí comhréidh

### 1. Crosairí comhréidh iarnróid le geataí iarainn nach bhfuil aon duine ina bhfeighil

Is ar mhionbhóithre a bhíonn an cineál sin crosaire comhréidh nach bhfuil aon duine ina bhfeighil le fáil. De ghnáth bíonn an t-iarnród á ghardáil ag geataí iarainn nach mór a choinneáil dúnta – níl aon chosaint eile ann. Tá sé de fhreagracht ar an úsáideoir na geataí a oscailt agus a dhúnadh. Is é sin an dlí.

D'fhéadfadh na crosairí sin a bheith contúirteach le húsáid agus **ba chóir** do thiománaithe úsáid a bhaint as gach cabhair atá ar fáil le trasnú go sábháilte. Sa chás go bhfuil ceann ar fáil, bheadh sé níos fearr dá mbainfeadh tiománaithe úsáid as droichead nó as crosaire comhréidh a bhfuil duine ina fheighil nó as crosaire comhréidh uathoibríoch.



Crosaire comhréidh romhat, á chosaint ag geataí nó bacainn a ardaíonn

### A Thiománaithe – cad **ba chóir** a dhéanamh:

#### Bí ullamh

- STOP glan ar na geataí.
- Cas as an fón agus an córas ceoil.
- Oscail na fuinneoga ar thaobh an tiománaí agus ar thaobh an phaisinéara.
- Léigh na treoracha ag an gcrosaire.
- Faigh cúntóir leis na geataí a oibriú más féidir.

Bain úsáid as an **gCód Trasnaithe Iarnróid** gach uair a théann tú trasna:

- **Bí ag súil le traein i gcónaí**
- **Stop, Féach agus Éist**
  - **Stop** – ar a laghad dhá mhéadar roimh an líne iarnróid
  - **Féach** – ar dheis agus ar chlé, ag faire amach do shoilse na dtraenacha atá ag teacht
  - **Éist** – le bonnán nó fead na traenach
- **Géill Slí do Thraenacha**

Tabhair cead d’aon traein atá ag teacht gabháil thart agus ansin **féach** ar dheis agus ar chlé arís
- **Trasnaigh go tapa nuair atá an t-iarnród glan.**
- **Má tá geataí ann, dún agus daingnigh i do dhiaidh iad. Is é sin an dlí.**

### Tiomáin trasna go sábháilte

- Siúil trasna ar dtús agus oscail an dá gheata.
- Tiomáin ar aghaidh ansin agus STOP dhá mhéadar glan ar an líne iarnróid.
- Cuir air an coscán láimhe.
- Féach ar dheis agus ar chlé agus éist.
- Tiomáin trasna go tapa nuair atá an t-iarnród glan.
- Stop chomh fada agus is féidir ó na rianta ar an taobh eile.

### A Thiománaithe – cad **nach mór** a dhéanamh:

#### Dún na geataí ag crosairí comhréidh nach bhfuil aon duine ina bhfeighil

- **Ní mór** duit na geataí a dhúnadh agus a dhaingniú chomh luath agus atá tú féin, aon duine eile, ainmní nó feithicil atá faoi do chúram imithe tríd.
- Fiú má bhí na geataí oscailte nuair a shroich tú an áit, **ní mór** duit iad a dhúnadh agus iad a dhaingniú i do dhiaidh chun daoine eile a chosaint.
- Is cion é gan na geataí a dhúnadh agus a dhaingniú i do dhiaidh.

## CUIMHNIGH

Bí Aireach i gCónaí ...

STOP, FÉACH agus ÉIST

Géill Slí do Thraenacha

Bí ag cuimhneamh ar shábháilteacht

Dún agus daingnigh na geataí iarainn i gcónaí

Is ionann agus cion mura ndéanann tú é sin.

## 2. Crosairí comhréidh iarnróid le geataí a bhfuil duine ina bhfeighil nó bacainní atá á n-oibriú ag foireann an iarnróid

Oibríonn foireann an iarnróid na crosairí comhréidh seo le lámh. Níl an crosaire comhréidh oscailte don phobal ach amháin nuair atá na geataí chun an bhóthair oscailte go hiomlán.




Crosaire comhréidh  
romhat, á chosaint ag  
geataí nó bacainn a  
ardaíonn

### A Thiománaithe – cad **nach mór** a dhéanamh:

- Moilligh agus tú ag déanamh ar an gcrosaire.
- Bí réidh le stopadh más gá.

### 3. Crosairí comhréidh iarnróid uathobrithe atá faoi chosaint ag soilse tráchta bóthair amháin

Níl aon bhacainní nó geataí ag na crosairí comhréidh seo. Ní mór d'úsáideoirí déanamh de réir na soilse tráchta bóthair ag na crosairí comhréidh oscailte seo.



Crosaire comhréidh  
romhat, gan chosaint  
geataí ná bacainn a  
ardaíonn


### A Thiománaithe – cad **nach mór** a dhéanamh:

- Déanamh de réir na rialacha do shoilse tráchta.
- Má tá tú istigh ar an gcrosaire cheana féin bog ar aghaidh chomh tapa agus is féidir leat.
- Ná tiomáin isteach ar rian iarnróid go dtí go bhfeiceann tú go bhfuil an dóthain spáis ann do d'fheithicil ar an taobh eile.

#### 4. Crosairí comhréidh iarnróid uathoibríocha le bacainní agus soilse dearga atá ag dul ann agus as

Tá bacainní agus soilse ar na crosairí comhréidh seo. Tagann na bacainní anuas go huathoibríoch nuair atá traein ag déanamh orthu. Is ionann an solas ómra agus solas ómra tráchta - stop go sábháilte nuair atá an solas ómra air.

Tá an chiall chéanna leis na soilse dearga atá ag dul ann agus as agus atá le soilse tráchta dearga – **ní mór** duit stopadh go sábháilte nuair atá siad dearg.



Crosaire comhréidh romhat le soilse agus bacainní. D'fhéadfadh sé go mbeadh aláram inchloiste rabhaidh ag crosaire freisin.

#### A Thiománaithe – cad **nach mór** a dhéanamh:

- Déanamh de réir na rialacha do shoilse tráchta.
- Má tá tú istigh ar an gcrosaire cheana féin bog ar aghaidh chomh tapa agus is féidir leat.
- Fan leis na soilse dul as agus leis na bacainní ardú sula mbogann tú ar aghaidh.
- Ná tiomáin isteach ar líne iarnróid go dtí go bhfeiceann tú go bhfuil an dóthain spáis ann do d'fheithicil ar an taobh eile.

#### **CUIMHNIGH**

Ciallaíonn solas dearg atá ag dul ann agus as 'Stop'.

**Níor chóir** duit dul i mbun an fhiarláin timpeall na mbacainní ag crosaire comhréidh riamh

## Coisithe ag trasnú an iarnróid



### A Choisithe – cad **ba chóir** a dhéanamh:

#### Bí ullamh

- Cas as an fón agus an córas ceoil.
- Léigh na treoracha ag an gcrosaire.
- Déan teagmháil leis an iarnród roimh ré, ag baint úsáid as an uimhir theileafóin atá ar taispeáint ag an gcrosaire comhréidh:
  - nuair atáthar ag eagrú imeachtaí speisialta ar nós cluichí, sochraidí nó mórshiúlta lena mbaineann úsáid an chrosaire chomhréidh
  - le cead a fháil sula dtrasnaítear an t-iarnród le slua daoine nó tréad ainmhithe ag crosaire comhréidh le geataí iarainn nó leath-bhacainní uathoibríoch, nó ar mhionbhóithre, áit a bhfuil soilse trácht mar an t-aon chosaint atá ann
- Bí thar a bheith cúramach le cathaoir rothaí, pram nó bugaí.

#### Fainic

- Ná bí i mbun bradaíola ar líne iarnróid riamh.
- Bí ag súil le traein i gcónaí.
- Bíodh leanaí faoi mhaoirseacht in aice le hiarnród.
- Coinnigh madraí ar iall.

- Ná trasnaigh ach amháin ag crosaire comhréidh ainmnithe.
- Déan de réir na soilse tráchta, sa chás go bhfuil a leithéid ann.
- Má tá tú ag trasnú le pram, cathaoir rothaí nó rothar, ba chóir duit a bheith cúramach le linn duit a bheith ag trasnú na líne agus gan ligean cead do na rothaí a dhul i bhfostú sa chlaisín.

Bain úsáid as an **gCód Trasnaithe Iarnróid** gach uair a théann tú trasna:

- **Bí ag súil le traein i gcónaí**
- **Stop, Féach agus Éist**
  - **Stop** – ar a laghad dhá mhéadar roimh an líne iarnróid
  - **Féach** – ar dheis agus ar chlé, ag faire amach do shoilse na dtraenacha atá ag teacht
  - **Éist** – le bonnán nó fead na traenach
- **Géill Slí do Thraenacha**

Tabhair cead d’aon traein atá ag teacht gabháil thart agus ansin **féach** ar dheis agus ar chlé arís
- **Trasnaigh go tapa nuair atá an t-iarnród glan.**
- **Má tá geataí ann, dún agus daingnigh i do dhiaidh iad. Is é sin an dlí.**

### CUIMHNIGH

**STOP, FÉACH agus ÉIST**

**Géill Slí do Thraenacha**

**Ná bí i mbun bradaíola ar líne iarnróid riamh**

A Choisithe – cad **nach mór** a dhéanamh:

**Dún na geataí ag crosairí comhréidh nach bhfuil aon duine ina bhfeighil**

- **Ní mór** duit na geataí a dhúnadh agus a dhaingniú chomh luath agus atá tú féin, aon duine eile, ainmní nó feithicil atá faoi do chúram imithe tríd.
- Fiú má bhí na geataí oscailte nuair a shroich tú an áit, **ní mór** duit iad a dhúnadh agus iad a dhaingniú i do dhiaidh chun daoine eile a chosaint.
- Is cion é gan na geataí a dhúnadh agus a dhaingniú i do dhiaidh.

## CUIMHNIGH

Dún agus daingnigh na geataí iarainn i gcónaí


Is ionann agus cion mura ndéanann tú é sin.

## Gníomhartha éigeandála ag crosairí comhréidh

Má chliseann d'fheithicil nó má tá ainmhí ag seachrán ar an iarnród:

- Coinnigh gach duine siar chomh fada agus is féidir ón iarnród.
- Fág an t-ainmhí nó an fheithicil san áit ina bhfuil siad.
- Cuir an rialaitheoir iarnróid ar an eolas agus úsáid á bhaint agat as an uimhir theileafóin atá ar taispeáint ag an gcrosaire.
- Luaigh 'uimhir an chrosaire' atá ar taispeáint ag an gcrosaire.

Tá an uimhir aitheantais seo difriúil do gach crosaire comhréidh



Sampla de phláta le 'hUimhir chrosaire'  
ar taispeáint ag crosaire comhréidh

## Rothaithe agus marcaigh capall ag trasnú an iarnróid

- **Ní mór** duit déanamh de réir na gcomharthaí, moilliú agus a bheith réidh le stopadh agus tú ag déanamh ar chrosaire comhréidh.
- **Ní mór** duit déanamh de réir Rialacha an Bhóthair.
- Lean na treoracha ábhartha agus gníomhartha éigeandála a bhaineann le coisithe ag crosairí comhréidh iarnróid.
- Rothaithe – trasnaigh agus tú dronuilleach leis an líne nó tar anuas den rothar ionas nach ligfidh tú do na rothaí a dhul i bhfostú sa chlaisín.
- Rothaithe agus marcaigh capall – tar anuas den chapall nó an rothar agus siúil trasna na líne iarnróid ag geataí iarainn an chrosaire chomhréidh agus ag pasáistí.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar Chrosairí Comhréidh, téigh chuig [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## Droichid iarnróid agus struchtúir in airde

### Réamhrá

Is ionann droichead iarnróid agus struchtúr nuair a thrasnaíonn bóthar nó pasáiste líne iarnróid trí dhroichead faoi nó os cionn an iarnróid. De réir mar atá tú ag déanamh ar an iarnród **ní mór** duit déanamh de réir aon chomharthaí agus aon mharcanna bóthair.

Feicfidh tú fógra eolais cosúil leis an gceann atá taispeánta thíos ar dhroichid iarnróid. Tugann an comhartha seo uimhir aitheantais an droichid agus uimhir theagmhála éigeandála Iarnróid Éireann.



Sampla de Phláta Aitheantais do Dhroichead Iarnróid

### Gníomhartha éigeandála – ag tuairisciú eachtraí maidir leis an droichead

Sa chás go mbuailfeadh do charr aon droichead iarnróid nó struchtúr, cibé an bhfuil nó nach bhfuil damáiste le feiceáil, **ní mór** duit aon eachtra a thuairisciú láithreach. **Ní mór** do thiománaithe dul i dteagmháil le hIarnród Éireann ar an uimhir theagmhála éigeandála tar éis aon eachtra ag droichead agus cineál na heachtra agus uimhir aitheantais an droichid atá tugtha ar an gcomhartha a lua.


Mura bhfuil ar do chumas teagmháil a dhéanamh leis an uimhir sin láithreach, **ní mór** duit comhalta den Gharda Síochána a chur ar an eolas láithreach.

#### CUIMHNIGH

**Ní mór** duit tuairisc a thabhairt má bhuaileann d'fheithicil struchtúr iarnróid.

Is ionann agus cion mura ndéanann tú é sin.

## Droichead faoi iarnród le srianadh airde



Is sampla atá anseo de dhroichead faoi iarnród le srianadh airde. Is ionann an comhartha thíos agus comhartha rialála srianadh airde, a d'fhéadfadh a bheith ar dhroichead iarnróid atá srianta ó thaobh airde. **Níor chóir** duit dul faoin droichead mura bhfuil d'fheithicil níos ísle ná an airde atá ar taispeáint ar an gcomhartha.



Srianadh airde

I gcás súil droichid, níl an airde léirithe ar fáil ach amháin os cionn leithead áirithe na súile. Taispeántar an leithead seo trí 'chuaillí'.


Nuair atá tú ag déanamh ar dhroichead faoi iarnród, d'fhéadfadh sé go bhfeicfeá réamh-chomhartha rabhaidh ar nós an chomhartha 'spás cloiginn srianta' thíos a thaispeánann an srianadh airde a bhaineann leis an droichead. Is de réir na troighe agus an orlaigh atá an srianadh airde scríofa i dtús báire agus de réir an mhéadair ina dhiaidh sin.



Droichead íseal romhat  
(spás cloiginn srianta)

**Ní mór** go mbeidh d’fheithicil, lena n-áirítear aon ualach atá á iompar agat, níos ísle ná an airde atá á taispeáint ar an gcomhartha rabhaidh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh airde d’fheithicle agus aon ualach atá á iompar agat ar eolas agat sula gcuirfidh tú tús le do thuras.

D’fhéadfadh sé go dtiocfá ar réamhchomharthaí rabhaidh le rabhadh mar atá ar na comharthaí thíos.




Comhartha réamheolais do ghlanpás íseal dhroichead iarnróid

## CUIMHNIGH

Bíodh an airde ar eolas agat. Bíodh an bealach ar eolas agat.

## Droichead os cionn an iarnróid



Is sampla atá anseo de dhroichead os cionn iarnróid. D’fhéadfadh srianta a bheith ar fheithicil atá i dteideal na droichid seo a úsáid. Beidh baint ag na srianta sin le meáchan, leithead agus uimhir acastóirí na feithicle de ghnáth.



Is seo a leanas roinnt comharthaí a d'fhéadfá a fheiceáil ag droichead atá os cionn iarnróid.

De réir mar atá tú ag déanamh ar an iarnród **ní mór** duit déanamh de réir aon chomharthaí agus aon mharcanna bóthair.

Samplaí de chomharthaíocht maidir le Srianadh Meáchain	
	
Ollmheáchan Uasta	Uasmheáchan Acastóra
Ní mór go mbeadh meáchan iomlán d'fheithicle, lena n-áirítear an t-ualach atá á iompar níos lú ná seo le leanúint ar aghaidh go sábháilte thar an gcomhartha.	Má théann aon acastóir ar d'fheithicil thar an luach seo ní bheidh ar do chumas dul thar an gcomhartha.

Comharthaí eile	
	
Ollmheáchan Uasta (Sábháilteacht)	Uasleithead Feithicle
Má théann ollmheáchan d'fheithicle thar an meáchan atá sonraithe ar an gcomhartha, ní féidir leat dul thar an gcomhartha.	Ní mór go mbeidh d'fheithicil níos cúinge ná an leithead ceadaithe atá taispeánta chun dul thar an gcomhartha.

## Comharthaí tolláin bóthair

Beidh na comharthaí rialaithe lána seo le fáil os cionn gach lána tráchta, ag, nó nuair atá tú ag déanamh ar an mbealach isteach chuig tolláin bóthair agus ag eatraimh rialta laistigh de thollán bóthair. Nuair a bhíonn na comharthaí i bhfeidhm, lasfar na soilse ómra ag bun agus barr an chomhartha ceann ar cheann.

Ciallaíonn saighead **glas** ag díriú síos go bhfuil an lána oscailte agus go bhfuil cead agat dul ar aghaidh tríd an lána sin.



Gabh ar aghaidh  
(lána ar oscailt)

Ciallaíonn X **dearg** go bhfuil an lána dúnta. **Ní mór** duit stopadh. **Níl cead** agat dul thar an gcomhartha seo. Is ionann é agus comhartha stoptha.



Stop (lána dúnta)

Ciallaíonn saighead **glas** ag díriú ar chlé **nach mór** duit bogadh isteach sa lána ar chlé. Fad a dhéantar seo **ní mór** duit cloí le rialacha ginearálta an bhóthair a bhaineann le lánáí a athrú go sábháilte.




Bog isteach sa lána ar chlé

Ciallaíonn saighead **glas** ag díriú ar dheis **nach mór** duit bogadh isteach sa lána ar dheis. Fad a dhéantar seo **ní mór** duit cloí le rialacha ginearálta an bhóthair a bhaineann le lánáí a athrú go sábháilte.



Bog isteach sa lána ar dheis

Ciallaíonn an comhartha seo a leanas nach féidir le feithiclí earraí agus feithiclí móra nach feithiclí paisinéirí iad le trí acastóir nó níos mó lána na lámhe deise den débhealach a úsáid. **Ní mór** duit taisteal i lána na lámhe clé de dhébhealaí i dtollán bóthair.



I dtollán ní féidir le feithicilí earraí an lána ar dheis a úsáid (trí thagairt do líon na n-acastóirí)

Níl an rialáil sin i bhfeidhm nuair:

- atá **X dearg** ar taispeáint os cionn lána na lámhe clé, agus ciallaíonn sé sin **nach féidir** an lána sin a úsáid;
- atá saighead **glas** ar taispeáint os cionn lána na lámhe deise, a thugann treoir do gach feithicil lána na lámhe deise a úsáid, nó
- atá lána na lámhe clé stoptha.

Tá dhá chineál comhartha luasteorann ann maidir le tolláin.

- Tá comhartha teorainn luais chaighdeánach i bhfeidhm nuair atá teorainn luais socraithe i dtollán. **Ní mór** duit déanamh de réir na luasteorann agus cuimhnigh gurb é seo an t-uasluas atá ceadaithe, ní an luas riachtanach.



30km san uair



40km san uair



50km san uair




60km san uair




80km san uair


- Sa chás go dtagann athrú ar an teorainn luais i dtollán feicfidh tú comhartha le teachtaireacht athraitheach, arbh ionann é agus cearnóg dhubh le ciorcal dearg agus figiúirí bán nó buí. Léiríonn na figiúirí an teorainn luais agus tiocfaidh athrú air de réir cúinsí tráchta agus dálaí sábháilteachta bóthair. **Ní mór** duit déanamh de réir na luasteorann agus cuimhnigh gurb é seo an t-uasluas atá ceadaithe, ní an luas riachtanach.




30km san uair




40km san uair



50km san uair



60km san uair



80km san uair

Nuair atá tú ag tiomáint i roinnt tollán, d'fhéadfá comharthaí leictreonacha a fheiceáil os do chionn, chomh maith le marcanna bóthair (rachtaín) agus in éineacht cuirfidh siad sin treoir ar fáil duit maidir leis an íosachar is cóir a bheith idir tú féin agus an fheithicil atá romhat. **Ba chóir** déanamh de réir na gcomharthaí sin.

Cuid 7:

## Soilse agus comharthaí tráchta




Cuireann an chuid seo le Cuid 6, a chlúdaíonn comharthaí tráchta agus marcanna bóthair. Clúdaíonn an chuid seo dhá chineál ginearálta comharthaí tráchta:

- soilse tráchta, a threoraíonn an sruth tráchta, agus
- comharthaí a thugann tiománaithe agus rothaithe ar mhaithe lena bhfuil i gceist acu a dhéanamh a léiriú.

### Soilse tráchta

Áirítear leo seo aomhail agus trasrianta coisithe atá rialaithe ag soilse.



Ciallaíonn solas dearg ‘Stop’. Sa chás go bhfuil an solas dearg agus tú ag déanamh air, **níor chóir** duit dul thar an líne stop ag an solas sin, nó, mura bhfuil líne stop ann, **níor chóir** duit dul thar an solas.

Ciallaíonn solas uaine go bhféadfaidh tú leanúint ort má tá an bealach glan. Bí thar a bheith cúramach má tá sé ar intinn agat casadh ar chlé nó ar dheis agus géill slí do choisithe atá ag trasnú. Ní hionann solas uaine agus ceart slí, is ionann é agus ceadúnas le leanúint ar aghaidh go cúramach.

#### CUIMHNIGH


Ní ionann solas uaine agus ceart slí, is ionann é agus ceadúnas le leanúint ar aghaidh go cúramach, má tá an bealach glan agus sin amháin.

Ciallaíonn solas ómra **nár chóir** duit dul thar an líne stop, nó, mura bhfuil líne stop ann, **nár chóir** duit dul thar an solas. Is féidir leat, áfach, leanúint ar aghaidh má tá tú chomh gar don líne nó don solas nuair a thagann an solas ómra air go mbeadh sé dainséarach stopadh.

Ciallaíonn saighead uaine (ar a dtugtar scagsholas) go mbeidh ar do chumas bogadh ar aghaidh i dtreo na saighde, ar an gcoinníoll go bhfuil sé sábháilte agus go bhfuil sé glan, fiú má tá an solas dearg air freisin.

Más mian leat casadh ar dheis ag soilse tráchta le saighead a léiríonn dul ar dheis, (nó bosca dronuilleogach bán le saighead bán) tiomáin isteach san acomhal nuair a fheiceann tú an solas uaine. Cinntigh nach bhfuil tú sa bhealach ar thrácht atá ag déanamh ort. Ansin, nuair atá sé sábháilte, críochnaigh an casadh. **Níor chóir** duit fanacht leis an scag-shaighead le casadh ar dheis ach amháin má tá tú san acomhal agus dá mbeadh sé contúirteach an casadh a chríochnú sula dtagann an scagsholas air.

D'fhéadfadh saighead ómra atá ag dul ann agus as agus atá ag pointeáil ar chlé a bheith ag acomhal le bóthar eile. Ciallaíonn sé gur féidir leat bogadh ar aghaidh thar na soilse tráchta, ach ní féidir leat é sin a dhéanamh ach amháin má thugann tú ceart slí ar dtús do thrácht atá ag teacht tríd an acomhal ar an mbóthar eile cheana féin.



Cuimhnigh go gciallaíonn solas ómra atá ag dul ann agus as ag trasrian peileacánach **nach mór** duit ceart slí a thabhairt do choisithe. Féach Cuid 18, maidir le soilse coisithe.

### CUIMHNIGH

**Ba chóir** duit agus tú ag déanamh ar shoilse tráchta, a bheith ag taisteal ag luas a thabharfaidh an deis duit stopadh má thagann an solas ómra air.

**Tabhair ar aird:** Mura bhfuil na soilse tráchta ag acomhal rialaithe ag obair, ní mór duit stopadh ar dtús ag an líne rialaithe agus gan bogadh ar aghaidh go dtí go bhfuil sé sábháilte sin a dhéanamh ag cinntiú go dtugann tú géill slí do gach trácht eile a bhfuil ceart slí acu.

## Soilse rothar-raon

- Ciallaíonn solas dearg a thaispeánann figiúr de rothaí **nach mór** don rothaí stopadh ag an solas tráchtta.
- Ciallaíonn solas uaine a thaispeánann figiúr de rothaí gur féidir leis an rothaí dul thar an solas ar an gcoinníoll nach gcuireann sé sin úsáideoirí eile bóithre i gcontúirt.
- Ciallaíonn solas uaine atá ag dul ann agus as nó solas ómra atá ag dul ann agus as a thaispeánann figiúr de rothaí nach féidir leis an rothaí an bóthar a thrasnú mura raibh tús curtha acu leis an trasnú nuair a bhí na soilse uaine seasta ag taispeáint figiúr do rothaí.



### CUIMHNIGH

A rothaithe – **ní mór** go ndéanfadh sibh de réir na soilse tráchtta agus ní féidir libh dul thar an solas tráchtta uaine ach amháin má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh.

## Comharthaí ag tiománaithe agus ag rothaithe

**Ní mór** do thiománaí comhartha a thabhairt i gcónaí **sula** n-athraíonn siad cúrsa. Ciallaíonn sé sin comhartha soiléir a thabhairt agus é sin a dhéanamh go tráthúil sula:

- mbogann tú leat,
- gcasann tú ar dheis nó ar chlé,
- n-athraíonn tú lánaí,
- scoitheann tú,
- moilleann tú,
- stopann tú.

## Comharthaíocht

Is ionann comhartha agus a bhfuil ar intinn a dhéanamh – ní ionann iad agus ceart slí. Éilítear ort faoin dlí comhartha ceart a thabhairt roimh bhogadh ar aghaidh, roimh chasadh ar dheis nó ar chlé, roimh lánaí a athrú, roimh scoitheadh, roimh mhoilliú nó stopadh. Ní mór duit comhartha soiléir a thabhairt in am trátha.

Mura bhfuil tú cinnte go bhfuil do tháscairí treo nó na soilse coscán ag tabhairt comhartha leordhóthanach, cibé cúis, úsáid comharthaí láimhe atá soiléir agus cinntitheach chomh maith.

### Ní ceart slí é an treotháscaire.

Sula dtosaíonn tú ag bogadh **ní mór** duit a bheith cúramach agus airdeallach, aird ar leith á thabhairt ar úsáideoirí bóithre eile, ar staid an bhóthair agus ar an gcaoil a ngabhfaidh do thiomáint i bhfeidhm ar úsáideoirí bóithre eile.

Bí cúramach i gcónaí, go háirithe nuair:

- atá sé i gceist agat lánaí a athrú;
- atá tú ag casadh trasna roimh thrácht atá ag déanamh ort;
- nuair atá tú ag tiomáint isteach ar/nó ó thimpeallán; agus
- nuair atá tú ag tiomáint isteach agus/nó ag cúlú isteach i spás páirceála.

## Comharthaí láimhe

Cinntigh go mbaineann tú úsáid as comharthaí láimhe le cabhair a thabhairt d'úsáideoirí eile bóithre agus ní le cur as dóibh. Cinntigh go bhfuil tú ar an eolas maidir leis na comharthaí láimhe atá taispeánta ar an gcéad dhá leathanach eile. Bí ullamh le húsáid a bhaint as comharthaí láimhe cuí sa chás go dtabharfadh sé sin cabhair d'úsáideoirí eile bóithre maidir lena bhfuil ar intinn agat a thuiscint.

Ba chóir go dtabharfadh teagascóir tiomána ceadaithe treoir do thiománaithe faoi oiliúint maidir le cathain agus cá háit a bhféadfadh comhartha láimhe a bheith úsáideach. Mar shampla:

- nuair atá tú ag casadh ar dheis tar éis suíomh a athrú le gabháil thar thrácht atá stoptha ar thaobh na láimhe clé, nó
- le comhartha a thabhairt do thrácht atá ag déanamh ort go bhfuil sé i gceist agat ceart slí a thabhairt ag trasrian coisithe, nó
- nuair a chreideann tú go bhféadfadh sé nach mbeadh úsáideoirí eile bóithre in ann do chuid táscairí atá ag dul ann agus as a fheiceáil, nó
- sa chás go gcreideann tú nach bhfuil do chuid táscairí ag obair (ba chóir duit iad a dheisiú sula leanann tú le do thuras).

Baineann comharthaí do rothaithe agus do ghluaisrothaithe le tiománaithe freisin agus le daoine atá i bhfeighil feithiclí atá á dtarraingt ag capall agus le hinnealra talmhaíochta nach bhfuil suiteáilte le táscairí.

Is iad seo a leanas na comharthaí láimhe atá le húsáid:

### Comharthaí láimhe atá le tabhairt do thrácht atá taobh thiar díot



Tá mé chun teannadh amach  
nó chun casadh ar dheis.



Tá mé chun casadh ar chlé.  
Tabhair ar aird go mbogann  
tiománaí an chairr a lámh sa treo  
tuathail.




Tá mé chun moilliú nó chun  
stopadh.



## Comharthaí láimhe atá le tabhairt do threoraí tráchta agus do thrácht atá ag déanamh ort



Is mian liom casadh ar dheis.



Is mian liom casadh ar chlé.  
Tabhair ar aird go bpointeálann  
tiománaí an chairr bacán na  
láimhe deise leis na méara ag  
síneadh ar chlé.



Is mian liom a dhul díreach  
ar aghaidh.



Is mian liom moilliú nó  
stopadh.



Baineann na comharthaí do rothaithe le gluaisrothaithe freisin agus leis an duine atá i mbun feithicle atá á tarraingt ag capall.

### CUIMHNIGH

Ní léiríonn comharthaí ach an méid atá ar intinn agat a dhéanamh – ní thugann siad ceart slí duit riamh.

Cuid 8:

## Teorainneacha luais



**Níor chóir** go mbeadh an fheithicil á tiomáint ag luas a chiallódh nach mbeadh ar chumas an tiománaí stopadh laistigh d’achar a bhfuil sé ar chumas an tiománaí a fheiceáil go bhfuil sé glan.

Déantar cur síos sa chuid seo ar na rialacha le coinneáil le luas an tráchta agus leis na teorainneacha luais a bhíonn i bhfeidhm ar chineálacha difriúla bóithre agus ar fheithicilí difriúla.

Mar thiománaí, **ní mór** duit a bheith ar an eolas maidir le do chuid luais i gcónaí agus a bheith in ann breithiúnas a thabhairt maidir leis an luas cuí i ndáil le d’fheithicil, ag tabhairt an méid seo a leanas san áireamh:

- coinníollacha tiomána;
- úsáideoirí bóithre eile;
- coinníollacha reatha aimsire;
- gach guais a d’fhéadfadh a bheith ann, agus
- teorainneacha luais.

Baineann coinníollacha tiomána leis an méid tráchta atá thart timpeall ort agus caighdeán an bhóthair.

Áirítear ar úsáideoirí eile bóithre, gluaisrothaithe, rothaithe, coisithe, leanaí scoile, ainmhithe agus gach duine eile nach mór duitse mar thiománaí a bheith ag súil leo a bheith nó a d’fhéadfadh a bheith ar an mbóthar.

Áirítear ar ghuaiseacha a d’fhéadfadh a bheith ann, aon rud atá ar do chumas a fheiceáil, a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le héigeandáil, ar nós trácht atá ag teacht i do choinne agus tú ag casadh isteach ar phríomhbhóthar. D’fhéadfadh sé go n-áireodh siad freisin, aon rud nach bhfuil ar do chumas a fheiceáil agus aon rud a d’fhéadfá a bheith ag súil leis go dtarlódh sé, ar nós coisithe ag siúl amach ar an mbóthar os do chomhair, leanbh ag rith amach ar an mbóthar idir carranna atá páirceáilte, agus, nó ainmhithe ar an mbóthar. Áiríonn sé freisin do staid mheabhach agus fisiciúil féin le linn duit a bheith ag tiomáint (mar shampla cibé an bhfuil tú faoi strus nó tuirseach) agus riocht d’fheithicle.


## Ag tiomáint go sábháilte sa trácht – riail an dá soicind

Tá tusa freagrach as d’fheithicil féin. **Ní mór** duit a bheith i gceannas i gcónaí. **Ní mór** duit d’fheithicil a thiomáint ag luas a chiallóidh go mbeidh sé ar do chumas í a stopadh:

- ar bhealach sábháilte, rialaithe,
- ar an taobh ceart den bhóthar,
- laistigh d’achar a bhfuil sé ar do chumas a fheiceáil an bhfuil sé glan, agus
- gan baol ná díobháil duit féin, do chuid paisinéirí agus/nó aon úsáideoir eile bóithre.

Is idirachar sábháilte a thugtar i gcúrsaí tráchta, ar an achar idir d’fheithicil agus an fheithicil atá os do chomhair. Coinnigh idirachar sábháilte trína chinntiú go bhfuil tú dhá shoicind ar a laghad ón fheithicil atá os do chomhair. Is ‘riail an dá soicind’ a thugtar air sin. Beidh ar do chumas úsáid a bhaint as na céimeanna seo a leanas lena chinntiú go bhfuil tú ag déanamh de réir an riail.

- Roghnaigh pointe ar nós cuaille lampa nó comhartha bóthair ar bhóthar tirim.
- Nuair a théann an fheithicil atá romhat thar an bpointe sin, abair amach os ard “Is amadán a bhrisfeadh riail an dá soicind”.
- Seiceáil do shuíomh maidir le do phointe roghnaithe agus tú ag críochnú na habairte sin. Má tá tú imithe thar an bpointe sin cheana féin, tá tú ag tiomáint ró-ghar don fheithicil atá os do chomhair agus ní mór duit fanacht siar uaithi.
- Déan an t-achar atá idir d’fheithicil féin agus an fheithicil atá os do chomhair a dhúbailt le linn aimsire atá fliuch ag rá “Is amadán a bhrisfeadh riail an dá soicind” faoi dhó.
- Má tá tú ag taisteal i gcoinníollacha níos déine, mar sneachta, ceo agus oighear, d’fhéadfadh sé go gcaithfeadh tú “Is amadán a bhrisfeadh riail an dá soicind’ 4 nó 5 huairé.



Bain úsáid as pointe socraithe chun cuidiú leat bearna an dá soicind a thomhas.

## CUIMHNIGH

Ná tiomáin níos gaire ná mar atá léirithe ag riall an dá soicind riamh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh dóthain ama agat le freagairt má tá tú ag tiomáint ró-ghar don fheithicil atá romhat (dranntiomáint) agus má bhrúnn an tiománaí sin na coscáin go tobann. Má ritheann tú isteach san fheithicil, beidh tú faoi dhliteanas i leith aon damáiste a tharlóidh.

## Luasrialú

Seachain úsáid a bhaint as luasrialú nuair atá báisteach throm, clocha sneachta, sneachta, ceo agus sioc ann. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an oiread céanna smachta agat ar d'fheithicil nuair atá tú ag úsáid an luasrialaithe agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar d'am imoibríthe chun dul i ngleic le guais.

## Seachain tiomáint ró-mhall

Coinnigh suas le luas an tsrutha tráchta agus tú ag déanamh de réir na luasteorainneacha agus le linn gnáthchoinníollacha bóthair agus tráchta ag an am céanna. **Ní mór** duit fanacht achar sábháilte ón fheithicil atá romhat, **níor chóir** duit tiomáint chomh mall agus go mbeadh d'fheithicil mar bhac gan ghá d'úsáideoirí eile bóithre. Má bhíonn tú ag tiomáint ró-mhall, tá an baol ann go gcuirfidh tú as do thiománaithe eile, a bhféadfadh scoitheadh contúirteach a bheith mar thoradh air. Cuimhnigh, áfach: **níor chóir** duit tiomáint ag luas nach mbeidh sé ar do chumas an fheithicil a stopadh laistigh den achar romhat atá ar do chumas a fheiceáil go bhfuil sé glan.

## Teorainneacha luais

Leagann comharthaí teorainneacha luais amach an t-uasluas is féidir le feithicilí a dhéanamh go dlíthiúil ar chuid de bhóthar idir teorainneacha luais, ar an gcoinníoll nach bhfuil an fheithicil srianta ar aon bhealach.

Léiríonn na comharthaí an t-uasluas is féidir le d'fheithicil a dhéanamh ar bhóthar áirithe nó ar chodanna de bhóthar nach é an luas é atá riachtanach don bhóthar.

Tá dhá chineál teorainn luais ann:

- teorainneacha luais a bhaineann le bóithre, agus
- teorainneacha luais a bhaineann le cineálacha éagsúla feithicilí.

## Teorainneacha luais ar bhóithre

Tá teorainneacha luais ar gach bóthar poiblí. Feidhmíonn teorainn luais 'réamhshocraithe' sa chuid is mó de chásanna. Baineann sé sin sa ghnáthchúrsa le cineál áirithe bóthair mura bhfuil aon chomhartha ann maidir le teorainn luais a léiríonn a mhalairt.

Leagtar amach sa tábla thíos na teorainneacha luais réamhshocraithe do bhóithre difriúla faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

	Cineál bóthair		Teorainn luais
	Mótarbhealach (Comharthaí Gorma – Uimhreacha M)		120km san uair
	Bóithre Náisiúnta (príomha agus den dara grád) (Comharthaí Uaine – Uimhreacha N)		100km san uair
	Bóithre neamhnáisiúnta (réigiúnacha agus áitiúla) (Comharthaí Bána – uimhreacha R nó L)		80km san uair
	Bóithre i limistéir faoi fhoirgnimh, ar nós cathracha, bailte agus buirgí		50km san uair
	Luasteorainneacha speisialta do bhóithre atá i limistéir faoi fhoirgnimh agus i limistéir dhlúthdhaonra.		30km san uair

Féadfaidh na húdaráis áitiúla luasteorainneacha speisialta a chur i bhfeidhm ar na bóithre sin, mar shampla:

- ag amanna áirithe, ar nós an ama a bhfuil leanaí ag dul isteach sa scoil nó ar fhágáil na scoile dóibh (Féach cuid 19);
- ar thaobhanna difriúla den débhealach,
- in áiteanna roghnaithe ar nós tolláin, sa chás go bhféadfadh an teorainn luais a bheith íslithe **má chaitear** lána amháin a dhúnadh,
- sa chás go bhfuil sraith castaí ann, agus
- ag oibreacha bóthair.

Má leagann an t-údarás áitiúil síos **teorainn luais speisialta** feicfidh tú ceann de na comharthaí thíos. Bíonn imeall dearg le cúlra bán agus uimhreacha agus litreacha dubha i gcomharthaí teorainneacha luais, mar a bhíonn sa chuid is mó de chomharthaí rialála eile. Taispeánann siad an luas i gciliméadair san uair (km/h). (Le tuilleadh eolais a fháil maidir le comharthaí rialála agus comharthaí tráchta eile, féach Cuid 6.)



30km san uair



40km san uair



50km san uair



60km san uair



80km san uair



80km san uair



100km san uair



120km san uair

Uaireanta leanann comharthaí beaga den chineál céanna na príomh-chomharthaí teorainn luais ar phríomhbhóithre náisiúnta agus ar bhóithre eile le teorainn luais an bhóthair a mheabhrú duit.

Ní féidir le haon fheithiclí eile, seachas inneall dóiteáin, otharcharr nó feithiclí Gardaí teorainn luais an bhóthair a shárú ag tráth ar bith.

### CUIMHNIGH

Is féidir an dearadh malartach don chomhartha teorainn luais 80km san uair, a thugtar thuas, a chur ar fáil:

- ar bhóthar áitiúil lena léiriú go bhfuil teorainn luais 80km san uair i bhfeidhm; nó
- ag áiteanna inar chinn an t-údarás áitiúil go bhfuil feidhm ag an teorainn luais speisialta seo.

## Teorainneacha luais tréimhsiúla

De ghnáth, feidhmíonn teorainneacha luais 24 uair an chloig in aghaidh an lae ar feadh na bliana go léir. Is féidir le húdaráis áitiúla, in imthosca áirithe, teorainn luais speisialta a chur i bhfeidhm ar chodanna áirithe bóthair ar feadh tréimhsí áirithe ama nó ar laethanta áirithe. Tá an ghnáth-theorainn luais i bhfeidhm san áit sin lasmuigh de na hamanna nó de na laethanta sin.

Ar shampla de theorainn luais thréimhsiúil tá an teorainn atá in úsáid in aice le scoileanna. Ar bhealach amháin leis an teorainn luais sin a thaispeáint tá comhartha ingearach caighdeánach le pláta eolais thíos faoi a thaispeánann na tréimhsí den lá a bhfuil an teorainn luais i bhfeidhm.



Comhartha  
luais tréimhsiúil  
leictreonach



Comhartha luais  
tréimhsiúil ag scoil

Tá comhartha teorainn luais leictreonach a thaispeánann an teorainn luais i bhfigiúirí bána le himeall dearg ar chúlra bán nuair atá sé lasta suas ar bhealach eile leis an teorainn luais a thaispeáint. Ní bhíonn aon rud ar an gcomhartha lasmuigh de na tréimhsí teorainneacha luais speisialta. Is féidir an comhartha leictreonach a chrochadh ar chlár taca liath le dhá sholas ómra uaireanta, a d'fhéadfadh a bheith ag dul ann agus as nuair a lasann an comhartha suas.

D'fhéadfadh an comhartha Páistí Scoile ag Trasnú Romhat a áiríonn dhá lampa ómracha, a bheith in aice le comharthaí teorainneacha luais tréimhsiúla le tú a chur ar an airdeall maidir le láithreacht leanaí scoile.

**Níor chóir** duit na teorainneacha luais tréimhsiúla a bhriseadh nuair atá siad i bhfeidhm.

## Luas a sheiceáil

Is féidir le Gardaí nó gníomhaireachtaí údaraithe eile, ó am go chéile, ar chodanna éagsúla de bhóthar, trealamh áirithe a úsáid chun a sheiceáil go bhfuil feithiclí ag déanamh de réir na teorann luais. Tá sé in aghaidh an dlí, aon ghaireas a sholáthar, a iompar nó á úsáid, a bheidh in ann trealamh monatóireachta luais atá faoi na smacht an Gharda Síochána nó aon gníomhaireachtaí ceadaithe eile a bhrath nó cur as dó.



Ceamara luais romhat

## Teorainneacha luais d'fheithiclí

**Ní mór** do roinnt tiománaithe déanamh de réir na dteorainneacha luais dá gcuid feithiclí chomh maith leis na teorainneacha luais atá ar na bóithre ar a bhfuil siad ag taisteal.

Leagtar amach sa tábla thíos na teorainneacha luais a bhaineann le feithiclí difriúla.

Teorainn luais na feithicle	An cineál feithicle lena mbaineann	
65 ciliméadar san uair (65km/h) Ar gach bóthar	Bus nó cóiste aon stór nó dhá stór atá deartha le paisinéirí atá ina seasamh a iompar	
80 ciliméadar san uair (80km/h) Ar gach bóthar seachas mótarbhealaí	Feithicil earraí le mais údaraithe uasta (MAM) de níos mó ná 3,500 cileagram	
90 ciliméadar san uair (90km/h) Ar mhótarbhealaí	Feithicil earraí le mais údaraithe uasta (MAM) de níos mó ná 3,500 cileagram	
80 ciliméadar san uair (80km/h) Ar gach bóthar	Aon fheithicil atá ag tarraingt leantóra, carbhán, bosca capall nó aon bhall eile	
80 ciliméadar san uair (80km/h) Ar gach bóthar seachas ar mhótarbhealaí nó débhealaí	Bus nó cóiste aon stór nó dhá stór nach bhfuil deartha le paisinéirí atá ina seasamh a iompar	
100 ciliméadar san uair (100km/h) Ar mhótarbhealaí nó débhealaí san áit nach bhfuil aon teorainn luais níos ísle i bhfeidhm	Bus nó cóiste aon stór nó dhá stór nach bhfuil deartha le paisinéirí atá ina seasamh a iompar	


Má tá an fheithicil agus luasanna bóthair difriúla, **ní mór** don tiománaí déanamh de réir an chinn is ísle acu. Mar shampla, má tá bus atá deartha le paisinéirí atá ina seasamh a iompar ag taisteal ar bhóthar le teorainn luais de 80km san uair, ní féidir leis dul níos tapa ná teorainn luais na feithicle de 65km san uair. Ach má tá sé ag taisteal ar bhóthar le teorainn luais de 50km san uair, **ní mór** déanamh de réir na teorann sin beag beann ar an uasluas a d'fhéadfadh sé taisteal aige seachas sin.

## Achar stoptha do charranna

Creideann roinnt mhaith tiománaithe go mícheart, má chuireann an carr atá os a gcomhar na coscáin air, go mbeidh ar a gcumas freagairt, a gcuid coscán féin a chur air agus stopadh, ag fágáil an achair chéanna idir an dá fheithicil.

Tá íosachar stoptha iomlán d'fheithicle ag brath ar ceithre rud:

- do chuid ama aireachtála,
- do chuid ama imoibríthe,
- am imoibríthe d'fheithicle agus
- cumas coscánaithe d'fheithicle.



Is ionann do chuid ama aireachtála agus an t-achar a thógann sé ort guais a thabhairt faoi deara agus an t-achar a thógann sé ar d'intinn a thuiscint gur guais atá ann óna dteastaíonn freagra láithreach bonn. D'fhéadfadh sé gur 0.25 go 0.5 de shoicind a bheadh i gceist leis sin.

Is ionann do chuid ama imoibrithe agus an t-achar a thógann sé ort do chos a bhaint den luasaire agus a chur ar an gcoscán ón bpointe a dtuigeann d'intinn go bhfuil tú i gcontúirt. D'fhéadfadh éagsúlú ó 0.25 go 0.75 de shoicind nó níos mó a bheith i gceist le do chuid ama imoibrithe. D'fhéadfadh sé a bheith chomh fada le 1.5 soicind.





Tá an chéad 2 chomhchuid d'achar stoptha suas duit féin agus d'fhéadfá a bheith faoi thionchar ag alcól, drugaí, tuirse, nó easpa airde. Ciallaíonn am aireachtála agus imoibrithe de 4 soicind ag 100km san uair go dtéann an carr 110 méadar sula bhfeidhmítear na coscáin (is ionann é sin agus níos mó ná achar páirc pheile).



Tar éis duit na coscáin a fheidhmiú tógfaidh sé roinnt achair ar d'fheithicil stopadh. Braitheann sé sin ar an riocht ina bhfuil d'fheithicil, go háirithe, an bhail atá ar an gcóras coscánaithe.

Is é córas coscánaithe na feithicle an fachtóir deiridh a chinneann d'íosachar stoptha iomlán. Braitheann sé sin ar roinnt rudaí, mar shampla:

- na coscáin;
- brú, snáth agus greim na mbonn;
- meáchan na feithicle;
- crochadh na feithicle; agus
- dromchla an bhóthair.










Tábla 5: Molann an RSA duit go bhfágfa íosachar stoptha le linn aimsire atá tirim (féach an tábla thíos):

Luas (km san uair)	Íosachar Imoibrithe (m)	Íosfhad Coscánaithe (m)	Íosachar Stoptha Iomlán (m)
	6	6	12
	8	10	18
	10	15	25
	12	21	33

Luas (km san uair)	Íosachar Imoibrithe (m)	Íosfhad Coscánaithe (m)	Íosachar Stoptha Iomlán (m)
	16	36	52
	20	50	70
	24	78	102

Foinse: an Transport Research Laboratory, An Ríocht Aontaithe, 2012, © An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2012

Tábla 6: Molann an RSA duit go bhfágfa íosachar stoptha le linn aimsire atá fliuch (féach an tábla thíos):

Luas (km san uair)	Íosachar Imoibrithe (m)	Íosfhad Coscánaithe (m)	Íosachar Stoptha Iomlán (m)
	4	5	9
	6	10	16
	8	17	25
	10	26	36
	12	37	49
	14	50	64
	16	65	81
	20	101	121
	24	145	169

Foinse: an Transport Research Laboratory, An Ríocht Aontaithe, 2012, © An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2012

Is fiú a thabhairt ar aird go bhféadfadh sé go n-ardódh achar coscánaithe iomlán an chairr ó 50km san uair go 100km san uair ó 26 méadar ar a laghad go dtí ar a laghad 101 mhéadar. Nuair a dhúbalaíonn tú luas do chairr beidh tú in ann an t-achar coscánaithe iomlán a iolrú ceithre huaire.


Cuimhnigh go bhféadfadh difríocht de 5km san uair i do chuid luais difríocht a dhéanamh idir bás agus beatha úsáideoir bóithre leochailigh ar nós coisí.

- Dá mbuailfeadh carr coisí ag luas 60km san uair, mharófaí 9 gcoisí as 10.
- Dá mbuailfeadh carr coisí ag luas 50km san uair, mharófaí 5 as 10 gcoisí.
- Dá mbuailfeadh carr coisí ag luas 30km san uair, mharófaí 1 as 10 gcoisí.

Foinse RoSPA UK

Molann an RSA duit go bhfgáfa íosachar stoptha foriomlán de (féach an tábla thíos):

### Íosachar Stoptha Iomlán (m)



Foinse: an Transport Research Laboratory, An Ríocht Aontaithe, 2012, © An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2012

## Sciordradh

Ciallaíonn aon fhachtóir a laghdaíonn an greim atá ag do chuid bonn ar an mbóthar gur cúis sciordrtha a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh bóithre atá fliuch nó gréisceach, ró-ualú, boinn atá caite nó nach bhfuil dóthain aeir nó an iomarca aeir iontu, láib, duilleoga, sioc, sneachta, luasghéarú, coscánú tobann nó an iomarca luais i ndáil leis na coinníollacha atá ann cur le cúis sciordrtha.

Tarlaíonn scinneadh uisce nuair atá carr á tiomáint ar bhóthar atá fliuch agus nuair a bhailíonn uisce idir na boinn agus dromchla an bhóthair.

Nuair a tharlaíonn sé sin cailleann an carr teagmháil leis an mbóthar agus bíonn tionchar aige sin ar choscánú agus ar stiúradh.

### CUIMHNIGH

**Is achair íosta absalóideacha iad na híosachair a thugtar thuas; d'fhéadfadh an meánachar stoptha a bheith i bhfad níos faide.**

Cuid 9:

## Acomhail agus timpealláin




Leagann an chuid seo amach an bealach ceart le déanamh ar acomhail agus ar thimpealláin.

### Acomhail

Má fheiceann tú comhartha ‘Stop’ (atá taispeánta thíos), **ní mór** duit stopadh ag an gcomhartha nó ag an líne stop atá ar an mbóthar, más ann, fiú mura bhfuil aon trácht ar an mbóthar ar mhian leat a dhul isteach air.




Stop



Má fheiceann tú comhartha ‘Géill Slí’ nó líne géill slí (atá taispeánta thíos), **ní mór** duit moilliú anuas, ach ní gá duit stopadh go hiomlán mura mbíonn ort fanacht nó go mbíonn trácht i do choinne imithe thart.



Géill Slí



Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na comharthaí sin agus comharthaí rialála eile féach Cuid 6.

## Ceart slí

- Go ginearálta, tá ceart slí i gcónaí ag an trácht atá ag taisteal díreach ar aghaidh sa dá threo feadh príomhbhóthair.
- Sa chás go bhfuil tú ag acomhal áit a bhfuil na bóithre ar thábhacht chomhionann, tá ceart slí ag an trácht atá ar do dheis. **Ní mór** duit ligean don trácht sin gabháil thart sula mbogann tú ar aghaidh. Tá sé tábhachtach go dtuigfí nach ionann ceart slí agus láncheart. **Ní mór** duit leanúint ort go cúramach agus aird chuí a bheith agat ar úsáideoirí eile bóithre.
- Má tá tú ag déanamh ar T-acomhal, tá ceart slí ag an trácht atá ar an mbóthar sin cheana féin. Ciallaíonn sé sin **nach mór** d'aon trácht atá ar an mbóthar a chríochnaíonn ag an acomhal fanacht nó go mbeidh an trácht eile imithe thart roimh chasadh ar chlé nó ar dheis.
- Má tá tú ag casadh ar dheis ag acomhal, tá ceart slí ag an trácht atá ag teacht díreach tríd an acomhal ón treo eile.
- Má tá sé ar intinn agat casadh ar dheis ag acomhal agus má theastaíonn ón bhfeithicil atá ag teacht ón treo eile casadh isteach sa bhóthar céanna, tá ceart slí ag an bhfeithicil atá ag casadh ar chlé. Más í d'fheithicil féin atá ag casadh ar dheis, **ní mór** duit fanacht leis an bhfeithicil eile le casadh ar dtús.
- Má tá tú ag déanamh ar acomhal le príomhbhóthar **ní mór** duit slí a ghéilleadh do thrácht eile. Ciallaíonn sé sin ceart slí a thabhairt nó ligean dóibh imeacht thart sula dtéann tú isteach ar an mbóthar.

Níl ceart slí go huathoibríoch ag feithicil ar an mbóthar. Is í an riall cheannasach ná leanúint ar aghaidh go cúramach i ngach cás.

**Ní mór** duit ceart slí a thabhairt i gcónaí do:

- coisithe atá i mbun trasnaithe ag acomhal;
- coisithe ar thrasrian síogach;
- coisithe ar thrasrian síogach nuair atá an solas ómra ag dul ann agus as, agus
- coisithe agus trácht agus atá tú ag bogadh ar aghaidh ó bheith i do sheasamh (mar shampla ó do shuíomh ag comhartha stop nó spás páirceála).

**Ba chóir** d'fheithicil ceart slí a thabhairt i gcónaí do choisithe le hamhras a sheachaint agus ar mhaithe le sábháilteacht bóthair.

**Ní mór** duit ceart slí a thabhairt freisin do:


- trácht atá ag casadh cheana féin ag acomhal;
- trácht atá i lána eile sa chás gur mian leat lánaí a athrú; agus
- trácht ar bhóthar poiblí agus atá ag teacht amach as bealach isteach príobháideach.

Stop, féach, éist agus féach arís. Tá sé de dhualgas ort sin a dhéanamh agus tú ag dul isteach ar bhóthar.

**Ba chóir** do thiománaithe a bheith ag faire amach do rothaithe atá ag teacht amach as deireadh raon rothar agus do mhóipéidí agus do ghluaisrothaithe atá ag teacht amach as acomhail. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé chomh héasca sin iad a fheiceáil mar gheall ar a bheith íseal ar an mbóthar.


Tá sé tábhachtach go dtuigfí nach ionann ceart slí agus láncheart. **Ní foláir** duit leanúint ar aghaidh go cúramach, le haird chuí ar úsáideoirí eile bóithre.

## Ag casadh ar dheis ó phríomhbhóthar chuig mionbhóthar



- Seiceáil do chuid scáthán go maith roimh ré agus seiceáil caochspotaí, más cuí, i ndáil le trácht atá ag teacht i do dhiaidh agus tabhair comhartha go bhfuil tú ag casadh ar dheis.
- Chomh luath agus a bheidh sé ar do chumas é sin a dhéanamh go sábháilte, tóg do shuíomh díreach ar chlé ó lár an bhóthair nó sa spás atá curtha ar fáil do thrácht atá ag casadh ar dheis.
- Más féidir é, fág spás le go mbeidh feithicil eile in ann gabháil thart ar an taobh clé.
- Ná cas an roth stiúrtha go mbeidh tú réidh leis an gcasadh a dhéanamh.
- Nuair atá bearna shábháilte sa trácht, críochnaigh an casadh ionas go mbeidh ar do chumas dul isteach ar thaobh na láimhe clé den bhóthar a bhfuil tú ag déanamh air.
- Ná gearr an coirnéal agus tú ag casadh. Ná déan ‘ealaphíb’ trí ghabháil ró-fhada thar an bpointe casta ceart agus go mbeidh ort filleadh ansin le dul isteach ar an mbóthar ar theastaigh uait duit isteach air.

## Ag casadh ar dheis ó mhionbhóthar chuig príomhbhóthar



dhiaidh agus tabhair comhartha go bhfuil tú ag casadh ar dheis.

- Chomh luath agus is féidir leat é sin a dhéanamh go sábháilte, tóg do shuíomh díreach ó chlé ó lár an bhóthair.
- Má tá tú ag acomhal atá á rialú ag comhartha Stop nó Géill Slí, fan ag an mbealach isteach chuig an acomhal go mbeidh an bóthar sa dá threo glan.
- Más féidir é, fág spás le go mbeidh feithicil eile in ann gabháil thart ar an taobh clé.
- Nuair atá bearna shábháilte sa trácht atá ag teacht sa dá threo, críochnaigh an casadh ionas go mbeidh ar do chumas dul isteach ar thaobh na láimhe clé den bhóthar ar a bhfuil tú ag déanamh.
- Bí airdeallach maidir le marcanna bóthair a thugann treoir duit cúrsa áirithe a leanúint.

## Ag casadh ar dheis ag crosairí

Nuair atá tú ag casadh ar dheis ag crosaire agus sa chás go bhfuil an carr atá ag teacht ón treo eile ag casadh ar dheis freisin, má tá sé sin indéanta ba chóir don bheirt agaibh iarracht an casadh a dhéanamh cúl le cúl (pictiúr thíos). Tugann sé sin deis duit féin agus don tiománaí eile an trácht atá ag teacht a fheiceáil agus tugann deis don trácht sin sibhse a fheiceáil.




Ag casadh cúl le cúl

Mura bhfuil ar do chumas é sin a dhéanamh, féadfaidh sibh casadh neastaoibh le neastaoibh. Ciallaíonn sé sin an casadh a thosú an t-achar is atá na feithiclí fós os comhair a chéile.

Ag casadh neastaoibh le neastaoibh

## Ag casadh ó shráid

Tiomáin agus atá thaobh na de shráid is féidir leat amach do bhféadfadh sé ceadaithe do dhá lána casadh ar dheis.



## ar dheis aontreo


chomh gar sábháilte do lámhe deise aontreo agus Coinnigh súil limistéir ina go mbeadh sé

## Ag casadh ar dheis ó phríomhbhóthar chuig mionbhóthar

- Seiceáil do chuid scáthán go maith roimh ré do thrácht atá ag teacht i do dhiaidh. Tabhair comhartha le casadh ar thaobh na lámhe clé, agus nuair atá sé sábháilte, moilligh síos.

- Coinnigh chomh gar agus is féidir leat go sábháilte den chiumhais ar thaobh na láimhe clé den bhóthar, ag baint úsáid as do chuid scáthán le faire amach do rothaithe nó do ghluaisrothaithe atá ag teacht suas ar thaobh na láimhe clé duit.
- Ag acomhal atá á rialú, bí ag faire amach do shaighidh ómracha atá ag dul ann agus as a thugann cead duit leanúint ar aghaidh ar chlé mura bhfuil aon trácht ag déanamh ort ó thaobh na láimhe deise.
- Más féidir é, fág spás le go mbeidh feithicil eile in ann scoitheadh ar thaobh na láimhe deise.
- Tóg an casadh, ag coinneáil gar don chiumhais ar thaobh na láimhe clé. Ná buail agus ná téigh suas ar an gcolbha.

## Ag casadh ar chlé ó mhionbhóthar chuig príomhbhóthar



- Seiceáil do chuid scáthán go maith roimh ré do thrácht atá ag teacht i do dhiaidh. Tabhair comhartha le casadh ar thaobh na láimhe clé agus moilligh síos.
- Má tá tú ag acomhal atá á rialú ag comhartha Stop nó Géill Slí, fan ag an mbealach isteach chuig an acomhal go mbeidh an bóthar glan.
- Ag acomhal atá á rialú, bí ag faire amach do shaighidh ómracha atá ag dul ann agus as a thugann cead duit leanúint ar aghaidh ar chlé mura bhfuil aon trácht ag déanamh ort ó thaobh na láimhe deise.
- Má tá lána caolbhealaigh curtha ar fáil chun casadh ar chlé, **ba chóir** duit úsáid a bhaint as.
- Nuair atá sé sábháilte, críochnaigh an casadh ionas go mbeidh ar do chumas dul isteach ar thaobh na láimhe clé den bhóthar a bhfuil tú ag déanamh air.


Bí cúramach gan an iomarca spáis a thógáil suas nuair atá tú ag casadh agus géill slí do choisithe agus do rothaithe atá ag trasnú ag an acomhal sula dtosaíonn tú ag casadh.

## Acomhail bosca buí


Tá na hacomhail seo comhdhéanta de phatrúin de línte buí cliathacha.

Is eisceacht é nuair a theastaíonn uait casadh ar dheis. Sa chás sin, is féidir leat dul isteach san acomhal bosca bhuí agus tú ag fanacht le bearna sa trácht atá ag teacht ón treo eile. Ná téigh isteach sa bhosca, áfach, sa chás go gcuirfeadh sé sin bac ar thrácht eile a bhfuil ceart slí acu.

Déan




Ná déan



Tá acomhail bosca bhuí le fáil freisin ag crosairí comhréidh iarnróid nó ag crosairí trambhealaí. Ná téigh isteach sna hacomhail bosca bhuí sin riamh mura bhfuil ar do chumas iad a fhágáil gan stopadh. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le comharthaí tráchta agus marcanna bhóthair féach Cuid 6.

## Acomhail agus débhealaí



Is ionann débhealaí agus bóithre le dhá lána nó níos mó tráchta ag taisteal sa dá threo. Is ionann an lána ar an taobh amuigh nó lána na lámhe deise i ngach treo agus an lána is gaire de lár an débhealaigh.

De ghnáth **ba chóir** duit tiomáint i lána na lámhe clé de dhébhealach. Ní féidir leat an lána lasmuigh de dhébhealach dhá lána nó trí lána a úsáid ach amháin:


- ar mhaithe le scoitheadh, agus
- nuair atá sé i gceist agat casadh ar dheis achar gearr romhat.

## Ag casadh ar chlé isteach ar dhébhealach

- Tiomáin chomh gar agus is atá sábháilte de chiumhais na lámhe clé den bhóthar isteach
- Bí ag faire amach do thrácht atá i do choinne.
- Tóg an casadh nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh.
- Coinnigh le lána na lámhe clé den débhealach agus géaraigh ar do chuid luais chun coinneáil le gnáthluas tráchta faoi réir ag teorainneacha luais agus coinníollacha bóthair.

## Ag trasnú débhealaigh nó ag dul isteach air trí chasadh ar dheis

- Chomh luath agus is féidir leat é sin a dhéanamh go sábháilte, tóg do shuíomh díreach ó chlé ó lár an bhóthair.
- Má tá an lárstráice (an bhearna atá sa stráice deighilte i lár báire) ró-chúng le haghaidh d'fheithicle, fan ar an mionbhóthar nó go mbeidh sé ar do chumas dhá thaobh an débhealaigh a ghlanadh, nó déan an casadh in aon iarracht amháin.
- Má tá an lárstráice sách leathan do d'fheithicil, nuair a bheidh sé sábháilte is féidir leat leanúint ar aghaidh agus stopadh agus fanacht sa lárstráice go dtí go mbeidh bearna shábháilte sa trácht.
- Críochnaigh an trasnú nó cas isteach sa dara leath den débhealach agus géaraigh ar do chuid luais nó go mbíonn sé ar aon dul leis an ngnáthshruth tráchta, faoi réir ag teorainneacha luais agus coinníollacha bóthair reatha.



Má tá feithicil eile ag blocáil an lárstráice cheana féin, fan ar an mionbhóthar nó go mbeidh dóthain spáis ann leis an gcéad leath den bhóthar a ghlanadh gan stopadh ar an débhealach.

Sa chás go bhfuil tú ag tiomáint feithicil mhór, go ginearálta níl sé sábháilte caitheamh leis an dá chuid den débhealach mar bhóthar ar leith. **Ba chóir** duit fanacht ar an mionbhóthar nó go mbeidh ar do chumas an dá chuid den débhealach a thrasnú gan stopadh.

Bí cúramach i gcónaí nuair atá tú taobh thiar d'fheithicil móra nó d'fheithicil atá ag tarraingt leantóirí nuair atá siad ag casadh. Cuimhnigh go dteastaíonn neart spáis ó feithicil fhada nó ó chónasc feithicil le casadh a chríochnú. **Ba chóir** do rothaithe, gluaisrothaithe agus do choisithe go háirithe, a bheith an-chúramach nuair atá siad gar do na feithicil seo.

## Ag casadh ar dheis ó dhébhealach

- Lean an gnáth-nós imeachta agus bog isteach i lána na láimhe deise. Má tá lána luasmhoillithe ann, téigh isteach ann.
- Ag an aomhal, cas isteach sa lárstráice agus fan le bearna shábháilte sa trácht.
- Nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh, críochnaigh an casadh agus bog isteach i lána láimhe clé an bhóthair a bhfuil tú ag dul isteach air.

## Timpealláin

Ní gá go mbeadh gach timpeallán mar a chéile. Tá siad ar chruthanna agus méideanna difriúla agus d'fhéadfadh sé go mbeadh líon difriúil de bhealaí amach orthu. Tá roinnt acu á rialú ag soilse tráchta. Is cuma cé chomh mór nó beag is atá timpeallán, ní mór na rialacha ginearálta thíos a chur i bhfeidhm.

Is é an cuspóir le timpeallán a bheith ann:


- ar mhaithe le moill a laghdú – ritheann an sruth tráchta níos fearr i gcomparáid leis an trácht stop agus imigh ag gnáth-thrasnú ar nós soilse tráchta;
- ar mhaithe le baol imbhuailtí a laghdú go suntasach; agus
- ar mhaithe le truailliú a laghdú – bíonn astuithe ó fheithiclí ar thimpealláin níos lú ná mar a bheadh siad ag aomhail soilse tráchta.

## An Sár-Riail

Ba chóir go gcuideodh an 'sár-riail' seo le tiománaithe chun tiomáint go sábháilte ag aon timpeallán beag beann ar an líon bealaí amach:

Féach ar an timpeallán mar chlog.

- Má táthar ag tógáil aon bhealach amach idir a 6 a chlog agus a 12 a chlog, go ginearálta, ba chóir go ndéanfadh tiománaithe ar an timpeallán i lána na láimhe clé.
- Má táthar ag tógáil aon bhealach amach idir 12 a chlog agus a 6 a chlog, go ginearálta, ba chóir go ndéanfadh tiománaithe ar an timpeallán ó lána na láimhe deise.
- Má tá marcanna bóthair ann a thaispeánann an lána ba chóir duit a bheith ann, lean na treoracha sin. D'fhéadfadh sé go gciallódh coinníollacha tráchta go mbeadh ort bealach isteach eile ar an timpeallán a ghlacadh ach, go príomha, cuideoidh an 'sár-riail' leat tiomáint go sábháilte ar beagnach gach timpeallán.





## Ag déanamh ar thimpeallán

- D'fhéadfadh coinníollacha ag timpealláin athrú. Nuair atá tú ag déanamh ar thimpeallán, bí ag faire amach do threosaighid, marcanna bóthair nó comharthaí a d'fhéadfadh an lána ba chóir duit a ghlacadh don bhealach atá á thógáil agat a léiriú.
- Bog isteach sa lána ceart in am. Úsáid 'sár-riail' an 12 a chlog chun cabhrú leat cúrsa sábháilte a phleanáil mura léiríonn na comharthaí bóthair nó marcanna bóthair a mhalairt.
- Déileáil leis an timpeallán mar a dhéanfá le hacomhal. **Ní mór** duit géilleadh don trácht atá ag teacht ó dheis nó atá istigh ar an timpeallán cheana féin, ach lean ort ag gluaiseacht má tá an bealach glan.

## Casadh ar chlé a dhéanamh

Déan air i lána na láimhe clé, tabhair comhartha go bhfuil tú ag dul ar 'chlé' de réir mar atá tú ag déanamh air agus lean ort nó go mbeidh an bealach amach ar chlé tógtha agat.





## Ag dul díreach ar aghaidh (aon bhealach amach idir an 6 a chlog agus a 12 a chlog)

Déan air i lána na láimhe clé (mura léiríonn marcanna bóthair a mhalairt) ach ná tabhair comhartha go bhfuil tú ag dul ar ‘chlé’ nó go mbeidh tú imithe thar an mbealach amach roimh an gceann atá i gceist agat a ghlacadh. Sa chás go léiríonn coinníollacha tráchta a mhalairt, mar shampla, líne fhada tráchta i lána na láimhe clé ag tabhairt comhartha go bhfuil siad ag dul ar chlé nó oibreacha bóthair i lána na láimhe clé, ní mór duit an cúrsa atá á thaispeáint ag an líne dhearg a leanúint.

Bí thar a bheith cúramach ag gach bealach amach le linn duit a bheith ag fágáil an timpealláin, déan seiceáil maidir le húsáideoirí eile bóithre – mar shampla, rothaithe agus gluaisrothaithe a d’fhéadfadh a bheith ag leanúint orthu ar an timpeallán.

## Bealaí amach níos faide ar aghaidh ná sin a ghlacadh (na bealaí amach idir an 12 a chlog agus a 6 a chlog)

Déan air i lána na láimhe deise (mura léiríonn marcanna bóthair a mhalairt), tabhair comhartha go bhfuil tú ag dul ar ‘dheis’ ar dhruidim leis nó go mbeidh tú imithe thar an mbealach amach roimh an gceann atá i gceist agat a ghlacadh. Ansin athraigh chuig táscaire na láimhe clé. Gluais anonn i dtreo na láimhe clé ar an timpeallán agus lean ort ag tabhairt comhartha ar chlé chun fágáil.



I ngach cás bí ag faire amach do agus tabhair neart spáis do:

- coisithe a d'fhéadfadh a bheith ag trasnú ag na bóithre isteach agus amach,
- trácht ag trasnú os do chomhair ar an timpeallán, go háirithe feithiclí a bhfuil sé i gceist acu imeacht ag úsáid an chéad bhealach amach eile.
- trácht a d'fhéadfadh a bheith ag tógáil suas dhá lána nó nach bhfuil sa suíomh ceart, gluaisrothaithe,
- rothaithe agus marcaigh capall a d'fhéadfadh fanacht i lána na lámhe clé agus comhartha ar dheis a thabhairt má tá sé i gceist acu leanúint orthu timpeall an timpealláin,
- feithiclí fada (lena n-áirítear feithiclí atá ag tarraingt leantóirí), a d'fhéadfadh cúrsa difriúil a thógáil ag druidim leis an timpeallán nó ar an timpeallán mar gheall ar a bhfad. Bí ag faire amach do na comharthaí atá á dtabhairt acu.

### CUIMHNIGH

**D'fhéadfadh coinníollacha ag timpealláin athrú. Bí ar an airdeall i gcónaí. Bí ar an airdeall maidir le comharthaí tráchta, soilse tráchta, marcanna bóthair agus trácht atá ag teacht ó thaobh do lámhe deise agus tú ag déanamh ar thimpealláin, go háirithe.**

Cuid 10:

## Páirceáil



Clúdaítear sa chuid seo na rialacha a bhaineann le páirceáil go sábháilte.

## Páirceáil

### Rialacha ginearálta

- Más féidir, páirceáil le d'aghaidh sa treo ina bhfuil sruth an tráchta.
- Páirceáil gar do, agus comhthreomhar leis an gcolbha nó le ciumhais an bhóthair ach amháin in aon áit a bhfuil cuas páirceála ingearach nó uillinne marcáilte amach ar dhromchla an bhóthair.
- Sa chás go bhfuil cuas páirceáilte marcáilte amach ar bhóthar **ní mór** duit d'fheithicil a pháirceáil laistigh den spás páirceála.
- Cuir air an coscán láimhe.
- Cas as an t-inneall.
- Fág an fheithicil sa chéad ghiar nó sa ghiar cúlaithe, nó roghnaigh P i gcás carr uathoibríoch.
- Seiceáil an bhfuil úsáideoirí eile bóithre in aice láimhe, gluaisrothaithe, rothaithe agus coisithe go háirithe sula n-osclaíonn tú na doirse.
- Ná hoscail do chuid doirse ach amháin nuair atá gá leis agus ná coinnigh oscailte i bhfad iad.
- Ná tar amach as an fheithicil ach amháin nuair atá sé sábháilte agus nuair nach bhfuil tú féin ná do chuid paisinéirí ag cur bac ar úsáideoirí eile bóithre.
- **Ba chóir** do phaisinéirí a theacht amach ar cholbha an chosáin.
- Cuir an fheithicil faoi ghlas agus tú á fhágáil.
- **Níor chóir** duit ceannsoilse a fhágáil ar siúl agus tú páirceáilte.

## Conas a chinntiú go bhfuil d'fheithicil páirceáilte go sábháilte

Déan cinnte nach bhfuil tú ag cur as do ghnáth-shruth an tráchta agus nach bhfuil d'fheithicil ag cur as do, ag cur bac ar úsáideoirí eile bóithre, ná á gcur i gcontúirt.

Déan ✓	Ná déan ✗
<b>Páirceáil</b> chomh gar agus is féidir don cholbha nó do chiumhais an bhóthair.	<b>Ná páirceáil</b> trasna ó fheithicil eile ar bhóthar cúng.
<b>Déan</b> cinnte go bhfuil taobhanna d'fheithicil comhthreomhar leis an gcolbha nó leis an gciumhais, mura léiríonn comhartha tráchta a mhalairt.	<b>Ná páirceáil</b> go dúbailte.
<b>Páirceáil</b> agus d'aghaidh sa treo céanna leis an trácht.	<b>Ná páirceáil</b> ag oibreacha bóthair.
<b>Déan</b> cinnte gur féidir d'fheithicil a fheiceáil san oíche.	<b>Ná páirceáil</b> ag bealach isteach nó amach chuig stáisiún dóiteáin, stáisiún Gardaí, stáisiún otharchairr nó ospidéal.
<b>Páirceáil</b> go cúirtéiseach agus ná cuir bac ar amharc úsáideoirí eile bóithre ar chomhartha tráchta ná ar an mbóthar atá os a gcomhair.	<b>Ná páirceáil</b> in áit a mbeidh tú ag cur bac ar amharc úsáideoirí eile bóithre ar chomhartha tráchta ná ar an mbóthar atá os a gcomhair.
<b>Páirceáil</b> san áit nach mbeidh tú ag cur bac ar bhealach isteach chuig maoin mura bhfuil cead an úinéara agat.	<b>Ná páirceáil</b> san áit a bhfuil páirceáil toirmisceithe ag comharthaí tráchta nó ag marcanna bóthair (féach cuid 6).
	<b>Ná fág</b> na ceannsoilse ar siúl nuair atá tú ag páirceáil ar thaobh an bhóthair, nó in aice le taobh an bhóthair.

### CUIMHNIGH

Is féidir tiománaithe a dhalladh agus a chur dá dtreoir go héasca ag ceannsoilse fheithicil páirceáilte nó stoptha. Más gá duit soilse a bheith ar siúl sna himthosca sin, **níor chóir** duit ach 'taobhshoilse' nó 'soilse páirceála' a úsáid. **Níor chóir** duit ceannsoilse a fhágáil ar siúl agus tú páirceáilte.

Taispeánann na comharthaí tráchta agus na marcanna bóthair seo a leanas an áit **nach bhfuil** páirceáil ceadaithe nó ceadaithe **ag amanna áirithe amháin**.

## Comharthaí tráchta

Taispeánann na comharthaí agus na plátaí eolais atá ag gabháil leo nach féidir leat páirceáil ach le linn tréimhsí áirithe amháin (comhartha 1) nó lasmuigh de thréimhsí áirithe (comhartha 2).



Comhartha 1  
Páirceáil ceadaithe



Comhartha 2  
Páirceáil toirmiscthe

Taispeánann an comhartha thíos glanbhealach – limistéar de bhóthar **nach mór** a choinneáil glan do thrácht atá ag gluaiseacht le linn amanna áirithe den lá (tréimhsí gnóthacha de ghnáth). Taispeántar na hamanna ina bhfuil stopadh nó páirceáil toirmiscthe ar an bpláta eolais atá faoin gcomhartha.


Ní féidir le feithiclí eile stopadh le linn na n-amanna sin ach amháin má tá siad ag fanacht i líne tráchta, ach ní cheadaítear dóibh páirceáil, fiú má tá dioscpháirceáil nó méadarpháirceáil ar fáil de ghnáth.




Glanbhealach

## Marcanna bóthair

De ghnáth bíonn pláta eolais ingearach in aice leis an líne bhuí shingil seo. Nuair a bhíonn siad in éineacht, ciallaíonn an marc bóthair agus an pláta eolais **nach féidir** leat páirceáil le linn na n-amanna atá taispeánta.



Ciallaíonn na línte buí dúbailte nach féidir páirceáil ann ag tráth ar bith.




## Cosc ar pháirceáil

Fiú mura bhfeiceann tú comhartha áirithe ‘cosc ar pháirceáil’ nó líne bhuí ar an mbóthar **níor chóir** duit stopadh ná páirceáil:

- i spás páirceála mura bhfuil cárta sealbhóra ceada ‘in áirithe do dhuine faoi mhíchumas’ ar taispeáint agat. Ní mór d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí an cuas páirceála speisialta le leithead breise a úsáid ar mhaithe le doras an chairr a oscailt go hiomlán. Tabharfaidh sé sin an deis do dhuine aistriú ón gcathaoir rothaí go dtí an fheithicil nó ón fheithicil go dtí cathaoir rothaí. Tá gnáthchuasa páirceála ró-chúng leis an spás a theastaíonn ó úsáideoirí cathaoireacha rothaí a chur ar fáil mar sin **níor chóir** d’úsáideoirí eile bóithre páirceáil i spásanna páirceála atá ainmnithe mar spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas. Is cion é sin a dhéanamh.



ar



an áit ina bhfuil línte fiarláin bána nó buí cheachtar taobh de shoilse coisithe nó crosairí

peileacánacha nó síogacha;

- go hiomlán nó ar chuid de thrasrian peileacánach nó síogach nó ag soilse coisithe; 15 mhéadar roimh nó 5 mhéadar i ndiaidh trasrian coisithe nó soilse tráchta;
- in aice le bealach isteach chun scoile áit a bhfuil línte buí fiarláin feadh chiumhais an bhóthair ina bhfuil na focail ‘SCOIL – COINNIGH GLAN’;
- in aice le bealach isteach nó bealach amach ó stáisiún Dóiteáin, Otharchairr nó Gardaí;
- laistigh de limistéar atá marcáilte mar stad bus nó stad tacsaithe – ina bhfuil marcanna bána bóthair sna limistéir agus chomh maith leis sin go dtaispeántar an focal ‘BUS’ ag stop bus agus ‘TACSAITHE’ ag stad tacsáí;
- san áit ina bhfuil líne bhán shingil nó líne bhán dhúbailte leanúnach feadh lár an bhóthair;
- go hiomlán ar nó ar chuid de chosán, imeall féir, lána nó raon rothar nó lárstráice;

- laistigh de 5 méadar d'acomhal bóthair mura bhfuil spásanna páirceála marcáilte go soiléir;
- ar chuid de bhóthar atá curtha in áirithe do chorrthrádáil le linn uaireanta trádála;
- i lána bus in aghaidh an tsrutha ag am ar bith nó i lána bus leis an sruth le linn na n-uaireanta a bhfuil an lána bus i bhfeidhm;
- i mbá lódála (atá curtha in áirithe ar mhaithe le feithiclí earraí iad a úsáid agus iad ag luchtáil nó ag díluchtáil earraí ar feadh uastréimhse de 30 nóiméad) – taispeánann marcanna bóthair na focail 'LÓDÁIL' trasna an bhealaigh isteach chuig limistéar páirceála;
- i mbealach isteach nó bealach amach d'fheithiclí nó ó fhoirgneamh, mura bhfuil sé údaraithe ag áititheoir an fhoirgnimh;
- i dtrombhealach le linn na tréimhse a bhfuil an trambhealach i bhfeidhm (feidhmíonn trambhealaí ar bhonn 24 uaire an chloig mura bhfuil tréimhse eile taispeánta ar an bpláta eolas le hais an lána);
- ag déanamh ar chrosaire comhréidh;
- sa chás go bhfuil an colbha íslithe le cabhair a thabhairt d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

### CUIMHNIGH

**Níor chóir** duit páirceáil ar aon slí a chuirfeadh as do ghnáth-sruth an tráchta, nó a chuirfeadh bac nó a chuirfeadh úsáideoirí eile bóithre i gcontúirt.

**Níor chóir** duit páirceáil riamh:

- ar choirnéal, ar chasadh, ar mhullach cnoic nó ar dhroichead dronnach;
- san áit a bhfuil claonadh géar sa bhóthar, nó
- in aon áit a chuireann bac ar amharc maor scoile nó ar sheirbhís maorachta scoil shóisearach, ní bhaineann an srianadh le feithiclí a bhfuil cead páirceála do dhaoine faoi mhíchumas á dtaispeáint acu.

## Diospháirceáil

Feidhmíonn diospháirceáil i limistéir faoi fhoirgnimh le páirceáil a shrianadh le linn amanna áirithe den lá. Feicfidh tú comhartha rialála le pláta eolais thíos faoi i limistéar atá clúdaithe ag diospháirceáil. Nuair atá tú ag páirceáil, **ní mór** duit diosca a cheannach do thréimhse ama socraithe agus do charr a bheith tugtha chun bealaigh agat faoin am a dtagann an tréimhse seo chun críche. **Níor chóir** duit páirceáil ar an tsráid cheanna arís laistigh d’aon uair an chloig amháin tar éis duit spás diospháirceála a fhágáil. Ní bhaineann an srianadh le feithicil ar a bhfuil cead páirceála do dhuine faoi mhíchumas le feiceáil orthu.



Páirceáil ceadaithe



Diospháirceáil

## Feithiclí a chlampaíl nó feithiclí a thabhairt chun bealaigh

Tá córais tugtha isteach ag roinnt údarás áitiúil le haghaidh a thabhairt ar pháirceáil neamhdhleathach. Má tá d’fheithicil páirceáilte go neamhdhleathach, d’fhéadfadh sé go gcuirfí clampa ar an roth, nó d’fhéadfaí d’fheithicil a thabhairt chun bealaigh chuig áit éigin eile agus clampa a chur uirthi ansin nó í a thabhairt chun bealaigh agus í a chur faoi ghlas i bpóna feithiclí. **Ní mór** duit táille a íoc ansin leis an gclampa a bhaint den fheithicil agus/nó le d’fheithicil a fháil ar ais.

## Páirceáil chontúirteach

Sa chás go bpáirceálann tú ar bhealach gur dóigh go bhféadfadh an fheithicil a bheith ina contúirt d’úsáideoirí eile bóithre, mar shampla, má chuireann sé faoi deara do choisí dul amach ar an mbóthar, d’fhéadfadh sé go gcinfeadh Garda go ndearna tú cion páirceála contúirtí agus d’fhéadfaí muirear seasta €80 agus suas le 5 phointe pionóis a ghearradh ort ina leith.

### CUIMHNIGH

Bí cinnte i gcónaí nach bhfuil tú ag cur úsáideoirí bóithre eile i gcontúirt – go háirithe úsáideoirí bóithre leochaileacha – agus tú ag páirceáil. Go sonrach, ná páirceáil **riamh** ar chosán.

Cuid 11:

# Motorways and tunnels

Is ionann mótarbhealaí agus bóithre a chabhraíonn leis an am a thógann an t-aistear a laghdú trí thrácht a dheighilt agus trí fháil réidh le hacomhail bóithre. Is dócha gurb iad an bealach is sábháilte iad le lear mór tráchta a chur ag gluaiseacht, mar gheall go seachnaíonn siad an baol ó imbhuailtí díreach in éadan a chéile, go príomha. Mar sin féin, tá baol i bhfad níos mó ag gabháil leo go ritheadh scuaine tráchta isteach ina chéile i gcomparáid le cineálacha eile bóithre.

Clúdaítear sa chuid seo na rialacha maidir le cé atá i dteideal tiomáint ar an mótarbhealach, cad a chiallaíonn comharthaí mótarbhealaigh agus conas dul isteach orthu, iad a fhágáil agus scoitheadh go sábháilte.

Féach cuid 25 maidir le liosta de na comharthaí is coitianta a bheidh le feiceáil agat ar mhótarbhealach.

Comharthaí mótarbhealaigh	Cad is brí leo
	<b>Mótarbhealach romhat</b> Tá bealach isteach chun mótarbhealaigh romhat agus <b>níor chóir</b> don lucht úsáidte bóithre atá liostaithe ar an gcomhartha dul isteach ar an mótarbhealach.
	<b>Bealach isteach chuig mótarbhealach</b> Tá an t-úsáideoir bóithre ag dul isteach ar an mótarbhealach anois agus <b>ní mór</b> dó déanamh de réir rialacha an mhótarbhealaigh. De ghnáth bíonn an comhartha seo in aice leis an gcomhartha 'Mótarbhealach romhat'.
	<b>Dola-phlás romhat</b> Tá dola-phlás 7km romhat.
	<b>Comhartha maidir le comhaireamh síos</b> Tá an tiománaí 300 méadar ón gcéad bhealach amach eile.
	<b>Comhartha maidir le comhaireamh síos</b> Tá an tiománaí 200 méadar ón gcéad bhealach amach eile.
	<b>Comhartha maidir le comhaireamh síos</b> Tá an tiománaí 100 méadar ón gcéad bhealach amach eile.

Comharthaí mótarbhealaigh	Cad is brí leo	
	<p><b>Deireadh leis an mótarbhealach 500m romhat</b></p>	<p>Tá 500 méadar fanta go dtí deireadh an mhótarbhealaigh.</p>
	<p><b>Deireadh le mótarbhealach</b></p>	<p>Tá deireadh an mhótarbhealaigh sroichte ag an tiománaí.</p>
	<p><b>Comhartha maidir le lána breise</b></p>	<p>Tá lána breise ag ceangal leis an mótarbhealach.</p>
	<p><b>Comhartha maidir leis an gcéad bhealach amach eile</b></p>	<p>Léiríonn sé an t-achar chuig an gcéad bhealach amach eile agus na bealaí breise.</p>
	<p><b>Bealach malartach</b></p>	<p>Comhartha eolais do thurasóirí maidir le bealach malartach amach den mhótarbhealach.</p>
	<p><b>Feithiclí údaraithe amháin</b></p>	<p>Limistéar atá curtha in áireamh lena úsáid go sonrach ag feithiclí údaraithe amháin.</p>
	<p><b>Gardaí amháin</b></p>	<p>Limistéar atá curtha in áireamh lena úsáid go sonrach ag feithiclí na nGardaí amháin.</p>
	<p><b>Táillí dola an mhótarbhealaigh</b></p>	<p>Táillí dola do chineálacha éagsúla feithiclí.</p>
	<p><b>Eolas dola-phláis</b></p>	<p>Eolas ar lána an dola-phláis.</p>

## Rialacha ginearálta

Bíonn na comharthaí thíos le feiceáil agus tú ar tí dul isteach ar mhótarbhealach. Taispeánann an comhartha ar chlé **nár chóir** do na feithiclí ná na daoine seo a leanas dul isteach ar an mótarbhealach:



Mótarbhealach  
romhat



Mótarbhealach  
romhat



Bealach isteach chuig  
an mótarbhealach

- daoine nach bhfuil láncheadúnas tiomána acu do chatagóir na feithicle atá á tiomáint acu,
- feithiclí nach bhfuil ar a gcumas luas de 50km san uair ar a laghad a bhaint amach,
- feithiclí le hacmhainn innill de 50cc nó níos lú,
- carráistí do na heasláin nó cathaoireacha rothaí móitair,
- feithiclí bhfuil boinn teannta orthu,
- rothaithe,
- coisithe, agus
- ainmhithe.

## Teorainneacha luais ar an mótarbhealach

Is é 120km in aghaidh na huaire an uasteorainn luais ar mhótarbhealach mura bhfuil comharthaí ann a thugann teorainn eile luais, mar shampla, comharthaí rabhaidh chun aird a tharraingt ar oibreacha bóthair,

- feithicil á tiomáint agat atá faoi réir ag teorainn níos ísle mar shampla bus nó truicail, nó
- teorainn luais buan níos ísle i bhfeidhm ar chúiseanna sábháilteachta tráchta.

Cuimhnigh gurb é 102 méadar (27 uair fad an ghluaisteáin) d'achar stoptha iomlán ag 120km in aghaidh na huaire agus aimsir thirim ann. Is ionann é sin agus tuairim is fad páirce saicair.

- Méadaíonn an ghnáth-theorainn luais do HGVanna go 90km san uair ar mhótarbhealaí (nuair nach bhfuil feidhm le haon teorainn luais níos ísle).
- Méadaítear an ghnáth-theorainn luais do bhusanna (nach bhfuil deartha le haghaidh paisinéirí atá ina seasamh a iompar) go 100km san uair ar mhótar-bhealaí nó ar dhébhealaí (nuair nach bhfuil feidhm le haon teorainn luais níos ísle).

## Ag dul isteach ar an mótarbhealach

Agus tú ag dul isteach ar an mótarbhealach, bí cúramach agus bí san airdeall, agus lig don trácht atá ar an mótarbhealach cheana dul tharat. **Ní mór** duit na céimeanna seo a leanas a leanúint agus tú ag dul isteach ar an mótarbhealach.

- Bain úsáid as an lána luasghéaraithe chun do luas a mhéadú sula sníonn tú isteach sa trácht ar an mótarbhealach.
- Tabhair comhartha luath do thiománaithe eile go bhfuil sé i gceist agat snóí isteach.
- Nuair a bheidh tú ag teacht isteach ar an sliosbhóthar, seiceáil sna scátháin agus i do chaochspota le bearna shábháilte a aimsiú sa lána ar chlé den mhótarbhealach.
- Déan de réir na gcomharthaí bóthair agus na marcanna bóthair.
- Ná tiomáin ar mharcanna haiste sula sníonn tú isteach sa trácht ar an mótarbhealach.
- Géill don trácht atá ar an mótarbhealach cheana.
- Déan do luas a chur in oiriúint agus tú ag dul isteach ar an mótarbhealach le luas ginearálta an tráchta sa lána sin a mheaitseáil oiread agus is féidir.
- Bíonn lánaí cúnata ar roinnt mótarbhealaí. Déanann siad ceangail de ghnáth leis an rampa ‘isteach’ ón mbóthar atá tú a fhágáil leis an gcéad rampa eile ‘amach’ a bheidh ann (féach leathanach 146).
- Glac le gach athrú lána mar bheart ar leith. Fan sa lána ar chlé fada go leor chun do luas féin a chur in oiriúint do luas an tráchta sula dtugann tú faoi scoitheadh.

## Ar an mótarbhealach


- **Ní mór** duit tiomáint ar aghaidh agus sin amháin. Ní cheadaítear casadh nó cúlú.
- **Ní mór** duit gluaiseacht ar luas agus ar bhealach nach gcuireann isteach ar thrácht eile ar an mótarbhealach.
- **Níor chóir** duit tiomáint ar aon chuid den mhótarbhealach nach carrbhealach é – mar shampla gualainn chrua – seachas i gcás éigeandála.
- **Níor chóir** duit stopadh ná páirceáil ar aon chuid den mhótarbhealach mura mbriseann an carr síos nó mura dtugann garda comhartha duit é sin a dhéanamh.
- **Níor chóir** duit aon duine a phiocadh suas nó a scaoileadh amach ar an mótarbhealach.

### CUIMHNIGH

Má tharlaíonn tú a bheith ag tiomáint in aghaidh srutha an tráchta, tarraing isteach ar an ngualainn chrua láithreach agus stop. Déan teagmháil leis na gardaí trí ghlaoch ar 999 nó 112. Ná déan iarracht d’fheithicil a chasadh thart. Fan in áit shábháilte go dtiocfar i gcabhair ort.

## Lánaí a úsáid mar is ceart

Tá sé an-tábhachtach go dtuigeann tú an aidhm atá le gach lána ar an mótarbhealach. Tugtar uimhir do gach lána chun cuidiú le míniú a thabhairt faoin mbealach agus faoin uair le gluaiseacht ó lána amháin go lána eile. Léiríonn an pictiúr thíos gurb é lána 1 an lána is cóngaraí don lána cúlta nó don ghualainn chrua. Tugtar an ‘lána istigh’ ar an lána seo freisin. Ar mhótarbhealach dhá lána tugtar lána 2 ar an lána is cóngaraí don lárstráice (tugtar an lána lasmuigh air seo freisin). Ar mhótarbhealach 3 lána is é seo lána 3.



### Lána 1

Baineann an ghnáthriail ‘fan ar chlé’ leis seo. Fán sa lána seo mura bhfuil tú ag scoitheadh.

### Lána 2

Ar mhótarbhealach dhá lána, úsáid é seo don scoitheadh amháin agus bog ar ais isteach i lána 1 nuair a bhíonn sin déanta agat. Féadfaidh tú an lána seo a úsáid freisin le freastal ar an trácht a shnoíonn isteach ón taobh clé.

Ar mhótarbhealach trí lána féadfaidh tú fanacht sa lána láir seo nuair a bhíonn trácht ag gluaiseacht níos moille i lána 1.

### Lána 3

Má bhíonn tú ag taisteal ar mhótarbhealach trí lána, **níor chóir** duit an lána seo a úsáid ach nuair a bhíonn an trácht i lánaí 1 agus 2 ag gluaiseacht ina scuainí agus nuair is gá duit scoitheadh nó freastal ar thrácht atá ag snó isteach. Nuair a bhíonn an scoitheadh déanta bog ar ais isteach ar chlé agus lig don trácht níos sciobtha ón gcúl dul tharat.

**Níor chóir** duit an lána is cóngaraí don lárstráice a úsáid, is é sin an lána lasmuigh (lána 2 nó lána 3, ag brath ar líon na lánaí) má tá siad seo a leanas á dtiomáint agat:

- feithicil earraí le huasmhais údaráithe de bhreis agus 3,500 cileagram, mar leoraí nó feithicil earraí troma;
- feithicil agus leantóir, bosca capaill nó carbhán á tharraingt aici; nó
- bus nó cóiste aon stór nó dhá stór atá deartha le paisinéirí atá ina seasamh a iompar.

Is cion lena mbaineann muirear seasta suas le €120 agus 3 phointe pionóis é feithicil as an liosta thuas a thiomáint sa lána lasmuigh ar mhótarbhealach (Lána 2 nó Lána 3, ag brath ar an líon lánaí atá i gceist).

É sin ráite, féadfaidh tú é a úsáid i gcúinsí eisceachtúla nuair nach féidir leat dul ar aghaidh sa lána istigh de bharr bacainne amach romhat.

Féadfaidh bus nó cóiste aon stór nó dhá stór nach bhfuil deartha le paisinéirí atá ina seasamh a iompar taisteal sa lána lasmuigh ar mhótarbhealach agus ní bheidh tiománaí feithicil den sórt sin ciontach i gcion má dhéantar amhlaidh.

## Lána cúnta

Is féidir an lána seo a aithint de ghnáth leis an líne bhriste bhán ar thaobh na lámhe deise den lána cúnta, le marcanna atá níos giorra, níos gaire dá chéile agus níos leithne ná na línte briste bána a fheictear de ghnáth i lánaí 1, 2 nó 3.

Nuair atá tú ag dul isteach ar mhótarbhealach, is féidir leat an lána seo a úsáid chun do luas a chur in oiriúint sula dtéann tú isteach (Lána 1), nó is féidir leat an lána seo a úsáid má tá sé i gceist agat imeacht den mhótarbhealach ag an gcéad bhealach amach eile.

Mura bhfuil sé i gceist agat an chéad bhealach amach eile den mhótarbhealach a ghlacadh, ba chóir duit dul isteach ar an bpríomhchuid den mótarbhealach (Lána 1) chun leanúint ar aghaidh le d'aistear.

Má tá tú ag tiomáint cheana féin ar an mótarbhealach (Lána 1) agus má tá sé i gceist agat an chéad bhealach eile amach den mhótarbhealach a ghlacadh, is féidir leat dul isteach sa lána cúnta (Lána A).

Má tá tú ag tiomáint cheana féin ar an bpríomhchuid den mhótarbhealach (Lána 1, 2 nó 3), níor cheart duit dul isteach (Lána A) mura bhfuil sé i gceist agat imeacht den mhótarbhealach ag an gcéad bhealach amach eile (sin mura bhfuil sé ráite ag na Gardaí nó ag pearsanra de chuid na Seirbhísí Éigeandála leat sin a dhéanamh).

## Fanacht siar

Clúdaítear in Alt 8 'riail an dá shoicind' a chuideoidh leat fanacht siar go sábháilte ón bhfeithicil atá amach romhat. Úsáid an riail seo ar mhótarbhealaí – má thiomáineann tú ró-ghar laghdaíonn sé do chumas stopadh go sábháilte agus laghdaíonn sé do radharc romhat go suntasach.

Nuair a bhíonn tú i scuaine d'fhéadfadh go mbeadh fonn ort dul níos gaire don fheithicil romhat amach le d'áit a chosaint. Cuimhnigh le do thoil **nach mór** duit dóthain spáis a fhágáil romhat a cheadaíonn duit stopadh go sábháilte.

## Comharthaíocht

Nuair atá tú ar mhótarbhealach **ní mór** duit comhartha a thabhairt gach uair sula mbogann tú. Mar shampla bíonn dhá chéim ar leith i gceist ag bogadh ó Lána 3 go dtí Lána 1.

- I gcéim a haon tugann tú comhartha go bhfuil tú chun bogadh ó Lána 3 go dtí Lána 2.
- I gcéim a dó tugann tú comhartha arís chun bogadh ó Lána 2 go dtí Lána 1.
- De bharr go mbíonn luais níos airde i gceist ar mhótarbhealaí, ní mór do thiománaithe comhartha maidir lena bhfuil ar intinn acu a dhéanamh a chur in iúl in am maith.

### Ní ceart slí é an treotháscaire.

Sula dtosaíonn tú ag bogadh ní mór duit a bheith cúramach agus airdeallach, agus aird ar leith á thabhairt agat ar lucht úsáidte bóithre, ar staid an bhóthair ag an am agus ar an gcaoi a ngabhfaidh do thiomáint i bhfeidhm ar lucht úsáidte bóithre eile.

## An trácht thart ort a sheiceáil

Seiceáil na scátháin go rialta mar gur ghá duit pictiúr seasta a bheith i d'intinn den mhéid atá ar siúl mór thimpeall ort. Bí go mór ar an eolas faoi chaochspotaí na feithicle freisin.

Mar thiománaí, **ní mór** duit a bheith in ann stopadh laistigh d'achar a fheiceann tú atá glan agus **ní mór** duit tiomáint agus aird agat ar lucht úsáidte bóithre. Dá bharr sin, **níor chóir** duit fanacht i gcaochspotaí thiománaithe eile. Bíodh do shúile ag bogadh i gcónaí – seachain a bheith ag breathnú ar an bhfeithicil díreach romhat amháin. Caith súil romhat ar an scuaine ina ionad. Úsáid an radharc atá agat chun tiomáint go réidh agus seachain coscánú gan ghá. Má thugann tú faoi deara go bhfuil an trácht ag moilliú go géar, bain úsáid as do shoilse guaise le rabhadh a thabhairt don trácht taobh thiar díot.

Sula n-athraíonn tú lána cuimhnigh 'scáthán, comhartha, scáthán, beart'. Cuimhnigh go mb'fhéidir go bhfuil trácht ag teacht ó do chúl faoi luas. Seiceáil do scátháin faoi dhó ar a laghad chun cuidiú leat an luas atá ag na feithiclí sin a mheas agus cuideoidh sé leat feithiclí atá ag taisteal i do chaochspotaí a fheiceáil.

Seachain tabhairt ar thiománaí eile brú ar na coscáin nó lána a athrú le freastal ort agus tú ar an mótarbhealach (seachas ag dul isteach air). Foghlaim an chaoi leis an trácht thart ort a mheas. Tá feithicil atá le feiceáil i do scáthán ar an mótarbhealach, a treotháscaire deas gealánach ag iarraidh a chur in iúl go bhfuil sé ag déanamh ort agus go bhfuil sé i gceist aige dul amach tharat.

## Scoitheadh

Scoith ar an taobh deas amháin mura bhfuil an trácht ag gluaiseacht i scuainí malla agus go bhfuil an scuaine tráchta ar do dheis ag taisteal níos moille ná tú. Má tá sé i gceist agat bogadh ó lána níos moille go lána níos sciobtha, cuir do luas in oiriúint ar dtús.

Sula dtugann tú faoin scoitheadh cuimhnigh ar an manna ‘scáthán, comhartha, scáthán, beart’, agus seiceáil na caochspotaí. Seiceáil go bhfuil an bealach glan (taobh thiar agus chun tosaigh) agus tabhair comhartha go maith roimh ré.

Cuimhnigh go mbeidh an trácht ag taisteal i bhfad níos sciobtha ná mar a bhíonn ar ghnáthbhóithre. Bí thar a bheith cúramach le titim na hoíche, sa dorchadas agus i ndroch-choinníollacha aimsire nuair a bhíonn sé níos deacra luas, achar agus achar stoptha a mheas. Tabhair comhartha agus fill ar do bhunlána a luaithe agus is féidir.

## Droichid Iompair

Is struchtúir iad droichid iompair a úsáidtear le comharthaí tráchta a chur ar taispeáint os cionn lánaí tráchta ar mhótarbhealaí agus ar dhébhealaí. Bíonn siad ar fáil go coitianta agus léiríonn eolas tábhachtach, mar sin bí cinnte go dtugann tú aird orthu mar aon leis na comharthaí eile feadh thaobh an bhóthair.

## Comharthaí le teachtaireachtaí inathraitheacha

Úsáidtear comharthaí le teachtaireachtaí inathraitheacha ar mhótarbhealaí, mar an ceann atá léirithe thíos, chun teachtaireachtaí agus eolas a chur ar fáil do thiománaithe agus chun rabhadh a thabhairt faoi theagmhais a d’fhéadfadh cur isteach ar chúinsí tráchta agus ar amanna aistir.

**Ba chóir** do thiománaithe aird a thabhairt ar na comharthaí seo i gcónaí.



LED VMS Tipiciúil

## An mótarbhealach a fhágáil

Léiríonn na comharthaí thíos an t-achar go dtí an chéad bhealach amach eile ar mhótarbhealach. Pleanáil go maith roimh ré agus úsáid na comharthaí seo le tú féin a shuí in am tráth sa chaoi is go mbeidh tú ábalta dul isteach i do lána go luath.



2km ón gcéad  
bhealach amach eile



300m ón gcéad  
bhealach amach eile



200m ón gcéad  
bhealach amach eile



100m ón gcéad  
bhealach amach eile

Nuair a fhágann tú an mótarbhealach rachaidh tú isteach i lána luasmhoillithe ar dtús. Más féidir, coinneigh le do luas go dtéann tú isteach sa lána seo ach moilligh ansin agus seiceáil le haghaidh comharthaí a léiríonn teorainn luais níos ísle. Úsáid do luasmhéadar le cinntiú go bhfuil an teorainn laghdaithe á comhlíonadh agat. Cuimhnigh go bhféadfadh go mbeadh cúinní géara ar na sliosbhóithre agus ar na nascbhóithre idir mótarbhealaí.

Má chailleann tú an bealach amach téigh ar aghaidh go dtí an chéad bhealach amach eile. **Níor chóir** duit iarracht a dhéanamh an t-oileán tráchta a thrasnú nó cúlú siar ar an ngualainn chrua.

Nuair a fhágann tú mótarbhealach, nó nuair a thagann deireadh leis, feicfidh tú na comharthaí thíos.



Deireadh leis an  
mótarbhealach  
1km romhat



Deireadh leis an  
mótarbhealach  
500m romhat



Deireadh leis an  
mótarbhealach

## Limistéir scíthe, leataoibh agus seirbhísí ar an mótarbhealach

Is í an chomhairle is fearr ná an turas a phleanáil le nach mbeidh ort stopadh ar mhótarbhealaí más féidir ar chor ar bith é. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go dtógfá sosanna rialta le scíth a ghlacadh ag eatraimh oiriúnacha nuair a bhíonn achair fhada le dul agat. Sula dtosaíonn tú ar an aistear ba chóir duit na háiteanna a stopfaidh tú le scíth a ghlacadh agus le seirbhísí mótarbhealaigh a úsáid, a phleanáil. Léiríonn an Mapa thíos limistéir scíthe agus seirbhíse. Is leataoibh iad na limistéir atá marcáilte le P áit ar féidir stopadh go sábháilte más gá. Níl aon áiseanna sna limistéir sin. Ná siúl ar an ngualainn chrua nó ar lánaí mótarbhealaigh, ná gar díobh. Bí cúramach agus tú ag dul isteach arís ar an mótarbhealach (féach an chomhairle ar leathanach 146).




Comhartha eolais ar limistéar seirbhíse mótarbhealaigh




Mar a léiríonn an léarscáil thuas, tá seirbhísí mótarbhealaigh éagsúla ar fáil ar fud na tíre. Tá forbairt leanúnach á déanamh ar na seirbhísí mótarbhealaigh sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar sheirbhísí mótarbhealaigh ar láithreán gréasáin Bhoneagar Iompair Éireann, [www.tii.ie](http://www.tii.ie).

Léiríonn na comharthaí seo a leanas na seirbhísí mótarbhealaigh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil:



Breosla



Garáiste agus deisiúchán



Teileafón



Leithris phoiblí



Bialann



Sólaistí



Láthair phicnicí



Lóistín



Láthair eolais

## Stopadh agus páirceáil

Ní ceadmhach duit stopadh nó páirceáil ar an mótarbhealach ach sna cásanna seo a leanas:

- má bhriseann do charr síos,
- má thugann Garda comhartha duit a leithéid a dhéanamh,
- má bhíonn éigeandáil ann (tuairt, mar shampla), má bhíonn oibreacha bóthair ann, nó
- má bhíonn tú ag dola-phlás.


Sula dtugann tú faoi thuras fada ar an mótarbhealach, bí cinnte go bhfuil:

- d'fheithicil in oiriúint le turas fada a dhéanamh ar luais mhótarbhealaigh,
- an brú ceart ag na boinn, an dóthain ola agus fuartháin inti, agus
- an dóthain breosla inti le tú a thabhairt chomh fada leis an gcéad stáisiún breosla nó luchtaithe eile.

Déan cinnte freisin go bhfuil aon ualaí atá á n-iompar nó á dtarraingt, slán agus go bhfuil go leor airgid agat nó pas cuí má tá tú ag baint úsáide as mótarbhealach dola.

## Cad ba chóir a dhéanamh má bhriseann d'fheithicil síos

- Bí ag faire amach le haghaidh ionad páirceála marcáilte.
- Bog d'fheithicil go dtí an ghualainn chrua. Páirceáil chomh cóngarach agus is féidir do thaobh na láimhe clé. Mura féidir leat é seo a dhéanamh, gníomhaigh le rabhadh a thabhairt do thiománaithe eile, mar shampla do shoilse guaise a chur ar siúl.
- Nuair is féidir, téigh thar an tuairtbhacainn agus fan taobh thiar de, agus cinntigh go ndéanann na paisinéirí atá in éineacht leat an rud céanna.
- Úsáid an fón ar thaobh an bhóthair le teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí. Tugann sé seo do shuíomh beacht dóibh. Mura féidir leat an fón seo a úsáid bain úsáid as do fón póca ach bíodh fhios agat go dteastóidh eolas uathu faoi do shuíomh.
- Ná cuir aon fhearas rabhaidh, mar thriantán, ar an mótarbhealach mar go bhfuil sé seo ró-dhainséarach.
- Níor chóir iarracht a dhéanamh riamh dul i mbun obair dheisiúcháin ar an ngualainn chrua.
- Caith veist shofheicthe. Bíodh péire ar a laghad sa bhfeithicil.
- Ná siúl ar an mótarbhealach. Éirigh amach as an bhfeithicil tríd an doras ar thaobh na láimhe clé agus cinntigh go ndéanann do phaisinéirí an rud céanna. Fág ainmhithe sa bhfeithicil nó i gcás éigeandála, coinnigh srian orthu ar an imeall.
- Cinntigh go gcoinníonn paisinéirí amach ó lánaí an mhótarbhealaigh agus ón ngualainn chrua, agus coinnigh leanaí faoi smacht.
- Fan ar thaobh an chlaífoirt den mhótarbhealach, go maith taobh thiar den tuairtbhacainn, go dtiocfaidh cabhair.
- Mura bhfuil tú in ann an chomhairle thuas a ghlacadh ar fáth éigin ba chóir duit fanacht sa bhfeithicil agus do chrios sábhála ceangailte go docht agus na soilse guaise lasta.
- Sula dtéann tú isteach arís ar an mótarbhealach tar éis briseadh síos, géaraigh ar do luas ar an ngualainn chrua sula snoíonn tú isteach sa trácht. Bí ar an eolas go bhféadfadh go mbeadh feithiclí eile stoptha ar an ngualainn chrua.
- Tugtar eolas tábhachtach faoin suíomh agus faoin treo taistil ar dhromchla na gualainne crua ar go leor mótarbhealaí (agus débhealaí) anois. Áirítear ar an eolas seo comharthaí maidir le Táscaire Tagairt Suímh (LRI) agus comharthaí maidir le Marcáil Tagairt Suímh (LMR). Is éard is aidhm leo cabhrú le lucht úsáidte bóithre a suíomh a chur in iúl go cruinn i gcás eachtra nó briseadh síos.



Is éard is comhartha LRI ann ná comhartha ingearach ar chuaille ar a mbeidh an t-eolas seo a leanas:

- uimhir an mhótarbhealaigh nó an débhealaigh ar a bhfuil tú ag taisteal;
- an treo ina bhfuil tú ag taisteal – ní bheidh i gceist ach ceann amháin díobh seo N (tuaisceart), S (deisceart), E (oirthear) agus W (iarthar); agus
- an t-achar i gciliméadair ó thúsphointe an mhótarbhealaigh nó an débhealaigh.



Sampla de chomhartha LRI ar mhótarbhealach

Uimhir an mhótarbhealaigh nó an débhealaigh ar a bhfuil tú ag taisteal

An treo ina bhfuil tú ag taisteal


An t-achar i gciliméadair ó thúsphointe an mhótarbhealaigh nó an débhealaigh



Sampla de chomhartha LRI ar dhébhealach

Bíonn comharthaí LRM péinteáilte ar an ngualainn chrua go comhthreomhar leis an mbóthar agus téann siad leis na comharthaí ingearacha LRI. Tugann LRM le fios:


- an bealach agus an treo taistil (léiríonn an sampla thíos gur an M7, ag dul siar, atá i gceist);
- an t-achar ó thús an bhealaigh (léiríonn an sampla thíos achar 72.5km ó thús an M7, ag dul siar)
- an treo ina bhfuil an teileafón éigeandála is gaire.



## Baic

Más léir duit go bhfuil rud éigin ag cur bac ar an sruth tráchta bain úsáid as an teileafón ar thaobh an bhóthair nó as fón póca le scéal a thabhairt do na gardaí. Ná déan iarracht é a bhogadh tú féin. Ná húsáid fón póca agus tú ag tiomáint.

## Codanna den Mótarbhealach a bheith dúnta de bharr cás éigeandála



Úsáidtear na comharthaí seo go forleathan agus go rathúil ar an líonra mótarbhealaigh ar fud na hEorpa agus cuirtear in áiteanna straitéiseacha iad chun tiománaithe a chur ar an eolas maidir le cás éigeandála nó malairt slí do mótarbhealaí.

Tá ceithre chruth ann — cearnóg, triantán, ciorcal agus muileata — ach is féidir gach ceann acu a thaispeáint agus iad líonta isteach nó mar imlíne, sin ocht siombail shoiléire. Cuirtear in airde ar chomharthaí treo iad go hiondúil i ngar d'acomhail mhótarbhealaigh agus ar bhóithre atá gar do líne an mótarbhealaigh nó atá ag leanúint líne an mótarbhealaigh.

Má tá mótarbhealach dúnta — deirimid mar gheall ar thimpiste — dúnfaidh na Gardaí an bóthar ag an acomhal roimhe agus cuirfidh iallach ar an trácht imeacht den mhótarbhealach.

Tugann na comharthaí seo treoir do thiománaithe siombail faoi leith a leanúint chun teacht ar ais isteach ar an mótarbhealach ag an gcéad acomhal eile.

Déantar bealaí malairte slí a roghnú go cúramach chun bóithre atá ar chaighdeán agus ar leithead oiriúnach a leanúint a bheidh ábalta trácht iomlán an mótarbhealaigh a iompar, agus d'fhéadfadh malairt slí a bheith i gceist chun droichid ísle nó baic eile a sheachaint.

## Siombail maidir le Bealaí Malairte Slí a Shocrú

Mar is iondúil go bhfuiltear ábalta an mhalairt slí a thaisteal sa dá threo, cuirfear siombail dhifriúil i bhfeidhm maidir le gach treo le nach mbeidh mearbhall ar an tiománaí ag na hacomhail ar an mbealach. Go hiondúil, úsáidtear na fíorshiombailí de rogha ar na siombailí cuasacha mar gheall ar chúrsaí drochléargais agus le húsáid ar Chomharthaí Tráchta Inathraitheacha (VMS). Ní féidir é sin a dhéanamh i gcónaí, áfach, sa chás go dtiocfadh roinnt bealaí malairte slí le chéile ag áiteanna roinnte.

## Tiomáint sa cheo

Laghdaíonn ceo tiubh an léargas go mór agus fágann go bhfuil an tiomáint an-dainséarach. Is í ár gcomhairle na ceannsoilse maolaithe agus na lampaí ceo a chur ar siúl, an luas a mhaolú agus achar slán a choinneáil ón bheithicil romhat. Má théann an ceo in olcas, laghdaigh an luas tuilleadh agus glac d'am agus tú ag tarraingt ar cheann scríbe.

Is é an dainséar eile a bhíonn i gceist nuair a bhíonn ceo tiubh ann ná gur féidir le himbhualadh a mbeadh feithicil amháin i gceist ann feithicilí eile a tharraingt isteach go sciobtha, go háirithe má bhíonn siad ag tiomáint ró-sciobtha agus ró-chóngarach dá chéile. Is é an baol is mó go mbeadh imbhualadh ilfheithicil ann ar bhóithre a bhfuil teorainneacha luas níos airde orthu mar mhótarbhealaí agus débhealaí. Agus tú ag dul isteach sa cheo, seiceáil na scátháin agus moilligh. Bain úsáid éadrom as an goscán coise sa chaoi is go dtabharfaidh do shoilse rabhadh do thiománaithe atá ag teacht i do dhiaidh.

## Dola-phláis

Nuair a bhíonn tú ag teacht go dtí dola, laghdaigh an luas mar is cú. Fág bearna slán i gcónaí idir d'fheithicil agus an fheithicil romhat. Déantar bainistiú ar gach dola-bhóthar in Éirinn, cé is moite de chóras dola gan bacainn eFlow an M50 trí dhola-phláis coinbhinsiúnach a oibríonn le bacainní. Ar na dola-bhóithre seo is iad seo a leanas na roghanna leis an íocaíocht dola a dhéanamh:

- lánaí láimhe le freastalaí dola-bhotha;
- lánaí uathoibríocha le meaisín monaí;
- íocaíocht trí dhola-chlib leictreonach.

### Comharthaí lánaí dola



Léiríonn an comhartha seo go n-oibríonn bailitheoir dola an lána seo de lámh agus go nglactar le gach bealach íocaíochta.



Is é an comhartha ríomhdhola seo an comhartha do bhailiúchán leictreonach dola. (Tá sé seo ar fáil i ngach lána.)



Léiríonn an comhartha seo gur lána uathoibríoch meaisín monaí é seo agus gur monaí an t-aon mhodh íocaíochta a nglactar leis. Ní thabharfar sóinseáil sa lána seo.

## Comharthaí lánaí dola



Léiríonn an comhartha seo go nglactar le cártaí creidmheasa sa lána seo.



Ní cheadaítear feithiclí earraí tromha (HGVanna) sa lána seo.



Lána ar oscailt.



Lána dúnta.

## Tolláin

Feidhmíonn rialacha ginearálta bóthair agus na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, ach bíonn feidhm le saincheisteanna sábháilteachta bóthair ar leith agus tú ag déanamh ar thollán, ag tiomáint tríd nó á fhágáil.



Tollán Chalafort Bhaile  
Átha Cliath romhat



Bain úsáid as soilse  
maolaithe agus tú ag  
tiomáint sa tollán

## Ag déanamh ar an tollán

- Seiceáil go bhfuil an dóthain breosla sa bhfeithicil roimh dhul isteach sa tollán. Bain na spéaclaí gréine díot.
- Cuir na ceannsoilse maolaithe ar siúl.
- Má tá sé ar fáil aimsigh an stáisiún raidió FM ainmnithe. Ligfidh sé seo duit na treoracha sábháilteachta a chlosteáil i rith an aistir. Léireofar minicíocht an stáisiúin ar chomhartha eolais ag an mbealach isteach go dtí an tollán.
- Coinnigh achar sábháilte amach ón bhfeithicil romhat. Cuimhnigh go bhfuil tú ag dul isteach i dtollán agus d'fhéadfadh dranntiomáint a bheith ina cúis éigeandála. Is é 50 méadar an t-achar sábháilte íosta molta do ghluaisteán nó do ghluaisrothar agus 100 méadar do gach feithicil eile. Cuimhnigh i gcónaí ar 'riail an dá shoicind'.
- Nuair atá tú ag tiomáint i roinnt tollán, d'fhéadfá comharthaí leictreonacha a fheiceáil os do chionn, chomh maith le marcanna bóthair (rachtaín) agus in éineacht cuirfidh siad sin treoir ar fáil duit maidir leis an íosachar is cóir a bheith idir tú féin agus an fheithicil atá romhat.
- Bí ar an eolas go bhfuil srianta ar úsáid tollán ag Feithiclí Earraí Troma (HGVanna).
  - Beidh comhartha ann faoin uas-airde. **Ní mór** duit seo a sheiceáil roimh dhul isteach sa tollán.
  - Is féidir nach gceadófar ualáí leathana. Má tá ualach leathan á iompar agat **ní mór** duit teagmháil a dhéanamh le hoibreoirí an tolláin go maith roimh ré féachaint an gceadaítear an t-ualach.
  - Méid na feithicle – is féidir go mbeidh cosc ar úsáid an lána ar dheis i dtollán ag feithiclí earraí móra agus feithiclí nach feithiclí paisinéirí iad más ionann líon na n-acastóirí ar an bhfeithicil nó má tá líon na n-acastóirí níos mó ná an figiúr a léirítear ar chomhartha rialála atá curtha ar fáil ar an mbóthar isteach go dtí tollán.

Déan teagmháil le hoibreoir an tolláin le heolas mionsonraithe a fháil.

## Sa tollán

- Fan i do lána agus ná scoith.
- **Níor chóir** duit tiomáint sa lána ar dheis i dtollán má tá an cineál feithicle a bhfuil cosc uirthi an lána seo a úsáid á tiomáint agat, is é sin HGV níos mó ná 3,500 cileagram, feithicil ag tarraingt leantóra, bosca capaill nó carbhán, nó bus nó cóiste aon stór nó dhá stór atá deartha chun paisinéirí atá ina seasamh a iompar.
- Ná cas agus ná cúlraigh.
- Ná stop ach i gcás éigeandála.
- Déan de réir na dteorainneacha luais. Tá dhá chineál comhartha luasteorann ann.
  - feidhmíonn comhartha luasteorann caighdeánach i gcás go bhfuil teorainn luais sheasta ann. **Ba chóir** duit déanamh de réir na luasteorann agus cuimhnigh gurb é seo an t-uasluas atá ceadaithe, ní an luas riachtanach.
  - i gcás gur féidir athrú a theacht ar an teorainn luais feicfidh tú comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha, ar chearnóga dubha iad, le ciorcail dhearga agus figiúirí bána nó buí, ar fud an tolláin. Léiríonn na figiúirí an teorainn luais agus tiocfaidh athrú air de réir cúinsí tráchta agus dálaí sábháilteachta bóthair. **Ní mór** duit déanamh de réir na luasteorann agus cuimhnigh gurb é seo an t-uasluas atá ceadaithe, ní an luas riachtanach. Cuimhnigh i gcónaí ar ‘riail an dá shoicind’
- Coinnigh siar. Is é 50 méadar an t-achar sábháilte íosta molta do ghluaisteán nó do ghluaisrothar agus 100 méadar do gach feithicil eile.

## Stopadh

Má deirtear leat stopadh **ba chóir** duit stopadh agus:

- coinneigh achar sábháilte idir d’fheithicil agus an fheithicil atá romhat;
- na soilse guaise a chur ar siúl;
- an t-inneall a mhúchadh;
- éist leis an raidió le treoracha a fháil ó oibreoir an tolláin;
- seiceáil na comharthaí leictreonacha go léir sa tollán le heolas a fháil; agus
- más gá, fág an tollán tríd an mbealach amach do choisithe is cóngaraí atá ar fáil.

## Briseadh síos nó tuairt

Má bhíonn briseadh síos nó tuairt sa tollán, **ba chóir** duit:

- an t-inneall a mhúchadh;
- na soilse guaise a chur ar siúl;
- an raidió a sheiceáil le haghaidh treoracha;
- dul chuig stáisiún éigeandála agus an fón éigeandála a úsáid le scéal a thabhairt d'oibreoir an tolláin, agus
- na comharthaí leictreonacha go léir sa tollán a sheiceáil le haghaidh eolais.

## Tine san fheithicil

Má bhíonn deatach nó tine i d'fheithicil, **ba chóir** duit:

- an t-inneall a mhúchadh;
- an fheithicil a fhágáil láithreach,
- dul chuig stáisiún éigeandála agus an fón éigeandála a úsáid le scéal a thabhairt d'oibreoir an tolláin, agus
- an tollán a fhágáil tríd an mbealach amach is cóngaraí atá ar fáil.

## Tine i bhfeithicil eile

Má bhíonn deatach nó tine i bhfeithicil eile, **ba chóir** duit:

- má tá an tine taobh thiar díot, tiomáint amach as an tollán, nó
- má tá an tine romhat amach, múch an t-inneall, fág an fheithicil láithreach agus fág an tollán tríd an mbealach amach is cóngaraí.

## Ag fágáil an tolláin


- Coinnigh ag luas agus suíomh sábháilte ar an mbóthar.
- Lean na comharthaí bóthair.

## Comharthaíocht i dtolláin

Bí ar an eolas gur ghá a bheith airdeallach, mar a tharlaíonn i ngach éigeandáil, leis an mbealach aslonnaithe is sábháilte a aimsiú. Tabhair ar aird an t-eolas a bhíonn ar fáil ar chomharthaíocht le cinneadh cén gníomh **is cóir** a dhéanamh.



Leataobh Éigeandála  
(Tollán)



Múchtóir Dóiteáin agus  
Teileafón



Múchtóir Dóiteáin,  
Teileafón agus Leataobh



Stáisiún Éigeandála



Bealach Amach Coisithe

Cuid 12:

## Ag cuidiú leis na Gardaí

Tá An Garda Síochána freagrach as an dlí um thrácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú. Clúdaíonn an chuid seo comharthaí agus treoracha na nGardaí **nach mór** déanamh dá réir agus tú ar an mbóthar.

### Comharthaí

Má tá an thrácht á rialú ag Gardaí, **sáróidh** a gcomharthaí aon chomhartha eile ó shoilse tráchta. Ciallaíonn sé seo má thugann siad treoir duit stopadh, mar shampla, **ní mór** duit é seo a dhéanamh fiú má bhíonn solas glas ann. Léirítear na comharthaí agus an bhrí atá leo thíos. **Ní mór** duit iad a thuiscint sa chaoi is go mbeidh a fhios agat cén chaoi le freagairt dóibh agus tú sa thrácht.



Chun sméideadh ar thrácht atá ag teacht ón tosach



Chun sméideadh ar thrácht atá ag teacht ón dá thaobh



Chun stop a chur leis an thrácht ag teacht ón tosach



Chun stop a chur leis an thrácht atá ag teacht ón gcúl



Chun stop a chur leis an thrácht atá ag teacht ón tosach agus ón gcúl

## Treoracha

**Ní mór** duit na nithe seo a leanas a dhéanamh má iarrann Garda ort iad:

- Do cheadúnas tiomána a thaispeáint agus **ní mór** duit é a bheith ar iompar agat i gcónaí agus tú ag tiomáint.
- Cead a thabhairt don Gharda an diosca árachais, an diosca cánach, agus, nuair is cuí, an diosca NCT agus an diosca CVRT, **ar chóir** duit iad go léir a chur ar taispeáint ar d'fheithicil, a scrúdú.
- Teastas ródacmhainneachta, nó teastas NCT mar is cuí, a chur ar fáil ag stáisiún ainmnithe den Gharda Síochána laistigh de 10 lá.
- Teastas árachais ghluaisteáin bailí a chur ar fáil do Gharda laistigh de 10 lá tar éis a iarraidh. Féadfaidh Garda teastas árachais ghluaisteáin bailí a lorg uair ar bith go ceann míosa tar éis a fheiceáil nó a chreidiúint le réasún gur úsáideadh feithicil gan árachas in áit phoiblí.
- Deimhniú clárúcháin feithicle a chur ar fáil ag am réasúnach ar bith. D'fheithicil a stopadh agus cead a thabhairt do Gharda é a sheiceáil le haghaidh fabhtanna.
- D'ainm agus do sheoladh a thabhairt.
- D'ainm a scríobh amach.
- Sampla de d'anáil nó de do sheile a thabhairt. D'fhéadfadh go n-iarraí ort sampla anála nó seile a thabhairt ar thaobh an bhóthair ag tráth ar bith nuair a iarrann comhalta den Gharda Síochána ort é.
- 'Tástálacha Mallachair' a dhéanamh. D'fhéadfadh go n-éileofaí ort tástálacha mallachair a dhéanamh sa chás go bhfuil Garda in amhras go bhfuil tú ag tiomáint faoi thionchar an óil nó drugaí. Sula ndéanfaidh sé/sí an tástáil, fiafróidh an Garda díot an bhfuil aon mhíchumas nó riocht liachta ort a cheapann tú a chuirfeadh cosc ort páirt a ghlacadh sa tástáil ábhartha.

Féadfaidh Garda teacht ar an tátal ó bhreathnú ar do chumas na tástálacha sin a dhéanamh go bhfuil lagú ar do chumas tiomána. Is cion é diúltú na tástálacha mallachair a dhéanamh má iarrann Garda ort iad a dhéanamh.

Féadfaidh Gardaí seicphointí a shocrú le samplaí anála a thógáil ar thaobh an bhóthair gan aon ghá tuairim a bheith acu faoi ábhar meisceach a bheith tógtha agat. Is cion coiriúil é diúltú sampla a thabhairt.



Má ghabhtar tú faoi chion atá bainteach le halcól agus tiomáint nó le diúltú sampla anála a thabhairt ar thaobh an bhóthair, beidh ort sampla anála agus fola nó fuail a thabhairt ag stáisiún de chuid an Gharda Síochána.

D'fhéadfadh go mbeadh Gardaí ag iarraidh ort freisin ligean d'altra nó do dochtúir sampla fola nó fuail a thógáil uait i gcás go raibh tú i dtimpiste ina raibh tú ag tiomáint agus ina bhfuil tú ag freastal ar ospidéal. Is cion é cead a dhiúltú d'altra nó do dochtúir sampla a thógáil i gcás mar sin (ach amháin má dhiúltaíonn an t-altra nó an dochtúir sampla a thógáil ar fhorais liachta).

Sa chás nach bhfuil sé ar chumas duine cloí leis an riachtanas thuas (mar shampla, má tá an tiománaí neamhaireachtálach), féadfaidh na Gardaí treoir a thabhairt don altra nó don dochtúir sampla fola a thógáil ón duine. Is cion é cead a dhiúltú go ndéanfaí tástáil ar an sampla fola ina dhiaidh sin (ach amháin sa chás go bhfuil cúis speisialta nó shuntasach acu chun diúltú).

Má chuireann dochtúir in iúl do Gharda go bhféadfadh sampla fola nó fuail a thógáil ó dhuine dochar a dhéanamh do shláinte an duine sin, ní éileoidh an Garda an méid thuas ar an duine ná ní thabharfaidh sé/sí an treoir thuas do d'altra/do dochtúir.

## Srianta eile ar lucht úsáidte bóithre

- Féadfaidh oifigigh ó na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear lucht Custaim, feithiclí a stopadh agus a scrúdú freisin.
- Féadfaidh Oifigeach ó na Coimisinéirí Ioncaim agus/nó na Gardaí d'fheithicil a ghaibhniú.
- D'fhéadfadh go stopfadh na Gardaí freisin tú agus iad ag obair le hOifigigh Iompair ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a sheiceálfadh an Tacagraf agus Ceadúnas an Oibreora.

## Cad ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn feithicil éigeandála ag déanamh ort

Ní mór duit fios a bheith agat cad is cóir a dhéanamh nuair a fheiceann tú feithicil éigeandála. **Ní mór** duit freagairt go sciobtha, go sábháilte agus go cúramach chun ligean d'fheithiclí seirbhíse éigeandála dul romhat amach.

Tá sé tábhachtach a bheith ar an airdeall agus cúramach an t-am ar fad. **Ba chóir** duit torann i d'fheithicil a choimeád ag leibhéal a ligfidh duit bonnáin ó fheithiclí éigeandála a chloisteáil.

Bí ar an airdeall ag aomhail agus bí ag faire timpeall mar d'fhéadfadh feithicil éigeandála teacht taobh thiar díot nó as bóthar tánaisteach.

**Ba chóir** duit neart spáis a fhágáil idir tú féin agus an fheithicil romhat nuair a bhíonn tú stoptha sa trácht. Tabharfaidh sin spás duit d'fheithicil a bhogadh sa chás, mar shampla, go gcaithfidh tú tarraingt isteach agus ligean d'fheithiclí éigeandála dul tharat – rud nach féidir a dhéanamh má tá tú fáiscithe idir dhá fheithicil sa trácht.

Sábhálann na Gardaí, lucht múchta dóiteáin agus otharcharranna beatha daoine le linn a gcuid oibre agus tá gach soicind tábhachtach agus iad ag freagairt d'éigeandáil.

Nuair a bhíonn feithicil éigeandála ag déanamh ort:

- Fág an bealach a luaithe agus is féidir leat go sábháilte nuair a fheiceann tú na soilse gealánacha nó nuair a chloiseann tú na bonnáin.
- Ná téigh in airde ar an gcolbha mura mbíonn géarghá leis, agus fiú ansin, ná déan é ach nuair a bhíonn tú cinnte nach bhfuil aon choisithe ann.
- Seiceáil an scáthán cúil agus an dá scáthán taobh-amhairc le luas na feithicil éigeandála a mheas agus bí ag faire amach freisin do choisithe, do rothaithe, do ghluaisrothaithe agus do lucht úsáidte bóithre eile. Tabhair comhartha go bhfuil sé i gceist agat tarraingt isteach. Ná tarraing isteach ach in áit a bhfuil dóthain spáis ann don fheithicil éigeandála dul tharat go sábháilte.
- Fan ansin go mbeidh an fheithicil éigeandála imithe thar bráid. Bí ag faire amach d'fheithiclí éigeandála eile mar go bhféadfadh níos mó ná ceann amháin a bheith i gceist.
- Tabhair comhartha go bhfuil tú chun tarraingt amach arís. Nuair is féidir é a dhéanamh go slán, snoigh ar ais diaidh ar ndiaidh isteach sa trácht.

### Go deo na ndeor:

- Ná dranntiomáin nó ná scoith feithicil éigeandála le soilse nó bonnáin ar siúl mura dtugtar treoir duit é sin a dhéanamh.
- Ná tiomáin faoi dheifir chun coinneáil le feithicil seirbhíse éigeandála le dul trí shoilse tráchta.
- Ná téigh trí sholas dearg ná ar róluas le ligean d’fheithiclí seirbhíse éigeandála tú a scoitheadh mura dtugann na Gardaí nó pearsanra seirbhíse éigeandála treoir duit é sin a dhéanamh.
- Ná brú ar na coscáin go tobann agus ná blocáil an bóthar.
- Ná téigh thar fheithicil éigeandála atá ag gluaiseacht agus a bhfuil soilse gealánacha ar siúl aici.

## Coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe

**Ba chóir** do choisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe breathnú amach agus éisteacht le haghaidh feithiclí na seirbhísí éigeandála.

Tá sé tábhachtach smaoineamh ar bhealach na feithiclé seirbhíse éigeandála lena chinntiú nach mbeidh tú sa mbealach uirthi. Coinnigh isteach an méid is féidir leat ar an taobh ceart den bhóthar.

Más coisí tú agus má tá claifort nó ciumhais féir ann, **ba chóir** duit é a úsáid (má tá sé sábháilte sin a dhéanamh) le fanacht glan ó dhainséar. Má tá pram nó bugaí á bhrú agat, b’fhéidir nach mbeadh tú in ann, mar sin coinnigh isteach a mhéid agus is féidir. Déan iarracht an bealach atá á thógáil ag an bhfeithicil seirbhíse éigeandála a thomhas agus a chur in iúl di go bhfuil tú ar an mbóthar.

Má tá leanaí leat, bí cinnte go bhfuil greim láimhe agat orthu an t-am ar fad. Tá sé tábhachtach éadaí ard-infheictheachta a chaitheamh i gcónaí lena chinntiú go mbeidh lucht úsáidte bóithre eile in ann tú a fheiceáil. **Ba chóir** do choisithe fanacht i gcónaí go mbeidh feithicil seirbhíse éigeandála imithe tharstu sula dtéann siad trasna an bhóthair ag soilse tráchta, soilse do choisithe, trasrianta síogacha nó trasrianta peileacánacha.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ‘Sharing the Road with Emergency Service Vehicles – some basic tips’, ar fáil ó [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Cuid 13:

## Fachtóirí a chuireann isteach ar thiomáint go sábháilte



Is iad seo na príomhfachtóirí ar féidir leo cur isteach ar do thiomáint:

- alcól;
- drugaí (ar oideas nó gan a bheith ar oideas);
- tuirse agus traochadh;
- buile bhóthair agus cineálacha eile ionsaitheachta.

Leo féin nó le chéile, beidh an tionchar seo ag na fachtóirí sin:

- cuirfear isteach ar do bhreithiúnas;
- moilleofar do chumas chun freagairt do ghuaiseacha agus iad a sheachaint;
- cuirfear d'intinn ar strae; agus
- ní bheidh tú i do thiománaí chomh sábháilte ná chomh freagrach go sóisialta.

### Alcól

Is mórfhachtóir é an t-alcól i dtuairteanna a mbíonn bás agus gortú mar thoradh orthu.

Cruthaíonn taighde go gcuireann fiú méideanna beaga alcóil isteach ar do bhreithiúnas agus ar do chumas tiomána.

#### CUIMHNIGH

**NÁ BÍ ag ól agus ag tiomáint. Is í seo an t-aon chomhairle shábháilte. An ligfeadh an náire duit é?**

Níl aon bhealach iontaofa le hinsint cé mhéid is féidir a ól sula sáraítear an teorainn dlíthiúil. Ná bí ag ól agus ag tiomáint. Sin í an chomhairle is fearr atá againn. Seiceáil na leibhéal reatha ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## Pionóis don tiomáint faoi thionchar an óil

Ón uair a stopann an Garda Síochána tiománaí, féadtar tástáil alcóil a dhéanamh ar an té sin agus é a thabhairt go dtí stáisiún na nGardaí le haghaidh tuilleadh tástála. **I ngach cás**, má theipeann ar thiománaithe i réamhthástáil anála ar thaobh an bhóthair, gabfar iad agus beidh orthu sampla fianaiseach anála, fola nó fuail a thabhairt ag stáisiún na nGardaí.

Beidh dícháiliú uathoibríoch ceithre bliana don chéad chion agus sé bliana don dara cion nó aon chion eile ina dhiaidh sin diúltú sampla anála, fola nó fuail a thabhairt chun críocha fianaiseacha.

Faoin gcóras, mura bhfuil tiománaí dícháilithe cheana ó cheadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a shealbhú tráth a bhraite nó nach bhfuil sé tar éis leas a bhaint as rogha an fhógra um pionós socrúithe sna trí bliana roimhe sin, agus nach sáraíonn na leibhéil BAC (an Cion Alcóil san Fhuil) 100mg (cáilithe, tiománaí nach bhfuil ina thiománaí nuacheadúnaithe, tiománaí nach bhfuil ina thiománaí gairmiúil) nó 80 mg (foghlaimeoir, tiománaí nuacheadúnaithe nó tiománaí gairmiúil), gearrfar fógra um pionós socrúithe air nó uirthi ina dhiaidh sin. Ní chuirfear tús le himeachtaí cúirte má íochtar an muirear seasta agus má ghlactar leis an dícháiliú.

Is iad seo na pionóis a mbeidh feidhm leo:

- Má thástáiltear tiománaí agus má bhíonn an BAC idir 50mg agus 80mg déanfar fógra um pionós socrúithe a sheirbheáil ar an tiománaí láithreach, gearrfar fineáil €200 air agus dlícháileofar an tiománaí ar an bpointe ar feadh trí mhí. **Níl cead ag an tiománaí tiomáint in áit phoiblí ar feadh na tréimhse uile 3 mhí sin. Is cion coiriúil é tiomáint agus tú faoi chosc tiomána agus déanfar an cion sin a ionchúiseamh.**
- Má thástáiltear tiománaí agus má bhíonn an BAC idir 80mg agus 100mg déanfar fógra um pionós socrúithe a sheirbheáil láithreach, gearrfar fineáil €400 air agus dícháileofar é ó cheadúnas a shealbhú go ceann sé mhí.
- Má thástáiltear tiománaí ar tiománaí faoi oiliúint, tiománaí nuacheadúnaithe nó tiománaí gairmiúil é agus má bhíonn an BAC os cionn na teorann 20mg (ach níos lú ná 80mg) déanfar é a sheirbheáil láithreach le fógra um pionós socrúithe, gearrfar fineáil €200 air agus dícháileofar é ó cheadúnas a shealbhú go ceann trí mhí.

I gcás go ndéantar tiománaí a thástáil agus go bhfuil an BAC os cionn 100mg (nó 80mg d'fhoghlaimeoir, do thiománaí nuacheadúnaithe nó do thiománaí gairmiúil) nó má mhainnigh sé fógra um pionós socrúithe a íoc, beidh air dul chun na Cúirte áit a mbíonn tréimhsí dícháilithe ó 1 bhliain amháin go 6 bliana i gceist ag brath ar leibhéal an alcóil a bhraitear, agus cibé an é an chéad chion nó cion ina dhiaidh sin é.

### CUIMHNIGH

Ná bí ag ól agus ag tiomáint.

## Drugaí

Tá sé in aghaidh an dlí carr, gluaisrothar, trucail, bus, rothar nó feithicil á tarraingt ag ainmí a thiomáint ‘faoi thionchar ábhair mheiscigh chomh mór sin nach bhfuil sé ar a chumas smacht a choinneáil ar an bhfeithicil’.

Áirítear ar ábhar meisciúil alcól agus drugaí, cibé an dtóghtar le chéile nó ar leithligh iad. Ciallaíonn an focal ‘drugaí’ anseo cógais ar oideas go dleathach agus cógais thar an gcuntar (OTC) iad.

Má tá amhras ar Gharda go bhfuil tú ag tiomáint faoi thionchar drugaí, d’fhéadfadh go mbeadh sé ag iarraidh ort sampla seile a thabhairt agus ‘tástálacha mallachair’ a dhéanamh. Sula ndéanfar an tástáil, gheobhaidh Garda amach cibé an bhfuil aon mhíchumas nó riocht liachta ort a cheapann tú a chuirfeadh cosc ort páirt a ghlacadh sa tástáil ábhartha. D’fhéadfadh na cúig thástáil mallachair seo a leanas a bheith i gceist:

- tástáil ‘leathadh mac imrisc’;
- tástáil ar do chumas fanacht ar do chothrom;
- tástáil ‘siúl agus cas’;
- tástáil ‘seas ar aon chos’; agus
- tástáil ‘méar go srón’.

Is cion é diúltú na tástálacha mallachair a dhéanamh má iarrann Garda ort iad a dhéanamh.

Féadfaidh Garda teacht ar an tátal ó bhreathnú ar do chumas na tástálacha sin a dhéanamh go bhfuil lagú ar do chumas tiomána agus féadfaidh sé tú a ghabháil. D’fhéadfaí torthaí na dtástálacha sin a úsáid mar fhianaise, chomh maith le haon samplaí fola nó fuail a tógadh agus a tástáladh le haghaidh drugaí, d’fhonn tú a chiontú i dtiomáint faoi thionchar ábhar meisceach.

Is féidir leis na Gardaí réamhghairis tástála drugaí, ar a dtugtar an ‘Drager Drug test 5000’ a úsáid ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún Gardaí chun sreabhán béil duine a thástáil le haghaidh Cannabais, Cócaoin, Codlaidínigh agus Beinsidhé-asaipín. Má bhíonn an tástáil sin dearfach, is féidir sampla fola a ghlacadh, agus cuirfeadh sin ar aghaidh chuig an Lia-Bhiúró Ród-Sábháilteachta (MBRS) le haghaidh tástáil fhianaiseach.

Má mheasann Garda go bhfuil tú lagaithe agus mura bhfuil réamhthástáil drugaí déanta agat, nó má bhí torthaí na tástála diúltach, is féidir leo sampla fola nó fuail a iarraidh, agus cuirfeadh sin ar aghaidh chuig an Lár-Bhiúró Ród-Sábháilteachta le haghaidh tástála.

Is mar a chéile an pionós atá ann le haghaidh tiomáint faoi thionchar drugaí is atá ann le haghaidh tiomáint faoi thionchar an óil – fíneáil €5,000 ar a mhéad agus suas le 6 mhí príosúnachta ar é/í a chiontú go hachomair.

Maidir le tréimhsí dícháilithe, i ndáil leo sin a chiontaítear sa chion nua a bheith os cionn na tairsí le haghaidh cannabais, cócaoin agus hearóine gan cruthúnas ar mhallachar a bheith de dhíth ar na Gardaí, ní bheidh an tréimhse dícháilithe níos lú ná tréimhse 1 bhliain amháin don chéad chion, agus ní bheidh an tréimhse níos lú ná tréimhse 2 bhliain don dara cion nó do chionta ina dhiaidh sin.

Maidir leis an gcion reatha i ndáil le bheith ag tiomáint faoi thionchar drugaí, níl aon athrú ar na tréimhsí pionóis ná dícháilithe – 4 bliana ar a laghad don chéad chion agus 6 bliana don dara cion nó do chionta eile ina dhiaidh sin.

## Tuirse agus traochadh tiománaí

**Níor chóir** duit tiomáint agus tú tuirseach nó traochta. Léiríonn taighde gur mórbhaol don sábháilteacht ar bhóithre iad tiománaithe atá tuirseach, dóibh féin agus do dhaoine eile.

Má tá tú tuirseach agus ag iarraidh fanacht i do dhúiseacht de bhuíochas, is é is dóigh go mbeidh ‘néalta beaga codlata’ agat. Féadfaidh siad seo maireachtáil suas le 10 soicind agus féadfaidh siad a bheith agat fiú agus do shúile ar oscailt.

Le linn réal codlata de 4 shoicind fiú, féadfaidh do charr 100 méadar a thaisteal (breis agus fad páirc pheile) gan smacht a bheith agat ar d’fheithicil.

Bíonn gach tiománaí i mbaol ó thuirse tiománaí ach is iad seo a leanas na tiománaithe is mó atá i mbaol:

- Oibrithe oíche
- Daoine ag tiomáint abhaile tar éis seal na hoíche
- Tiománaithe leoraí
- Tiománaithe carr cuideachta
- Fir (go háirithe iad siúd in aois 18–24 agus 50+) Oibrithe láimhe oilte

Baineann tiománaithe trucaile le roinnt de na grúpaí ardriosca thuas agus is gá dóibh a bheith thar a bheith cúramach.

### Comhairle do thiománaithe:

- Ná tiomáin agus tá ag sracadh leis an gcodladh.
- Ullmhaigh tú féin don tiomáint trína chinntiú go bhfaigheann tú do dhóthain codlata.
- Má tá cógas ar bith á thógáil agat seiceáil an bhféadfadh sé codladh a chur ort.



- Ullmhaigh i gceart don turas agus bíodh plean agat faoin áit ar féidir briseadh sábháilte a thógáil ón tiomáint.
- Stop in áit shábháilte nuair a airíonn tú tuirseach.
- Ól cupán nó 2 de chaife láidir nó deoch ina bhfuil caiféin agus bíodh néal beag 20 nóiméad ar a laghad agat (socraigh an t-aláram ar d'fhón póca).
- Tógann sé thart ar 20 nóiméad ar chaiféin dul i bhfeidhm ort. Má fhanann tú i do chodladh ar feadh tréimhse níos faide ná 20 nóiméad, d'fhéadfadh go mbeadh meadrán i do chloigeann nuair a dhúisíonn tú.
- Tar éis an néil, má tá sé sábháilte a leithéid a dhéanamh, faigh aer úr agus déan tamall spaisteoireachta.

Tabhair ar aird: níor chóir na bearta seo a dhéanamh ach i gcás éigeandála agus níor chóir iad a dhéanamh ar bhonn rialta. Más tiománaí gairmiúil tú ba chóir duit féachaint cad iad na bearta fadtéarmacha ar ghá duit a dhéanamh a chuideoidh leat an codladh atá de dhíth ort a fháil.

Ná bíodh cathú ort leanúint ar aghaidh ag tiomáint agus tú tuirseach mar nach bhfuil ach cúpla nóiméad i gceist go mbainfidh tú ceann scríbe amach. Tarlaíonn roinnt mhaith imbhualtí a bhaineann le tuirse laistigh de chúpla nóiméad ó cheann scríbe an tiománaí agus an colainn ag tosú ag glacadh a shuaimhnis.

Chun tuilleadh comhairle agus eolas a fháil ar Thuirse Tiomána féach bileog an RSA 'Tuirse Tiománaí' atá ar fáil le híoslódáil ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## CUIMHNIGH

**Má tá easpa throm codlata ort níl aon leigheas air ach an codladh féin.**

## Buile bhóthair agus tiomáint ionsaitheach

Má léiríonn tú buile bhóthair mar thiománaí fágann sé go bhfuil fearg gan srian ort a mbíonn imeaglú nó foréigean in aghaidh tiománaí eile mar thoradh air.

Is tiomáint thútach gan mhachnamh í an tiomáint ionsaitheach. Áirítear inti an ró-luas, dranntiomáint (ag tiomáint ró-ghar d'fheithicil eile), gan comhartha a thabhairt faoi athruithe lána, snoí go neamhchúramach isteach agus amach sa trácht agus ró-úsáid an bhonnáin nó na soilse gealánacha.

Má dhéanann tiománaí eile iarracht tú a shaighdeadh, ná tabhair aird air. Ná bíodh cathú ort géarú ar an luas, na coscáin a bhrú nó fiar go tobann. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina ábhar tuairte nó thabharfadh sé ar thiománaithe eile a cheapadh go bhfuil tú ag tabhairt a ndúshláin. Ina ionad sin, fan socair agus bíodh tú dírithe i gcónaí ar an tiomáint

le d'aistir a thabhairt chun críche go sábháilte. Cuimhnigh i gcónaí gurb í an tsábháilteacht an chloch is mó ar do pháidín.

Tabhair tuairisc ar aon teagmhas don stáisiún áitiúil den Gharda Síochána nó déan teagmháil le Traffic Watch ar: Íosghlao 1890 205 805.



## Bruscar

Cuimhnigh: Ní hamháin go bhfuil sé mífhreagrach bruscar a chaitheamh amach as feithicil ach is féidir leis a bheith ina chúis ghuaise do lucht úsáidte bóithre eile agus duit féin.

### CUIMHNIGH

Is cion é feithicil inneallghluaiste a sholáthar d'aon duine faoi bhun 16 bliana d'aois le húsáid in áit phoiblí. Ar an tslí chéanna, is cion é feithicil a thiomáint agus tú faoi aois agus gan an ceadúnas tiomána nó an cead foghlaimeora riachtanach a bheith agat. Ciallaíonn an focal 'soláthar' díol, tabhair ar cíos nó ar iasacht, bronn nó cur ar fáil ar aon bhealach eile. Má dhéanann tú sin, d'fhéadfaí fineáil suas le €5,000 nó téarma 6 mhí príosúin a ghearradh ort.

## Cuid 14:

# Cad is cóir a dhéanamh ag suíomh taisme

Clúdaíonn an chuid seo cad **nach mór** duit a dhéanamh má bhíonn baint agat le taisme, cibé más le feithicil eile, úsáideoir bóthair eile nó le hábhar feadh an bhóthair é. Tugtar cur síos freisin ar cad is cóir a dhéanamh má thagann tú ar shuíomh taisme.

## Cad ba chóir do thiománaithe a dhéanamh i gcás taisme nó i gcás éigeandála

- Má bhíonn baint agat le taisme, **ní mór** duit d'fheithicil a stopadh agus fanacht ar an láthair ar feadh ama réasúnta. Má tá aon duine gortaithe, nó an chuma orthu go dteastaíonn cúnamh uathu, **ní mór** do thiománaí na feithicle cúnamh a thairiscint. Má tá na feithiclí ag blocáil an bhóthair nó más dainséar iad do lucht úsáidte bóithre eile, **ba chóir** an bóthar a mharcáil agus **ba chóir** na feithiclí a thabhairt as an slí a luaithe agus is féidir.
- Má iarrann Garda ort é, **ní mór** duit d'ainm agus do sheoladh a thabhairt, an seoladh ag a gcoinnítear an fheithicil, ainm agus seoladh úinéir na feithicle, uimhir chlárúcháin na feithicle agus fianaise go bhfuil árachas uirthi, mar ainm na cuideachta árachais nó diosca nó teastas mótarárachais. Mura mbíonn aon gharda ar an láthair **ní mór** duit an t-eolas seo a thabhairt do dhuine ar bith a bhfuil baint acu leis an timpiste, nó má iarrtar ort é, d'fhinné neamhspleách.
- Má ghortaítear tusa nó aon duine eile agus mura bhfuil aon gharda ar an láthair, **ní mór** duit tuairisc faoin taisme a thabhairt don stáisiún is cóngaraí de chuid an Gharda Síochána.

Má mhainníonn tú cloí leis na riachtanais thuas luaite, agus é ar intinn agat dliteanas sibhialta nó coiriúil a sheachaint, sna cásanna seo a leanas:

- tá a fhios agat gur gortaíodh duine agus go dteastaíonn cóir leighis uathu, nó
- tá a fhios agat gur maraíodh duine, nó tá tú meargánta maidir leis sin,

d'fhéadfaí tú a chiontú agus d'fhéadfaí fineáil suas go €20,000 nó téarma 10 mbliana sa phríosún a ghearradh ort.

- Má dhéanann an taisme damáiste do mhaoin amháin agus má tá Garda an-ghar den láthair **ní mór** duit tuairisc a thabhairt don Garda. Mura mbíonn Garda ar fáil **ní mór** duit an t-eolas seo a sholáthar don úinéir nó don té atá i bhfeighil na maoine. Má tharlaíonn, ar chúis amháin nó ar chúis eile, nach bhfuil Garda ná an t-úinéir ar fáil láithreach **ní mór** duit gach eolas ábhartha a thabhairt ag stáisiún Gardaí a luaithe agus is féidir le réasún.

### CUIMHNIGH

**Ní mór do na Gardaí tástáil éigeantach alcóil a dhéanamh ar thiománaithe ag láthair taisme áit ar gortaíodh duine éigin nó ar thiománaí a gortaíodh agus a tugadh go dtí an t-ospidéal.**

- Moltar duit, nuair is féidir, grianghraif a ghlacadh ag láthair taisme, a léireoidh na coinníollacha, suíomh na bhfeithiclí agus aon damáiste a ndearnadh.
- Bí cúramach nuair a bhíonn feithiclí a bhfuil damáiste déanta dóibh nó atá briste síos á n-aistriú amach as an mbealach agus déan gach iarracht rabhadh a thabhairt don trácht atá ag déanamh ort faoin taisme.
- Is féidir leat rabhadh a thabhairt dóibh trí na soilse guaise a úsáid.
- Más gá duit cabhair a lorg ó úsáideoir bóthair eile le rabhadh a thabhairt don trácht, déan sin láithreach.
- Má tá triantán réamhrabaidh frithchaiteach agat (**ní mór** d'fheithiclí troma agus busanna ceann a bheith acu), cuir ar an mbóthar é fada go leor ó láthair na taisme le rabhadh dóthanach a thabhairt don trácht atá ag druidim ina threo. Mar sin féin **níor chóir** triantán rabhaidh a úsáid ar mhótarbhealach nó in áit nach mbeadh sé sábháilte.
- Nuair a bhíonn triantán á shuíomh **ba chóir** duit na cúinsí bóthair, gnáthluas agus méid an tráchta a chur san áireamh. Tá sé seo tábhachtach go háirithe ar mhótarbhealaí agus ar dhébhealaí.
- Má tharlaíonn an briseadh síos gar do chasadh ar an mbóthar bí cinnte go dtugann tú rabhadh don trácht ar dhá thaobh an chasaidh.
- Bíonn breosla a sceitheann ó fheithicil thuairteáilte dainséarach, mar sin bí cúramach ag druidim le feithicil ar bith tar éis taisme.
- Bíodh dhá veist shofheicthe nó seaicéad agus tóirse á n-iompar agat i d'fheithicil. Má bhíonn taisme ann caith an veist nó an seaicéad agus úsáid an tóirse le lucht úsáidte bóithre eile a chur ar an airdeall go bhfuil tú ann.



## chóir a dhéanamh má thagann tú ar thaisme

Déan ✓	Ná déan ✗
Fan socair.	Ná scanraigh – déan cúrsaí a mheas sula dtéann tú i mbun gnímh.
Múch an t-inneall agus cuir an coscán láimhe ar siúl.	Ná fan ar an láthair má tá go leor daoine ann ag cuidiú agus cúrsaí faoi smacht.
Úsáid triantán réamhrabhaidh frithchait-each má tá ceann ar fáil, ach ní ar an mótarbhealach.	Ná gabh sa tseans go ngortófar tú féin – páirceáil d'fheithicil go sábháilte as an mbealach.
Cuir soilse guaise agus soilse páirceála ar siúl.	Ná bog duine atá gortaithe mura bhfuil baol tine ann nó go n-iompódh an fheithicil bun os cionn.
Cinntigh go bhfuil tusa sábháilte agus tú ag iarraidh cuidiú le daoine eile.	Ná déan iarracht carr a ardú ó dhuine atá gortaithe gan chabhair.

## Déan ✓

**Déan** cinnte go bhfuil daoine eile sábháilte. **Ba chóir** duit daoine atá gortaithe a choinneáil te teolaí trí chótaí nó rugaí a chur timpeall orthu.

**Eagraigh** an slua le rabhadh a thabhairt don trácht ag teacht ón dá threo mura bhfuil sé seo déanta cheana. Bí thar a bheith cúramach san oíche go bhfuil daoine atá ag cuidiú sofheicthe (trí bhandaí muinchille frithchaiteacha nó éadaí geala a chaitheamh nó trí thóirsí ar lasadh a iompar).

**Cuir** fios ar chabhair. Déan teagmháil leis na seirbhísí éigeandála ar 999 nó 112.

## Ná déan ✗

**Ná** bain clogaid ó ghluaisrothaithe atá gortaithe. Is minic gortaithe muiníl i dtuairteanna gluaisrothair agus d'fhéadfadh go bhfágfadh aon iarracht ó dhaoine neamhoilte an clogad a bhaint go mbeadh pairilis ar an duine gortaithe ón muineál síos.

**Ná** ceadaigh d'aon duine tobac a chaitheamh ar an láthair nó gar di.

**Ná** tabhair aon rud le hithe ná le hól do dhuine atá gortaithe.

## Taismí a mbíonn earraí contúirteacha i gceist iontu

Má bhíonn feithicil a bhfuil peitreal, breosla téimh nó aigéad á iompar aici páirteach i dtaisme, **ba chóir** duit:

- más féidir, tú féin a chur in áit a chinnteoidh nach bhfuil an ghaoth ag séideadh i do threo ón taisme;
- rabhadh a thabhairt do lucht úsáidte bóithre eile faoin dainséar;
- oiread eolais agus is féidir a thabhairt faoi na lipéid mharcála ar an bhfeithicil agus fios á chur ar chúnamh; agus
- lig do na seirbhísí éigeandála aon tarrtháil a dhéanamh.

Léirítear thíos na comharthaí d'fheithiclí a iompraíonn ceimiceáin ghuaiseacha.



Díobhálach don chraiceann



Pléascach



Bithghuais



Aigéad

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi earraí dainséaracha a iompar ar an mbóthar, déan teagmháil leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ([www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)) le treoir maidir leis na dlíthe Éireannacha agus AE a rialaíonn an réimse seo a fháil.



Cuid 15:

## Pointí pionóis, muirir sheasta agus cosc ar thiomáint

Tá sé tábhachtach dea-iompar úsáideoirí bóithre a spreagadh agus tá Éire tar éis glacadh le córas pointí pionóis chun tacú leis an athrú seo. Is príomhchuid de bheartas sábháilteachta bóthair sa tír seo an córas seo agus tá sé ceaptha beatha a shábháil.

Má bhriseann tú an dlí, tá praghas le híoc. Déanfaidh an córas clárú ar an teip agus ar an bpionós ar thaifead do cheadúnais tiomána. Is é an pionós do mhionchionta ná suim airgid, muirear seasta, agus pointí a chuirtear ar thaifead do cheadúnais: pointí pionóis. D'fhéadfaí tú a thabhairt chun na cúirte do chionta níos tromchúisí. Baineann an córas le sealbhóirí ceadúnas iomlána agus le sealbhóirí cead foghlaimeora.

Má bhriseann tú an dlí agus má bheirtear ort gearrfar fineáil ort agus baileoidh tú pointí pionóis.

### CUIMHNIGH

**Maidir le tiománaí faoi oiliúint céaduaire a fhaigheann 7 bpointe i dtréimhse 36 mhí, cuirfear cosc ar thiomáint ar feadh 6 mhí orthu.**

**Maidir le tiománaí nuacheadúnaithe a fhaigheann 7 bpointe i dtréimhse 36 mhí, cuirfear cosc ar thiomáint ar feadh 6 mhí orthu.**

**Maidir le tiománaí láncheadúnaithe a fhaigheann 12 phointe i dtréimhse 36 mhí, cuirfear cosc ar thiomáint ar feadh 6 mhí orthu.**

Déantar cur síos sa chuid seo ar an gcaoi a n-oibríonn pointí pionóis agus muirir sheasta agus tugtar cur síos ar na pointí agus ar na muirir a bhaineann le cionta um thrácht ar bhóithre. Chun liosta de na cionta pointí pionóis agus de na muirir sheasta reatha a fháil féach ar aguisín 4 nó ar [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

## Pointí Pionóis

Clúdaíonn córas na bpointí pionóis cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Is féidir leo seo cionta a bhraith:

- na Gardaí go díreach, nó
- i gcás ró-luais, ceamaraí sábháilteachta.

### Má stopann Garda tú faoi chion a dhéanamh

- **Ní mór** duit do cheadúnas tiomána nó do chead foghlaimeora a thaispeáint, agus d'ainm agus do sheoladh a thabhairt má iarrtar ort é.
- Gheobhaidh tú fógra muirear seasta tríd an bpost.
- Beidh an rogha agat an muirear seasta a íoc laistigh den am atá ceadaithe (suas le 56 lá) nó ligean don ábhar dul chun na cúirte.
- Cuirfear pointí pionóis ar thaifead do cheadúnais 28 lá tar éis an fhógra a sheoladh chugat. Eiseofar an fógra seo an tráth an n-íocann tú an muirear seasta nó má chiontaítear sa chion tú sa chúirt.


### Má dhéantar taifead ar d'fheithicil agus an teorainn luais á briseadh

- Más tú úinéir cláraithe na feithicle gheobhaidh tú an fógra muirear seasta.
- Mura raibh an fheithicil á tiomáint agat tráth ar tharla an cion, **ní mór** duit ainm agus seoladh thiománaí d'fheithicle a thabhairt do na Gardaí laistigh de 28 lá. Má dhéanann tú seo gheobhaidh an tiománaí ainmnithe an fógra muirear seasta. Mura ndéanann, glacfar leis gur tusa a bhí ag tiomáint na feithicle nuair a tharla an cion.
- Cuirfear pointí pionóis ar thaifead ceadúnais an tiománaí nuair a íoctar an muirear, sin nó nuair a chiontaítear an tiománaí sa chion sa chúirt.

#### CUIMHNIGH

**Baineann muirear seasta le formhór na gcionta pointí pionóis. Beidh láithreas sa chúirt éigeantach de bharr roinnt cionta gan an rogha muirear seasta amháin a íoc.**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi phointí pionóis, féach ar láithreán gréasáin an RSA, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie)



**GET THE POINT!  
NOT THE POINTS!**

## An córas muirir sheasta

Baineann an córas seo le roinnt mhaith cionta, lena n-áirítear an chuid is mó de chionta pointí pionóis.

### Mar a oibríonn sé

- Faigheann tusa fógra muirear seasta ina leagtar amach:
  - mionsonraí an chiona;
  - suim an mhuirir sheasta atá le híoc; agus
  - an áit inar féidir an muirear a íoc.
- Tá 28 lá agat chun an muirear seasta a íoc.
- Mura mbeidh an muirear íoctha agat laistigh den tréimhse sin tiocfaidh méadú 50% air. Tá 28 lá eile ansin agat chun an muirear méadaithe a íoc.
- Mura n-íocann tú é, rachaidh an scéal chun na cúirte.

## An tiománaí faoi oiliúint gan duine cáilithe a bheith á thionlacan

Gabhfaidh na Gardaí feithicil ar úinéir ar bith a ligfidh don tiománaí faoi oiliúint a fheithicil a thiomáint gan duine cáilithe eile á thionlacan agus d'fhéadfaí fineáil suas go €1,000 a ghearradh air chomh maith.

Gabhfaidh na Gardaí feithicil a bheidh á tiomáint ag tiománaí faoi oiliúint gan duine cáilithe á thionlacan.

Gearrfaí fíneáil €80 agus dhá phointe pionóis ar thiománaí faoi oiliúint

- a aimsítear ag tiomáint gan tiománaí cáilithe á thionlacan má íoctar laistigh de 28 lá é;
- fíneáil €120 agus dhá phointe pionóis má íoctar laistigh den chéad 28 lá eile é; agus
- fíneáil €120 agus ceithre phointe pionóis má chiontaítear tú sa chúirt.

Beidh feidhm ag tairseach níos ísle pointí pionóis as a dtiocfaidh dícháiliú maidir le haon tiománaí dá ndeónófar a chéad chead foghlaimeora an 1 Lúnasa 2014 nó ina dhiaidh sin, le linn na tréimhse ina dtiomáineann an duine faoi chead foghlaimeora agus le linn an chéad dá bhliain don duine a bheith ag tiomáint faoin gcéad cheadúnas tiomána iomlán.

Tabhair ar aird: Faoin gcóras Ceadúnaithe Tiomána Céimnithe (GDL), ní mór tiománaí cáilithe (ní tiománaí nuacheadúnaithe) a bheith i gcuideachta thiománaithe faoi oiliúint i gcónaí.

## Cosc ar thiomáint

- Má bhailíonn tú suas le 12 pointe pionóis nó níos mó (mar thiománaí láncheadúnaithe) nó 7 bpointe pionóis nó níos mó (mar thiománaí faoi oiliúint nó mar thiománaí nuacheadúnaithe) i 36 mhí:
  - gheobhaidh tú fógra ag cur in iúl duit go bhfuil cosc tiomána curtha ort ar feadh 6 mí ó dháta áirithe; agus
  - go gcaithfidh tú do cheadúnas tiomána a chur sa phost chuig an NDLS laistigh de 14 lá ó thús an choisc tiomána.
- Cuirfear cosc tiomána ort má chiontaítear tú sa chúirt i gcion mar thiomáint faoi thionchar an óil, tiomáint dhainséarach nó fágáil láthair tuairte. Cuirfear cosc tiomána ort de thoradh an chiontaithe amháin, cuma cé mhéid pointí pionóis atá ar thaifead do cheadúnais.
- Is féidir leis na cúirteanna cosc tiomána a eisiúint do chion ar bith a bhaineann le feithiclí, ní do chionta a mbíonn uathchosc orthu amháin. Socróidh an chúirt tréimhse an choisc i ngach cás.
- Má chiontaítear tú sa chúirt d'fhéadfaí go ngearrfaí fíneáil ort agus, i gcásanna áirithe, go mbeadh téarma príosúin i gceist.

### CUIMHNIGH

Is cion é gan do cheadúnas a thabhairt suas.

Is cion é tiomáint agus tú faoi chosc tiomána.

Cuid 16:

## Rialacha do ghluaisrothaithe

Is ionann gluaisrothair agus nós lú ná 1 as 50 de gach feithicil cheadúnaithe in Éirinn ach is úsáideoir gluaisrothair a bhíonn i gceist le 1 as 8 mbás ar an mbóthar. I dtuairt bíonn nós lú cosanta ag úsáideoirí gluaisrothair agus móipéide ná tiománaithe agus paisinéirí i bhfeithiclí.

Tá an chuid seo dírithe ar ghluaisrothaithe, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann móipéidí, agus déantar cur síos ar an gcaoi is féidir leat tú féin a choinneáil sábháilte ar an mbóthar. Léiríonn gluaisrothaithe oilte ar fud an domhain gach lá gur féidir gur ghníomhaíocht shásúil, shábháilte agus spráúil í an rothaíocht má bhíonn na scileanna cuí agat, an dearcadh ceart i leith sábháilteachta agus tairbhe an oideachais agus na hoiliúna.

## Ceadúnas

**Ní mór** duit ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora reatha a bheith agat do ghluaisrothar nó do mhóipéid. Féach cuid 1 le haghaidh eolais ar cheadúnais agus ar cheadanna agus ar na catagóirí feithicle a chlúdaíonn siad.

Más gluaisrothaí tú agus cead foghlaimeora agat **ní mór** duit ‘L’ a chur ar taispeáint ar thabard fluaraiseach buí le go dtuigfidh lucht úsáidte bóithre gur foghlaimeoir tú agus go bhféadfadh go dteastódh cúram breise. **Ní mór** don ‘L’ a bheith ar aon mhéid agus ar aon dath leis an ngnáth ‘L-Phláta’.

Má fuair tú do chéad cheadúnas tiomána le déanaí (ceadúnas iomlán tiomána) beidh tú rangaithe mar thiománaí ‘nuacheadúnaithe’ agus **ní mór** duit ‘N-phlátaí’ a chur ar taispeáint ar thabard fluaraiseach buí. **Ní mór** an tabard a chaitheamh os cionn do chuid éadaí agus **ba chóir** é a bheith le feiceáil go soiléir ar chliabhach agus ar chúl do cholainne.

## Árachas agus cáin

**Ní mór** duit díosca mótarchánach reatha a thaispeáint agus clúdach árachais a bheith agat sular féidir leat do ghluaisrothar nó do mhóipéid a thabhairt ar bhóthar poiblí.

**Ní mór** do gach sealbhóir ceada foghlaimeora céaduaire maidir le gluaisrothair tabhairt faoi Bhunoiúint Thosaigh (IBT) le teagascóir IBT atá ceadaithe, sula bhféadfaidh siad gluaisrothar a thiomáint gan mhaoirseacht.

## Cad is IBT ann?

Is cúrsa oiliúna é Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a mhúineann bunscileanna rothaíochta do ghluaisrothaithe is foghlaimeoirí. Go bunúsach, is cúrsa 16 uair an chloig é IBT atá briste síos i 4 mhodúl a dhíríonn ar theoiric agus ar scileanna praiticiúla, atá le déanamh in ord.

De réir mar a bheidh gach Modúl IBT de do chúrsa IBT críochnaithe agat déanfaidh do theagascóir mionsonraí do chuid oiliúna a thaifeadadh i do dhialann imeachtaí agus, nuair a bheidh gach modúl tugtha chun críche, eiseoidh sé Teastas ar Chríochnú Sásúil duit.

**Ní mór** duit do Theastas a choimeád in éineacht le do chhead foghlaimeora agus é sin a bheith ar iompar agat cibé uair a bhíonn tú ag tiomáint ar bhóthar poiblí nó in áit phoiblí mar go bhféadfadh duine den Gharda Síochána sin a iarraidh ort.

Is féidir leat ansin cur isteach ar do thástáil tiomána phraiticiúil.

## Paisinéirí a iompar

**Níor chóir** duit paisinéir a iompar más sealbhóir ceadá foghlaimeora tú mar go bhfuil sé in aghaidh an dlí. Más mian leat paisinéir a iompar cinntigh go gceadaíonn do chheadúnas iomlán agus do pholasaí árachais duit é sin a dhéanamh. **Ní mór** don tiománaí a chinntiú go bhfuil clogad a oireann i gceart agus atá ceangailte i gceart á chaitheamh ag an bpaisinéir. **Ba chóir** don tiománaí a chinntiú go gcaitheann an paisinéir an PPE cuí (Trealamh Cosanta Pearsanta, sé sin, seaicéad, brístí, lámhainní agus buataisí gluaisrothair – iad go léir tomhaiste i gceart). **Níor chóir** do rothaí níos mó ná paisinéir cúlóige amháin a iompar agus **ní mór** dó/đi suí ar shuíochán ceart.

**Ní mór** dóibh a bheith dírithe chun tosaigh agus a bheith ábalta an dá chos a chur ar na tacaí coise. **Níor chóir** do rothaí paisinéir cúlóige a iompar mura bhfuil a ghluaisrothar deartha chun é sin a dhéanamh.



## Rothaíocht i rith an lae

- Bíodh tú chomh sofheicthe agus is féidir ón taobh, chomh maith leis ón tosach agus ón gcúl.
- Caith clogad bán agus éadaí nó stiallacha fluaraiseacha.
- Úsáid ceannoilse maolaithe. Déanfaidh siad níos sofheicthe tú, fiú faoi sholas an lae atá go maith.

## Rothaíocht san oíche

- Caith éadaí nó stiallacha fluaraiseacha chun an seans go bhfeicfear sa dorcha-das tú a fheabhsú. Frithchaitheann siad seo solas ó cheannoilse feithiclí eile, rud a fhágann go mbíonn tú níos sofheicthe ó achar i bhfad uait.

## Soilse

**Ní mór** duit iad seo a leanas a bheith ar do ghluaisrothar nó ar do mhóipéid:

- ceannlampa bán nó buí;
- lampa cúil dearg;
- frithchaiteoir cúil dearg; agus
- solas uimhirphláta cúil.

## Chun go bhfeicfear tú i gcónaí, cuimhnigh ar na nithe seo a leanas:

- Bain úsáid as na soilse maolaithe i gcónaí.
- Bain úsáid as ceannoilse san oíche agus i rith an lae nuair a bhíonn an infheictheacht laghdaithe go mór.
- Moilligh, agus más gá, stop má bhíonn tú dallta ag ceannoilse atá ag déanamh ort.
- Bain úsáid as lán-cheannoilse nuair is cúí.
- Bain úsáid as do shoilse guaise nuair atá do ghluaisrothar nó do mhóipéid stoptha in áit dhainséarach.
- Cinntigh go bhfuil gach taobhsolas agus soilse an uimhirphláta cúil ar siúl san oíche.

## Trealamh cosanta pearsanta

Caith éadaí cuí agus clogad daingnithe gach uair a théann tú ar an rothar.

### Éadaí cosanta

- **Ba chóir** do na seaicéid agus do na brístí go leor cosanta a thabhairt duit ó thuairt, ó bhriseadh cnis, ón bhfuacht agus ó chúinsí aimsire.
- Úsáid armúr colainne ar áiteanna neamhchosanta mar an droim, na glúine, na huillinneacha, na guaillí, na cromáin agus na lorgaí. **Ba chóir** go mbeadh sé seo inathraithe sa chaoi is go dtéann sé in oiriúint duit agus nach mbogann sé le linn tuairte.
- **Ba chóir** duit seaicéad frithchaitheach maith a chaitheamh le go mbeidh tú níos sofheicthe ar an mbóthar.
- Caith lámhainní cosanta agus bróga a thagann taobh thuas den rúitín ar a laghad.



### CUIMHNIGH

Is cion lena mbaineann muirear seasta €80 é úsáid a bhaint as gluaisrothar gan clogad cosanta a chaitheamh nó cead a thabhairt do phaisinéir dul ar ghluaisrothar gan clogad a chaitheamh.

## Clogaid

- Ceannaigh iad ó dhíoltóirí creidiúnacha. Bain triail as roinnt méideanna agus déanamh éagsúla. Cinntigh go bhfuil a fhios ag an díoltóir cén chaoi le hoiriúnacht a mheas.
- Ná ceannaigh nó ná húsáid clogaid dara láimhe. Ná tabhair do chlogad ar iasacht d'aon duine eile. Má rinneadh damáiste do do chlogad, faigh ceann eile.
- Léigh an lámhleabhar atá ag dul leis an gclogad agus lean na treoracha maidir le cúram. Glan an scáthlán go réidh le huisce gallúnaí te.
- Úsáid clogad le scáthlán glé. Má úsáideann tú scáthlán dorcha, beidh sé beagnach dodhéanta agat ola a fheiceáil ar bhóthar fliuch.
- Faigh scáthlán nua má tá sé scríobtha.
- Cinntigh go bhfuil do chlogad ceangailte go daingean. Tá clogad neamhdhaingnithe mídhleathach agus gan mhaith i gcás tuairte.
- Déan do chuid taighde sula gceannaíonn tú aon cheo. Cinntigh go gcomhlíonann an trealamh go léir caighdeáin an AE.

## TABHAIR AR AIRD: An córas coinneála strapa

Bíonn córais dhifriúla coinneála strapa ag baint le brandaí agus cineálacha difriúla clogad, mar shampla, D-fháiníní, fáiscín agus búcla, mearscaoilte, srl. Ag brath ar cibé cineál clogaid a roghnaítear, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil córas éigin srianta i bhfeidhm ag na strapaí coinneála atá ceangailte le sliogán an chlogaid, ionas nach dtiocfaidh an strapa tríd an mbúcla, mar shampla, 'iomaire fuaite fillte a théann trasna ag deireadh an strapa'. Nuair nach bhfuil córas srianta den sórt sin i bhfeidhm ar na strapaí, i gcás go dtarlódh timpiste nó tuairt, ní thabharfaidh an clogad mórán cosanta nó aon chosaint b'fhéidir mar go bhféadfadh sé go dtiocfadh an strapa tríd an mbúcla, rud a chiallaíonn go n-imeoidh an clogad ó chloigeann an duine, agus d'fhéadfadh gortú tromchúiseach baint dóibh nó d'fhéadfadh sé go marófaí iad.


## Cosaint súl agus cluas

- Úsáid cosaint chluaise ar thurais fhada.
- Má chaitheann tú clogad le haghaidh oscailte (ceann gan barra smige) cinntigh go gcaitheann tú cosaint súl.
- Agus tú ar ghluaisrothar ná húsáid córas siamsaíochta pearsanta.

# Trealamh cosanta pearsanta

Gan Trealamh Cosanta a Chaitheamh

Trealamh Cosanta a Chaitheamh



## Gluaisrothar a thiomáint

Mar ghluaisrothaí, **ní mór** duit an dlí a rialaíonn an trácht a chomhlíonadh. Ní mór duit a leanas a fhorbairt:

- ardleibhéal airde;
- feasacht ar ghuaiseacha a d'fhéadfadh tarlú;
- fuireachas maith;
- sárscileanna breathnadóireachta.

Ní mór duit freisin leas a bhaint as buntáistí airde, suímh, solúbthachta agus so-ionramháilteachta a chuireann gluaisrothar ar fáil. Ní thagann an cumas dainséar a bhraith i gcúinsí ach le taithí, agus mar sin **ba chóir** duit i gcónaí tiomáint laistigh de do chumas.

Cinntigh i gcónaí go bhfuil an spás ar an mbóthar a bhfuil sé i gceist agat dul isteach ann sábháilte go hiomlán agus bí ar an eolas go bhféadfadh go mbeadh daoine eile ag breathnú ar nithe níos mó agus ní ar phróifíl chúng an ghluaisrothair. Féadfaidh clocha beaga gairbhéil, gaineamh, locháin uisce agus dromchlaí garbha gluaisrothair a chur go mór trína chéile agus a bheith ina gcúis tuairteanna. Laghdaigh an luas roimh ghuaiseacha dá leithéid agus coinnigh ort ag tiomáint go han-chúramach.



Lean na rialacha thíos:

- Seachain an rothaíocht idir lánaí tráchta.
- Coinnigh glan amach ó fheithiclí eile agus tú ag dul tharstu. Cuimhnigh go mb'fhéidir nach bhfeicfeadh tiománaithe tú i gcónaí ina 'gcaochspotaí'.
- Má tá treotháscairí agus solas coscáin ar do mheaisín, bain úsáid astu. Ach mura féidir le lucht úsáidte bóithre eile na comharthaí seo a fheiceáil, nó má cheapann tú go mb'fhéidir nach bhfuil siad ag obair, **ba chóir** duit comharthaí láimhe soiléire a thabhairt freisin. Féach cuid 7 ar chomharthaí láimhe.
- Úsáid scátháin chúlfhéachana má tá do ghluaisrothar nó do mhóipéid feistithe leo. Cuimhnigh ina dhiaidh sin nár chóir brath ar na scátháin agus tú ag bogadh amach, ag athrú lána, ag casadh ar dheis nó ag scoitheadh. **Ba chóir** duit freisin breathnú thar do ghuaillí agus aon 'chaochspotaí' a sheiceáil.



**Ní mór** doimhneacht tráchta de 1mm ar a laghad a bheith ag boinn an ghluaisrothair, ach **ba chóir** duit cinn nua a chur ina n-áit sula mbíonn siad chomh caite sin.

# Bearta chun teacht slán mar ghluaisrothaí

## 1. Bí ag faire amach ar a bhfuil i do thimpeall.

Is éard atá i gceist le bheith ag faire amach ar a bhfuil i do thimpeall ná:

- a bheith ag faire amach uait, sa chianachar, sa mheánachar agus gar duit; agus
- taobh thiar díot, úsáid á baint as na scátháin agus ag seiceáil thar do ghuaillí sula n-athraíonn tú suíomh nó sula gcasann tú.

## 2. Coinnigh siar.

Úsáid riail an ‘dá soicind’ (féach Cuid 8). Fág bearna níos mó i gcónaí má bhíonn cúinsí fliucha nó oighreata ann.

## 3. Bí le feiceáil.

Cinntigh go bhfuil do shuíomh i gceart. Úsáid ceannsoilse maolaithe agus caith éadaí ard-shofheicthe (mar veist neoin agus crios frithchaiteach ‘Sam Browne’).

## 4. Ná bain siar as daoine eile.

Ná déan aon cheo ar an mbóthar a thabharfadh ar lucht úsáidte bóithre eile moilliú, na coscáin a bhrú nó scinneadh ar fiar nó a bhféadfadh preab a bhaint as coisithe.

## 5. Smaoinigh ar a dhéanfadh lucht úsáidte bóithre eile.

Tar roimh lucht úsáidte bóithre eile sa gcaoi a ngabhfaidh cúrsaí i bhfeidhm orthu.

## 6. Bíodh léamh agat ar an mbóthar.

I bhfocail eile, déan rothaíocht i bhfianaise cúinsí tráchta, aimsire agus bóthair reatha.

## 7. Téigh i muinín an luais chirt do na cúinsí.

Ná lig do dhaoine eile do luas a ghéarú.

## 8. Ná téigh ag rothaíocht ar do rothar tar éis alcól ná drugaí a ghlacadh.

## 9. Bíodh muinín agat as do mheaisín trína chothabháil i gceart.

Seiceáil peitreal, ola, uisce, damáiste, earraí leictreacha, na boinn agus slándáil.

Féadfaidh tú tuilleadh eolais níos mionsonraithe ar shábháilteacht agus ar aire a thabhairt do do ghluaisrothar agus é a chóireáil sa leabhrán This is Your Bike ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Glaoigh ar íosghlao 1890 50 60 80, r-phost [info@rsa.ie](mailto:info@rsa.ie) nó tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie).

Cuid 17:

## Rialacha do rothaithe

Clúdaítear sa chuid seo na rialacha a bhaineann le do rothar a choinneáil inaistir, trealamh ceart a chaitheamh agus rothaíocht a dhéanamh go sábháilte agus tú ag cuimhneamh ar rothaithe eile. **Ba chóir** duit na rialacha maidir le raonta rothair a bheith ar eolas agat chomh maith (féach leathanaigh 194-195) agus maidir le comharthaí láimhe (féach Cuid 7).

### Do rothar a choinneáil inaistir

- **Ní mór** bail mhaith a bheith ar na coscáin, na boinn, an slabhra, na soilse, an frithchaiteoir agus an cloigín.
- **Ba chóir** go mbeadh do rothar ar an méid cheart le go mbeadh tú in ann do dhá chois a chur ar an talamh.
- Agus earraí á n-iompar agat **ba chóir** duit iompróir nó ciseán ceart a bheith agat agus cúram a dhéanamh le nach mbeidh aon rud in ann titim as.
- San oíche, **ní mór** duit lampa a bhfuil solas buí nó bán air a bheith chun tosaigh ar do rothar agus lampa a bhfuil solas dearg air a bheith ar chúl. Is iad seo na híosriachtanais soilsithe atá leagtha síos sa dlí. Ach, é sin ráite, le go mbeidh tú níos feiceálaí san oíche ag tiománaithe **ba chóir** duit:
  - stialla d'ábhar frithchaiteach a chur ar an rothar (bán chun tosaigh agus dearg ar gcúl);
  - banda muinchille frithchaiteach a chaitheamh; agus
  - crios nó veist fhrithchaiteach 'Sam Browne' a chaitheamh.

#### CUIMHNIGH

Seiceáil do chuid trealamh, bí le feiceáil, caith clogad agus bí ag éisteacht – **ná bí** ag éisteacht le ceol ná ag úsáid raidiúna ná fóin phóca agus tú ag rothaíocht.



## Seicliosta maidir le rothair

- **Ba chóir** na hanlaí a bheith ar dronuillinn leis an bhfráma agus ar aon leibhéal leis an diallait. **Níor chóir** go mbeadh an corraí ró-dhocht nó ró-scaoilte.
- Agus tú sa diallait **ba chóir** go mbeadh tú in ann do chosa a leagan ar éigin ar an talamh.
- **Ba chóir** do na rothaí a bheith díreach agus inlíne. Faigh rothaí nua má tá siad lúbtha nó as ailíniú.
- Fáisc spócaí scaoilte agus cuir cinn nua in áit má tá damáiste déanta do roinnt díobh. Cinntigh go bhfuil na boinn teannta i gceart, agus trácht maith acu.
- Cinntigh go bhfuil na pludghardaí slán agus glan go maith ar na rothaí. Seiceáil na gearanna agus féach go ndéantar iad a shocrú más gá.
- Seiceáil na cáblaí coscáin agus déan iad a shocrú nuair is gá. Cuir cinn nua ina n-áit nuair atá siad caite.
- Cinntigh go bhfuil cinn dúnta na mbróg coscáin aghaidh amach.
- Cinntigh go bhfuil na bloic choscáin gar d'imeall an rotha. Cuir cinn nua ina n-áit má tá na bloic caite. Seiceáil na troitheáin agus cuir cinn nua ar an rothar má bhíonn siad briste nó caite.
- Cinntigh go bhfuil do lampaí bán nó buí chun tosaigh agus dearg ar gcúl. Úsáid frithchaiteoir dearg. Cuir cadhnaí nua isteach nuair is gá agus glan na lionsaí.
- Cinntigh go bhfuil an cloigín gar go maith do d'ordóg. Cuir ola ar gach páirt a bhogann.
- Caith clogad rothair i gcónaí.

Ba chóir go mbeadh an córas coscáin seo a leanas ag rothar:

- Má tá roth socraithe amháin aige nó má tá sé ceaptha do pháiste faoi 7 mbliana d'aois, **ní mór** go mbeadh coscán amháin ar a laghad aige;
- Má tá sé ceaptha do pháiste níos sine nó do dhuine fásta nó mura bhfuil ceachtar roth socraithe, **ní mór** go mbeadh coscán amháin ar an roth tosaigh agus ceann eile ar an roth cúil.

## Éadaí agus trealamh cosanta

Mar rothaí, is úsáideoir bóthair soghonta tú agus ní thabharfaidh do rothar aon chosaint duit má bhíonn tuairt ann. Ní cheanglaíonn an dlí ort clogad a chaitheamh. Ach, chun leasa sábháilteachta bóthair, agus chun do leasa pearsanta féin, **ba chóir** duit clogad a chaitheamh i gcónaí.

### Nuair a bhíonn clogad á cheannach:

- Lorg marc a léiríonn gur dearnadh é de réir chaighdeán náisiúnta aitheanta.
- Seiceáil nach gcuireann sé srian ar an méid atá tú in ann a fheiceáil agus a chloisteáil.


### Nuair a bhíonn clogad agat ba chóir duit:

- Ceann nua a fháil má dhéantar damáiste dó nó má thiteann sé uait.
- Strapáil an chlogaid a shocrú le go rachaidh sé ort i gceart. Seiceáil treoracha na ndéantóirí i gcónaí.

## Leantóirí Rothair

**Cuirtear leanaí i gcontúirt nuair a iompraítear ar rothair iad ar an mbóthar.**

De ghnáth, bíonn leantóirí rothair íseal ar an mbóthar. De bharr chomh híseal is atá na leantóirí seo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tiománaithe HGV ná tiománaithe cairr ar eolas go bhfuil a leithéide ar an rothar. Chun gníomhú ina aghaidh sin, ba cheart crann brataí a cheangal de chúl an leantóra agus ba chóir go mbeadh an brat thart ar an airde chéanna le clogad an té atá ar an rothar. Ar mhaithe le sábháilteacht ghinearálta a chinntiú, ní mór dhá sholas dearga a bheith ar an leantóir (ceann ar an dá thaobh den leantóir), go háirithe más ag taisteal i gcoinníollacha é nach bhfuil mórán soilsithe ann. Beidh tionchar ag leantóir a bheith á tarraingt ag rothar ar do chumas an rothar a láimhseáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort an bealach a nglacann tú an coirnéal a athrú agus d'fhéadfadh sé achar níos faide a ghlacadh le stopadh mar gheall ar an meáchan breise a chuirfidh leantóir ar an rothar. I gceantair uirbeacha ghnóthacha beidh ort spás níos leithne, go háirithe i raonta rothair, a ghlacadh san áireamh mar gheall go bhféadfadh sé go mbeadh leithead iomlán an lána de dhíth ort.



Má tá sé i gceist agat suíochán linbh a úsáid ar do rothar chun leanbh a iompar, ní mór duit a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus go ndéanfaidh duine ábalta é a chur ar an rothar. Déan cinnte go bhfuil do leanbh ag caitheamh clogad rothair atá oiriúnach dó agus seiceáil go bhfuil strapáí srianta an tsuíocháin i mbaill mhaith. Bí ar an airdeall go bhféadfadh cosa do linbh dul i bhfostú i spócaí an rotha. Ní mór strapáí cos daingne a bheith ar an suíochán. Cinntigh nach féidir le héadaí ar nós scaifeanna agus barriallacha dul i bhfostú sna rothaí.

## Ag rothaíocht go sábháilte

- Suíomh ar an mbóthar: D'fhéadfadh sé go mbeadh ort treo a athrú ón ngnáthshuíomh tánaisteach ar an mbóthar (ar thaobh na lámhe clé den bhóthar) chuig suíomh níos príomhúla (i lár an bhóthair) chun:
  - an radharc is fearr a fháil ar an mbóthar agus ar na hacomhail amach rompu.
  - léargas níos fearr a fháil ar thrácht atá ag déanamh ort, go háirithe sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh radharc an tiománaí blocáilte.
  - casadh ar chlé nó ar dheis, dul isteach i dtimpeallán, lánaí a athrú nó ag déanamh ar chasadh.

Sula ndéanfaidh an rothaí a shuíomh ar an mbóthar a athrú, ba chóir duit 'breathnú, comhartha a thabhairt in am agus breathnú arís' lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte leanúint ar aghaidh. Sa chás nach bhfuil tú muinéach faoin suíomh 'príomhúil', tá sé níos sábháilte teacht anuas den rothar agus an bóthar a thrasnú de shiúl na gcós.

- Cinntigh go bhfanann tú ar chlé. Breathnaigh taobh thiar díot i gcónaí agus tabhair an comhartha chúí sula dtosaíonn tú amach, sula n-athraíonn tú lána nó sula gcasann tú.
- **Ní mór** duit déanamh de réir rialacha an bhóthair, go háirithe na rialacha a bhaineann le soilse tráchta, trasrianta coisithe, trasrianta peileacáin agus trasrianta síogacha.
- Coinnigh do dhá lámh ar na hanlaí seachas nuair a bhíonn tú ag tabhairt comhartha nó ag athrú gearanna.
- Coinnigh do dhá chos ar na troitheáin.
- Ná téigh ag rothaíochta ‘taobh istigh’ d’fheithicil mhór as radharc an tiománaí. Ina ionad, fan taobh thiar má bhíonn an fheithicil mhór stoptha ag acomhal agus é i gceist aici casadh ar chlé.
- Coinnigh amach ón gcosán – beidh tú níos feiceálaí agus cuideoidh sé chun scoitheadh dainséarach a laghdú.
- Nuair a bhíonn tú ag casadh ar chlé, fan gar do thaobh chlé an bhóthair, bí ag faire amach do choisithe agus tabhair an comhartha ceart in am cuí.
- Seachain caochspotaí – tá zón caoch ag gach feithicil agus d’fhéadfadh nach mbeadh an tiománaí in ann tú a fheiceáil!
- Mura féidir leatsa an tiománaí a fheiceáil, ní féidir leis an tiománaí tusa a fheiceáil ach an oiread. Fan siar uaidh agus bí sábháilte.
- Nuair a bhíonn tú ag casadh ar dheis, téigh isteach i lár an lána atá ag casadh ar dheis nó díreach ar an taobh clé de lár an lána atá ag casadh ar dheis. Is mó seans mar sin, nach rachaidh feithicil tharat agus tú ag athrú treo. Breathnaigh taobh thiar agus tabhair an comhartha ceart sula mbogann tú amach agus cinntigh nach bhfuil an trácht sa lána sin ag dul díreach ar aghaidh. Ar chnoic ghéara nó ar bhóithre gnóthacha, tarraing isteach go dtí an taobh clé den bhóthar agus fan go mbíonn briseadh sa trácht sa dá threo le ligean duit an casadh a dhéanamh go sábháilte.
- Nuair a bhíonn tú ag rothaíocht feadh trácht atá stoptha i líne, bí ar an eolas faoi bhearnaí sa trácht chun ceadú d’fheithicilí eile casadh thar an lána atá ina stad. D’fhéadfadh go mbeadh radharc an ghluasteáin atá ag casadh blocáilte de bharr an brú tráchta.
- Nuair a bhíonn droch-chúinsí aimsire ann, nó mura bhfuil tú muiníneach faoin suíomh ceart a thógáil chun casadh ar dheis, mar a míníodh thuas, d’fhéadfadh sé a bheith níos sábháilte teacht anuas den rothar agus an bóthar a thrasnú de shiúl na gcos. Nuair is féidir, ba chóir trasrian coisithe nó rialaithe a úsáid.
- Caith éadaí frithchaiteacha i gcónaí.

## CUIMHNIGH

Cuireann rothaithe iad féin agus lucht úsáidte bóithre eile i mbaol nuair nach stopann siad ag soilse tráchta de réir mar is gá.

Agus tú ag rothaíocht i gcuideachta rothaí amháin nó níos mó **ní mór** duit aird chuí a bheith agat ar lucht úsáidte bóithre eile agus ní mór duit na cúinsí bóthair atá i réim ag an am a ghlacadh san áireamh. Uaireanta, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos sábháilte ag beirt rothaíocht taobh le taobh a dhéanamh ach **níor chóir** duit rothaíocht ar bhealach a chruthódh bac d'úsáideoirí eile.

## Raonta rothaíochta

Is éard is **raon** nó **lána** rothaíochta ná cuid de bhóthar atá coinnithe go sonrach do rothair agus cathaoireacha rothaí ach ní do ghluaisrothair.

Bíonn líne bhán leanúnach ar imeall raonta rothaíochta áirithe ar thaobh na lámhe deise. Is le haghaidh rothair agus cathaoireacha rothaí le hinnill amháin an raon rothaíochta, mar sin ní féidir le tiománaithe eile é a úsáid ná páirceáil ann.

Bíonn líne bhán bhriste ag raonta rothaíochta eile ar thaobh na lámhe deise. Féadfaidh tiománaithe eile úsáid shealadach a bhaint as an gcineál seo raoin mura bhfuil sé in úsáid an tráth sin ag rothaithe.

Bíonn raonta rothaíochta curtha in áirithe 24 uair an chloig sa lá, mura léiríonn comhartha eolais ingearach ag tús nó ar thaobh an raoin tréimhse ama eile.

Is féidir gur píosa den chosán nó de chuid eile den bhóthar é an raon rothaíochta.

Más raon dhá bhealach é raon rothaíochta, a fhágann gur féidir le rothair ag taistil malairt treo é a úsáid ag an am céanna, **ba chóir** do rothaithe fanacht chomh gar agus is féidir do thaobh chlé an raoin.

**Ní mór** duit aird a thabhairt ar shoilse tráchta rothaí.



Comharthaí eolais raon rothaíochta le huimhreacha ag tagairt do bhealaí rothar mapáilte

## CUIMHNIGH

Ba chóir do rothaithe, nuair is féidir, aon raon rothaíochta a chuirtear ar fáil a úsáid.

# Rialacha ar raonta rothaíochta do lucht úsáidte bóithre eile

## Tiomáint

Níl aon chead ag aon fheithicil (seachas cathaoir rothaí le hinneall) dul isteach nó dul thar raon rothaíochta éigeantach mura bhfuil an tiománaí ag dul isteach nó ag fágáil áite nó taobh-bhóthair. Is ionann raon rothaíochta éigeantach agus raon rothaíochta a bhfuil líne bhán leanúnach thart air.


## Páirceáil

Níl aon chead ag tiománaí ar bith feithicil a pháirceáil ar raon rothaíochta éigeantach.

Féadfaidh tiománaí páirceáil ar raon rothaíochta neamh-éigeantach ar feadh suas le 30 nóiméad, má tá an fheithicil á luchtú nó á díluchtú agus mura bhfuil aon áit pháirceála eile ar fáil. Cuimhnigh ar bhundualgas an chúraim agus ná blocáil raon rothaíochta.

Má pháirceálann tiománaí a fheithicil ar raon rothaíochta nach mbíonn in úsáid ach cuid den lá (arna léiriú ar phláta eolais faoin gcomhartha do raon rothaíochta) **ní mór** dó an fheithicil a bhogadh as an mbealach faoin am a dtosaíonn an chéad tréimhse feidhmíochta eile.

Mura bhfuil aon phláta eolais ann ciallaíonn sé go mbíonn raon rothaíochta in úsáid ar feadh an ama agus nach bhfuil aon chead páirceáil ann.



Tús le raon rothar



Deireadh le raon rothar



Pláta eolais

Leagtar amach sa tábla thíos na rialacha tráchta bóthair áirithe ar an rothaíocht **nach mór** a chomhlíonadh.

Déan ✓	Ná déan ✗
<b>Bí</b> ag rothaíocht duine i ndiaidh an duine agus tú ag scoitheadh.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht nó ná déan iarracht dul ar rothar agus tú faoi thionchar alcóil nó drugaí.
<b>Fág</b> spás breise ag dul thar feithiclí páirceáilte amach mar go bhféadfadh go n-osclofaí na doirse go tobann.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht ar chosán ná trasna chosán, seachas nuair atá raon rothaíochta curtha ar fáil ar chosán.
<b>Téigh</b> ag rothaíocht sna raonta rothaíochta nuair a bhíonn siad ar fáil.	<b>Ná</b> beir ar fheithicil atá ag gluaiseacht ag am ar bith.
<b>Téigh</b> ag rothaíocht i líne shingil más amhlaidh go ndéanfadh rothaíocht taobh le taobh trácht eile nó coisithe a chur i mbaol, go gcuirfí isteach orthu nó go ndéanfaí iad a bhlocáil.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht taobh le taobh le níos mó ná rothaí amháin ag am ar bith.
<b>Téigh</b> ag rothaíocht i líne shingil nuair a bhíonn go leor tráchta ann.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht ag am ar bith in aghaidh an tráchta ar shráideanna aontreo.
<b>Tabhair</b> d'ainm agus do sheoladh do Gharda má iarrann sé ort é.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht trí shoilse tráchta ná soilse coisithe atá dearg.
<b>Tabhair</b> aird ar chomhartha a thugann Garda nó maor scoile.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht ar mhótarbhealach an am ar bith.
<b>Tabhair</b> aird ar gach rial a bhaineann le comharthaí tráchta bóthair agus le marcanna bóthair, lena n-áirítear fógraí agus comharthaí ag soilse tráchta, trasrianta coisithe, trasrianta peileacánacha, crosairí comhréidh agus trasrianta síogacha.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht i lána bus in aghaidh an tráchta ag am ar bith, mura n-údaraíonn na comharthaí é.
<b>Bíodh</b> na comharthaí láimhe do rothaithe ar eolas agat agus bain úsáid astu agus tú ag rothaíocht.	<b>Ná</b> téigh ag rothaíocht ag am ar bith gan na soilse cuí i rith uaireanta an dorchadais.

## Cionta rothaíochta a áirítear i gcóras na muirear seasta


Cur síos ar an gcion	Muirear seasta
Rothaí ag tiomáint rothar cos gan breithniú réasúnach	€40
Gan an lampa tosaigh nó an lampa deiridh a bheith ar siúl le linn uaireanta soilsithe ar rothar cos	€40
Rothaí ag leanúint ar aghaidh isteach i sráid nó limistéar do choisithe	€40
Rothaí ag leanúint ar aghaidh trí na soilse tráchta cé go bhfuil an solas dearg lasta	€40
Rothaí ag mainneachtain stopadh do chomhartha Maoir Scoile	€40
Rothaí ag leanúint ar aghaidh thar an líne stop, bacainn nó leathbhacainn ag crosaire comhréidh iarnróid, droichead lúdrach nó droichead ardaithe, nuair atá na soilse dearga ag dul ann agus as.	€40

Léirítear sa tábla thíos liosta na mbeart **ar chóir** a dhéanamh nó a sheachaint, ar mhaithe le do shábháilteacht féin agus sábháilteacht lucht úsáidte bóithre eile.

Déan ✓	Ná déan ✗
<b>Coinnigh</b> siar go maith agus tú ag rothaíocht taobh thiar de mhótarfheithicil i dtrácht atá ag gluaiseacht go mall.	<b>Ná</b> beir ar ná luí in aghaidh feithiclí atá ina dtost.
<b>Bí</b> cúramach ar bhóithre atá fliuch agus a bhfuil oighir orthu nuair a bhíonn sé gaofar.	<b>Ná</b> téigh isteach agus amach idir trácht atá ag gluaiseacht.
<b>Úsáid</b> do chloigín mar fhearas rabhaidh amháin.	<b>Ná</b> hiompar paisinéir ag am ar bith mura bhfuil do rothar tógtha nó oiriúnaithe go speisialta le duine a iompar.
<b>Bí</b> cúramach agus breathnaigh go maith amach romhat do dhromchlaí bóthair míchothroma, do dhraenacha agus do bhacainn eile sa chaoi is nach mbíonn ort scinneadh go tobann roimh fheithicil eile.	<b>Ná</b> húsáid córas siamsaíochta pearsanta ag am ar bith agus tú ag rothaíocht.
<b>Úsáid</b> lána bus agus bí thar a bheith aireach nuair a bhíonn bus stoptha agus ar tí gluaiseacht ar aghaidh ón stad.	<b>Ná</b> húsáid fón póca ag am ar bith agus tú ag rothaíocht.

## Rothaithe ar thimpeallán

- Bí cúramach go háirithe agus tú ag déanamh ar thimpeallán. Bí ar an eolas go mb'fhéidir nach bhfeicfeadh tiománaithe tú go héasca.
- Bí ag faire amach d'fheithiclí a thrasnaíonn romhat agus iad ag fágáil nó ag dul isteach ar an timpeallán.
- Déan cúram breise agus tú ag rothaíocht thar bhealaí amach.
- Tabhair neart spáis d'fheithiclí fada ar an timpeallán, mar go dteastaíonn níos mó spáis uathu. Ná téigh ag rothaíocht san áit a bheidh ag teastáil uathu agus iad ag dul timpeall ar an timpeallán. Bí ar an eolas faoi chaochspotaí an tiománaí. Mura féidir leatsa an tiománaí a fheiceáil ní féidir leis tusa a fheiceáil. D'fhéadfadh go mbeadh sé níos sábháilte fanacht go mbíonn an timpeallán curtha de aige sula dtéann tusa isteach ann.



Cuid 18:

## Rialacha do choisithe

Bás choisithe is cúis le 1 as 5 bás ar na bóithre. Clúdaítear sa chuid seo na rialacha a bhaineann le siúl ar bhóithre agus iad a thrasnú.

Is é an riall is tábhachtaí do choisithe ná iad féin a iompar go freagrach, a bheith cúramach agus gan cur isteach ar lucht úsáidte bóithre eile nó iad a chur i mbaol.

### Ag siúl in aice an bhóthair nó ar an mbóthar

- Má tá cosán ann **ní mór** duit é a úsáid.
- Mura bhfuil cosán ann, **ní mór** duit siúl chomh gar agus is féidir do thaobh na láimhe deise den bhóthar (beidh d'aghaidh ar an trácht atá ag déanamh ort).
- Ná bíodh níos mó ná beirt ag siúl le taobh a chéile ag aon am amháin. Má tá an bóthar cúng nó má tá go leor tráchta air, **ba chóir** duit siúl i líne shingil.
- **Ba chóir** duit éadaí ard-infheictheachta agus geala a chaitheamh i rith an lae agus éadaí frithchaiteacha a chaitheamh i gcónaí san oíche agus tú ag siúl lasmuigh de limistéir fhoirgnithe.
- **Ba chóir** duit tóirse a iompar i gcónaí agus tú ag siúl san oíche.
- **Ba chóir** duit a bheith ar an eolas faoi lucht úsáidte bóithre eile i gcónaí.

### Ag trasnú an bhóthair

Lean na treoracha thíos lena chinntiú go dtrasnaíonn tú an bóthar go sábháilte.

Déan ✓	Ná déan ✗
<b>Lorg</b> áit shábháilte le dul trasna.	<b>Ná</b> trasnaigh ag coirnéal nó ag casadh ar an mbóthar.
<b>Stop agus fan</b> gar do chiumhais an chosáin. Mura bhfuil aon chosán ann seas gar de chiumhais an bhóthair.	<b>Ná</b> trasnaigh gar do bharr cnoic.
<b>Breathnaigh</b> ar dheis agus ar chlé agus cuir cluas ort féin don trácht.	<b>Ná</b> trasnaigh gar d'fheithiclí páirceáilte nó lámh leo.
<b>Scaoil</b> trácht ar bith a thagann ó cheachtar treo tharat, ansin breathnaigh ar dheis agus ar chlé arís.	<b>Ná</b> trasnaigh áit a bhfuil ráillí cosanta feadh an chosáin.

### Déan ✓

**Siúl** go gasta díreach trasna an bhóthair nuair atá sé glan.

**Coinnigh** ort ag faire amach do thrácht agus ag éisteach lena aghaidh agus tú ag trasnú.

### Ná déan ✗

**Ná** beir ar fheithiclí atá ag gluaiseacht nó ná léim isteach iontu.

**Ná** rith trasna an bhóthair.

## Bí airdeallach in aice le busanna agus le tramanna

Bí an-chúramach má tá tú ag trasnú an bhóthair san áit a bhfuil lána bus (go háirithe lána bus in aghaidh an tráchta), raon rothaíochta nó tramrian. **Ba chóir** duit a bheith cúramach freisin agus tú ag dul isteach nó amach as busanna agus tú ag trasnú an bhóthair ag stad an bhus nó gar dó.

### CUIMHNIGH

Ná trasnaigh an bóthar os comhair bus atá stoptha ag am ar bith.

## Áiteanna a bhfuil sé sábháilte an bóthar a thrasnú

Bain úsáid as na háiteanna seo a leanas chun an bóthar a thrasnú go sábháilte.

### Trasrian síogach

Tá sé seo marcáilte le rabhcháin ghealánacha buí. Tá an limistéar inar féidir an bóthar a thrasnú marcáilte le straidhpeanna ‘séabra’ dubh agus bán.



**Ní mór** do thiománaithe stopadh chun go mbeidh tú in ann dul trasna. Agus iad ag déanamh ar an trasrian **ba chóir** dóibh moilliú agus a bheith réidh le stopadh. **Ní mór** dóibh stopadh taobh thiar den líne stoptha má tá ceann ann agus **níor chóir** dóibh dul isteach ar aon chuid den trasrian.


**Níor chóir** do thiománaithe scoitheadh ná páirceáil laistigh de na limistéir a bhfuil na marcanna fiarlánacha ar dhá thaobh an trasriain. Tá tuilleadh eolais le fáil i gCuid 10 faoi pháirceáil.

- Níl ceart slí agat ar an trácht go dtí go leagann tú cos ar an trasrian. Ná seas ar an trasrian riamh má tharlaíonn sé go mbeidh ar an tiománaí na coscáin a bhrú nó casadh uait go tobann.
- **Níor chóir** duit trasnú laistigh den limistéar atá marcáilte ag línte fiarlánacha bána má tá siad sin ar fáil ar dhá thaobh trasriain shíogaigh. Mura bhfuil siad ar fáil **níor chóir** duit trasnú taobh istigh de 15 méadar ón trasrian.
- Má tá oileán lárnach ann, caith le gach taobh mar thrasrian ar leith.
- Bí ar an airdeall i gcónaí do thrácht atá ag teacht i do choinne. Cuir cos amháin ar an trasrian lena léiriú go bhfuil tú ag iarraidh an bóthar a thrasnú. Fan go mbeidh an trácht stoptha sula dtosaíonn tú ag dul trasna.

## Soilse coisithe

Áirítear ar shoilse coisithe soilse tráchta do thiománaithe agus comharthaí solais do choisithe. De ghnáth bíonn cnaipe le brú ag coisithe. Tar éis duit an cnaipe a bhrú, iompóidh an solas dearg go gairid ina dhiaidh sin.

- Ná téigh trasna fad is a bhíonn an solas ‘fan’ nó an ‘fear dearg’ ar taispeáint.
- Trasnaigh go cúramach nuair atá ‘trasnaigh anois’ nó an ‘fear glas’ ar taispeáint.
- Má tá oileán lárnach ag na soilse coisithe ní ligfidh comhartha ‘an fhir ghlais’ nó ‘trasnaigh anois’ duit ach dul chomh fada leis. **Ní mór** duit an cnaipe a bhrú ansin ar shoilse eile chun an chuid eile den bhealach a thrasnú.
- D’fhéadfadh go mbeadh comhartha blípe inchloiste nó painéal creathach ar an gcnaipe do choisithe a bhfuil radharc easnamhach acu lena léiriú cén uair a bheadh sé sábháilte dul trasna.



## Trasrian peileacánach

Ag an trasrian seo beidh solas gealánach ómrach ann ar feadh tréimhse ghairid tar éis don solas dearg do thiománaithe imeacht as. Ar an gcaoi chéanna, beidh solas ‘an fhir ghlais’ do choisithe gealánach ar feadh tréimhse ghairid sula n-athraíonn sé go dtí solas ‘an fhir dheirg’. Tugann solas gealánach ómrach ag trasrian peileacánach tosaíocht do choisithe ar an trasrian.




## Soilse tráchta

Má bhíonn tú ag trasnú ag soilse tráchta, ach nach bhfuil aon chomharthaí ann do choisithe, seiceáil na soilse sa dá threo. Nuair a bhíonn an trácht ar an mbóthar gur mian leat a thrasnú faoi réir ag solas dearg, trasnaigh go cúramach. Bí san airdeall do thrácht a d'fhéadfadh a bheith ag casadh isteach ar an mbóthar gur mian leat a thrasnú agus cuimhnigh go gceadaíonn soilse tráchta áirithe don trácht dul ar aghaidh i roinnt lánaí nuair a bhíonn lánaí eile stoptha. Bí cúramach go háirithe ag aomhail le scaglánaí.

## Áiteanna trasnaithe neamhrialaithe

Go ginearálta is limistéir roinnte ainmnithe den bhóthar iad áiteanna trasnaithe neamhrialaithe (trasrianta cúirtéise) Is píosaí bóthair iad seo a bhíonn daite, ardaithe de bheagán nó ar a mbíonn duirleogaíocht phatrúnaithe agus **ba chóir** go mbeadh tiománaithe ar an airdeall maidir leis na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do choisithe atá ag teacht gar dóibh nó atá ag trasnú orthu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird chomh maith nach bhfuil ceart slí go huath-oibríoch ag coisithe nuair atá siad ag úsáid na dtrasrianta seo. Ní mór do choisithe a bheith ar a n-airdeall go bhféadfadh an trácht teacht ón dá threo go tobann.



## Coisithe

**Níor chóir** do choisithe dul isteach in áiteanna trasnaithe neamhrialaithe (trasrian cúirtéise) ach sa chás go bhfuil siad cinnte go bhfuil an trácht ar fad ábalta iad a fheiceáil agus iad ag trasnú an bhóthair.

## Tiománaithe

**Ba chóir** do thiománaithe atá ag dul isteach in áiteanna trasnaithe neamhrialaithe (trasrian cúirtéise) tiomáint go mall agus a bheith ar an airdeall maidir leis na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair atá coisithe ag trasnú sna háiteanna sin.

Is féidir oileán tráchta a chur ar fáil chun cuidiú le coisithe. Is áiteanna níos sábháilte iad seo le trasnú toisc go bhfuil an trasrian roinnte ina dhá chuid.

Ná trasnaigh an bóthar sa limistéar chun tosaigh ar thrucail. Is caochspota tiománaí trucaile é seo.

### CUIMHNIGH

Mura féidir leatsa an tiománaí a fheiceáil, ní féidir leisean tusa a fheiceáil ach an oiread.

Cuid 19:

## Meas a bheith agat ar lucht úsáidte bóithre eile

Tá an chuid seo dírithe ar thiománaithe mótarfheithiclí agus tá sé sa mbreis ar an eolas atá i gCuid 5 ar dhea-chleachtas tiomána.

Níl níos mó de cheart slí ag d'fheithicil ná mar atá ag aon úsáideoir bóthair eile, mar sin, ar chúiseanna sábháilteachta, **ba chóir** duit tiomáint go cosantach. Ciallaíonn sé seo a bheith ag súil leis an rud gan choinne agus bealach a fhágáil ag úsáideoirí bóthair eile nuair is gá.

Ar chuid de na bearta a bhféadfadh go mbeadh ort a dhéanamh i ngnáthchúinsí áirítear:

- géilleadh d'otharcharr, d'inneall dóiteáin nó d'fheithicil de chuid na nGardaí;
- a bheith ag faire amach agus ag stopadh do pháistí a thagann amach idir carranna; agus
- fanacht go mbeidh feithicil tar éis tús a chur lena casadh ar chlé sula dtarraingíonn tú amach as taobh-bhóthar.

Chun a chinntiú go bhfuil gach úsáideoir bóthair sábháilte, bí ar an eolas faoi do chuid freagrachtaí i leith:

- coisithe, leanaí, daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas agus úsáideoirí cathaoireacha rothaí;
- rothaithe agus gluaisrothaithe; agus
- aon trácht ainmhithe ar an mbóthar.

Cuidíonn sé seo le tiománaithe a bheith níos sábháilte agus níos freagraí go sóisialta, ní hamháin dóibh féin ach dá dteaghlach agus d'úsáideoirí bóthair eile.

## Coisithe

Mar thiománaí, **níor chóir** duit coisí a chur i mbaol. **Ní mór** duit géilleadh do choisithe go háirithe:

- ar nó ag trasrian síogach (fiú mura mbíonn siad ach ag fanacht le dul trasna);
- ar nó ag trasrian peileacánach, nuair a bhíonn an solas ómrach gealánach;
- agus iad ag trasnú an bhóthair má bhíonn tusa ag gluaiseacht leat ó shuíomh seasta (mar shampla ag solas tráchta nó spás tarrthála), agus
- ag acomhal, má tá siad tosaithe ag trasnú an bhóthair.

Bí ag faire amach do choisithe a d'fhéadfadh siúl amach idir feithiclí páirceáilte agus iarracht a dhéanamh an bóthar a thrasnú go tobann. Bí an-airdeallach ar dhaoine atá níos sine, daoine faoi mhíchumas agus leanaí go háirithe. Bí san airdeall ar choisithe atá ag siúl chuig busanna agus ag teacht uathu.

## CUIMHNIGH

Is cion é feithicil a thiomáint ar feadh cosáin nó ar chosán, mura bhfuil tú ag trasnú an chosáin le dul isteach nó le teacht amach as foirgneamh nó áit eile lámh leis.

## Leanaí

Tá níos lú taithí ag leanaí ar úsáid an bhóthair seachas daoine eile, mar sin **ba chóir** duit a n-iompar a chur san áireamh.

Tabhair aire agus tú:

- ag tiomáint lámh le cosáin áit a bhfuil leanaí óga;
- ag tarraingt amach as taobh-bhealach nó as cabhsáin;
- ag tiomáint i gcarrchlóis, agus
- ag cúlú, go háirithe nuair a bhíonn leanaí óga i láthair. Ní féidir páiste beag a fheiceáil laistiar de d'fheithicil sa scáthán ná sa chúlphuinneog. Má bhíonn amhras ort, téigh amach agus seiceáil.

## Scoileanna

Ná páirceáil ag bealach isteach chuig scoil. Féadfaidh páirceáil mhístuama mearbhall a chur ar thuismitheoirí agus ar a leanaí an bealach isteach nó amach chuig an scoil a bhlocáil. Féadfaidh sé freisin leanaí a chur amach ar an mbóthar mar go gcaithfidh siad dul thimpeall ar fheithicil atá sa mbealach.

Is cion é má bhlocálann d'fheithicil cosán nó raon rothair.

**Ba chóir** duit freisin a bheith cúramach gar do bhusanna scoile, go háirithe agus tú ag dul amach thar bhus a bhfuil leanaí ag dul isteach uirthi nó amach di. Bíonn busanna scoile marcáilte go soiléir le greamáin.

Ná bíodh aon ábhar amhrais ann. Má fheiceann tú leanaí scoile, go háirithe leanaí óga, féadfaidh tú an bonnán a shéideadh le cur in iúl dóibh go bhfuil tú ann.



Bí cúramach gar do pháistí atá ag rothaíocht. Bí thar a bheith cúramach gar do scoil áit a bhféadfadh rothaithe teacht amach ina ngrúpaí. Cuimhnigh go bhfuil sé deacair cothromaíocht agus iompar rothaí óig a thuar.

## Maor scoile

Cuireann maor scoile lánfhásta áiteanna sábháilte leis an mbóthar a thrasnú ar fáil do pháistí lasmuigh nó gar do scoileanna. Bíonn agus cóta mór orthu a bhfuil ábhar frithchaiteach ann. Bíonn comhartha speisialta ar iompar ag maor agus tá cead acu de réir an dlí an trácht a stopadh.

Nuair a ardaíonn maor an comhartha 'Stop' (a léirítear thíos ar chlé), ní mór duit stopadh agus fanacht go dtí:

- go mbíonn na leanaí scoile imithe trasna an bhóthair;
- go n-íslítear an comhartha, agus
- go bhfuil an maor scoile fillte go sábháilte ar an gcosán.



## Maoir scoile shóisearacha

Is daltaí sinsearacha bunscóileanna iad maoir scoile shóisearacha a fheidhmíonn i bhfoirne de sheisear leis an tseirbhís chéanna a chuireann maor scoile lánfhásta ar fáil. Nuair is mian leo an trácht a stopadh, tugann siad comhartha don trácht ar dhá thaobh an bhóthair. Nuair a bhíonn an trácht stoptha, tógann na maoir a suíomh agus treoraíonn na leanaí níos óige trasna an bhóthair. **Ní mór** do gach feithicil fanacht ina stad go mbeidh na maoir shóisearacha go léir ar ais ar an gcosán.

Ná páirceáil ag am ar bith in áit a bhlocálann radharc an mhaoir. **Ní mór** do na maoir scoile a bheith in ann an bóthar a fheiceáil go soiléir lena gcuid oibre a dhéanamh i gceart agus go sábháilte.



## Rothaithe agus gluaisrothaithe

Ná cuir rothaí nó gluaisrothaí i mbaol ag am ar bith agus bí ar an eolas faoi do dhualgas a bheith feasach orthu. Bíonn siad thar a bheith leochaileach má bhíonn tuairt ann.

Bí ag faire amach do rothaithe agus do ghluaisrothaithe go háirithe:

- ag aomhail;
- san áit a shnoíonn raonta rothair isteach ar bhóithre;
- nuair a athraíonn tú lána;
- nuair a osclaíonn tú do dhoras le héirí amach as feithicil;
- nuair a bhíonn tú ag stopadh agus ag casadh, go háirithe nuair a bhíonn tú ag casadh ar chlé, agus
- ag cúlú.

Is é an bealach is fearr le bheith cúramach in aice le rothaithe agus le gluaisrothaithe ná úsáid a bhaint as na scátháin agus caochspotaí a athsheiceáil.

## Scoitheadh

Ná tarraing isteach roimh rothaithe ná gluaisrothaithe agus tú ag dul thart orthu. Tabhair neart spáis dóibh, go háirithe:

- nuair atá sé fliuch agus gaofar;
- nuair atá oighear ar na bóithre;
- nuair a thosaíonn siad ag gluaiseacht. Bíonn claonadh ag rothaithe a bheith creathánach go dtí go gcuireann siad lena luas, agus
- nuair a bhíonn drochdhromchla ar an mbóthar. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar rothaithe agus ar ghluaisrothaithe poill sa bhóthar a sheachaint.

## Casadh ar chlé


Ar chasadh ar chlé duit, bí ag faire amach do rothaithe agus do mhóipéidí gar den chiumhais os do chomhair amach nó a bheidh ar thaobh do lámhe clé (go háirithe má tá raon rothar ar thaobh na lámhe clé). Ná téigh amach thar rothaí agus tú ag déanamh ar acomhal má tá tú ag casadh ar chlé. D'fhéadfadh sé go mbeadh an rothaí ag dul díreach ar aghaidh.

## Casadh ar dheis

Ar chasadh ar dheis trí bhearna sa trácht ag teacht i do choinne (mar shampla ag acomhal bosca bhuí), bí ag faire amach do rothaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teacht suas leat ar an taobh istigh nó ag gluaiseacht i lána rothaíochta nó bus ag dul sa treo eile ar an taobh thall den bhóthar. Bain úsáid freisin as na scátháin le seiceáil do ghluaisrothaithe a d'fhéadfadh a bheith ag dul amach tharat agus tú ag déanamh ar an gcasadh.

## Raonta rothaíochta agus páirceáil

Ná páirceáil agus ná tiomáin ar raonta rothaíochta. Sula n-osclaíonn tú doras fheithicil atá páirceáilte, úsáid na scátháin le seiceáil do rothaithe agus do ghluaisrothaithe ag teacht ar thaobh do lámhe deise agus tabhair an dóthain spáis dóibh le dul tharat.



## Trácht ainmhithe

Moilligh i gcónaí agus bí réidh le stopadh nuair a bheid tú ag dul i dtreo ainmhithe nó ag dul thart orthu. Má thugann duine atá i bhfeighil ainmhithe comhartha duit le moilliú nó le stopadh **ní mór** duit aird a thabhairt orthu. Seachain an bonnán a shéideadh má bhíonn ainmhithe amach romhat mar go mb'fhéidir go scanrófá iad.

Má bhíonn tú ag taisteal ar bhóthar a mbíonn ainmhithe air go minic, feicfidh tú comhartha rabhaidh ar nós é seo a leanas.



Eallach agus  
ainmhithe feirme



Fianna nó  
ainmhithe fiáine



Caoirigh



Capaill

Cuid 20:

## Úsáideoirí bóthair eile

### Feithiclí seirbhísí éigeandála

Agus iad i mbun a gcuid dualgas, féadfaidh Garda, feithiclí na briogáide dóiteáin nó otharcharranna agus feithiclí éigeandála eile díolúine a bheith acu ó roinnt gnéithe den dlí um thrácht ar bhóithre fad is nach gcuireann sé seo úsáideoirí bóthair eile i mbaol. Mar úsáideoir bóthair, má chloiseann tú nó má fheiceann tú feithicil de chuid an Gharda Síochána nó feithicil éigeandála ag teacht i do choinne faoi chúinsí éigeandála agus bonnán nó soilse gealánacha in úsáid, **ba chóir** duit a bheith cúramach agus géilleadh má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh. Ná déan ‘dranntiomáint’ ar fheithicil seirbhíse éigeandála riamh (féach leathanaigh 164–165).

### Daoine agus innealra talmhaíochta in úsáid acu

#### Tarracóirí

Tá tarracóirí faoi réir ag gnáthdhlíthe um thrácht ar bhóithre maidir le ceadúnú tiomána, árachas, mótarcháin agus soilsíú feithicle.

**Ní mór** do gach tarracóir a úsáidtear in áit phoiblí a bheith feistithe le frámaí sábháilteachta. Is é aidhm an fhráma cosaint a thabhairt don tiománaí sa chaoi is nach mbrúitear faoin tarracóir é má iompaíonn sí bun os cionn. **Ní mór** don fhráma caighdeáin fhaofa a chomhlíonadh.

Is faoin úinéir nó faoin tiománaí é cábán sábháilteachta a chur ar tharracóir.

**Ní mór** do thiománaithe tarracóirí ábhar scaoilte mar shadhlas, sciodar, gaineamh nó gairbhéal a iompar go cúramach sa gcaoi is nach sceitheann an t-ábhar ar bhóthar poiblí agus go mbeadh sin ina chúis tuairte. **Ní mór** d’ualaí aoil nó ábhair deannachúil eile, conamar nó ábhar urghrána eile a bheith clúdaithe go hiomlán le tarpól.

**Níor chóir** d’fheirmeoirí a úsáideann tarracóirí agus leantóirí talmhaíochta chun táirgí talmhaíochta a iompar:

- frámaí rí-arda a úsáid ar leantóirí a d’fhéadfadh cobhsaíocht, stiúradh agus coscánú comhghléas tarracóra agus leantóra talmhaíochta a chur i gcontúirt, nó
- an t-uasmhéachan atá ceadaithe go dleathach do chomhghléas nó ollmhéachan ceaptha feithicle a shárú.

Féach ar láithreán gréasáin an RSA, [www.rsa.ie](http://www.rsa.ie), chun tuilleadh eolais a fháil.

## Tabhair ar aird le do thoil:

